

# Tuarascáil Bhliantúil 2021

## Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

BIA SÁBHÁILTE AGUS IONTAOFA DO CHÁCH



# Clár na n-ábhar

Ráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	2	Aguisín 1: Baill Fhórait an tionscail	81
Forléargas ar Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann	6	Aguisín 2: Baill fhochoiste eolaíochta	83
Rialachas agus bainistíocht	19	Aguisín 3: Ráiteas bhaill an Bhoird'. Leasanna an Phríomhoifigigh	
Príomh-bhuaicphointí ghníomhaíochtaí an Údaráis	22	Feidhmiúcháin agus Chomhaltaí an Choiste Eolaíoch	86
• Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	28	Aguisíní 4: Beathaisnéisí na gComhaltaí Boird	88
• Gnóthaí Corparáideacha	33	Aguisín ar Ráitis Airgeadais Bhliantúla	94
• Beartas um Fhorfheidhmiú	36		
• Bainistíocht Riosca agus Cúrsaí Rialála	41		
• Iniúchóireacht agus Imscrúduithe	47		
• Caighdeáin agus Eolaíocht an Bhia	54		
Rialachas corparáideach	61		
Spricanna straitéiseacha agus an méid a baineadh amach	64		

## Don Aire Sláinte

Tá áthas ar an mBord a Thuarascáil Bhliantúil agus a chuntais don tréimhse 12 mí arna chríochnú 31 mí na Nollag 2021, a chur faoi bhráid an Aire Sláinte, de réir mír 25 d'Acht Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998.

**Martin Higgins**

**Dr Pamela A Byrne**

Cathaoirleach

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

**Cosnaímid tomhaltóirí agus ardaímid comhlíontacht trí chomhpháirtíocht, trí eolaíocht agus trí fhorfheidhmiú an dlí faoi bhia.**



# 2021 faoi athbhreithniú

22 bliain ag cosaint sláinte agus leasa tomhaltóirí



Baill foirne fós ag obair  
ón mbaile



171 Iniúchadh



13 Nochtadh cosanta.



227 Measúnaithe  
riosca



Caomhnú deimhniú ar  
an gcaighdeán ISO  
9001:2015.



59 Ordú um  
Fhorfheidhmiú



Tiomantas do  
chultúr agus do  
chuimsiú na foirne



Foilsiú taighde agus treoir  
den chéad scoth



Cruinniú oscailte an CCSB  
ar chultúr sábháilteachta  
bia a d'fhéach nach mór  
1,000 duine air



4,500 fógra ar  
fhorbhia tugtha don  
ÚSBÉ



775 aschur  
meáin



154 foláireamh bia  
agus ailléirgine bia

## Ráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



An Dr Pamela  
Byrne,  
Príomhoifigeach  
Feidhmiúcháin  
an ÚSBÉ



Martin Higgins,  
Cathaoirleach an  
ÚSBÉ

Le linn 2021, chuir Údarás Sábhálteachta Bia na hÉireann clár oibre suntasach ar fáil, deartha chun tomhaltóirí a chosaint. Bliain de dhiseanna agus nuálaíocht a bhí ann don Údarás, agus é de shíor ag iarraidh a chruth, córais agus próisis a fheabhsú, in ainneoin cé chomh éiginnte is a bhí cúrsaí. Chuir COVID-19 agus an Breatimeacht brú leanúnach ar an Údarás agus é ag iarraidh a fhís a bhaint amach maidir le ‘Bia sábháilte agus iontaofa do chách’. In ainneoin na ndúshlán seo, chuir foireann an ÚSBÉ clár oibre suntasach agus luachmhar ar fáil agus lean sé air ag cur a straitéis 2019-2023 i ngníomh; cuireadh an reachtaíocht shábhálteachta bia i bhfeidhm trí 59 Ordú Forfheidhmiúcháin a seirbheáladh do ghnólachtaí bia agus eisíodh 154 aistarraingt bia agus foláireamh bia ailléirgine; cuireadh 227 measúnú riosca ar bhia agus ar chomhábhar bia i gcrích; agus foilsíodh tuarascálacha eolaíochta. Lean an tÚdarás de bhearta ábhartha a bhaineann le Brexit a chur i bhfeidhm; thug sé treoir dá chomhpháirtithe rialála agus oibreoirí gnó bia; agus rinne sé iniúchtaí agus imscrúduithe. Ba é ár bpríomhfhócas ná cosaint a thabhairt do shláinte phoiblí, agus bhí sé ríthábhachtach sláinte agus sábhálteacht na foirne a chinntiú i gcomhthéacs dúshlánach na paidéime COVID-19, agus beidh sé seo mar phríomhfhócas dúinn amach anseo. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt dár bhfoireann chumasach as a ndíograis agus a ngairmiúlacht maidir le misean Údarás Sábhálteachta Bia na hÉireann a bhaint amach in 2021. Is gnéithe riachtanacha iad ár muintir, an Bord, ar gcoistí páirtithe leasmhara agus ár gcomhpháirtithe rialála i gcóras rialaithe atá thar a bheith sofaisticiúil agus casta a chuireann ar chumas an Údaráis a shainordú dlíthiúil a chur i gcrích. Éilíonn athruithe ar aon leibhéal sa chóras sin ar an Údarás a bheith lúfar agus solúbtha ina chur chuige ach i gcónaí ag díriú ar ár bpríomh-mhisean, sé sin daoine – a sláinte agus a leasanna a chosaint i dtaobh an bhia. Ba mhian linn an deis seo a thógáil chun iad a mholadh as a dtiomantas don mhisean, in ainneoin na ndúshlán ar fad a bhí rompu i gcaitheamh na bliana. Ba mhian linn tiomantas na héarnálacha bia i leith sláinte bua i rith na Paidéime agus ina dhiaidh a mholadh.

Tá áthas orainn Tuarascáil Bhliantúil agus cuntais 2021 a chur i láthair. Léiríonn an tuarascáil seo an ról riachtanach atá ag an ÚSBÉ i gcosaint sláinte mhuintir na hÉireann agus dóibh siúd a itheann bia na hÉireann i 180 margadh timpeall an domhain.

Déanann an ÚSBÉ nuálaíocht leanúnach chun fanacht chun tosaigh ar an gcuar trí mheascán de dhaoine cumasacha, comhpháirtíochtaí, eolaíocht cheannródaíoch, sonraí tráthúla, cumhachtaí rialála, agus gníomhaíochtaí tógála comhlíonta chun sábháilteacht agus iontaofacht bia náisiúnta a choinneáil ar thús cadhnaíochta an chláir sláinte poiblí. Inár dTuarascáil Bhliantúil, ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don díograis, dua agus díocais a léirigh gach ball foirne aonair de chuid fhoireann Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Is saineolaithe iad ár mbaill foirne ina réimse fhéin, agus a bhuí leo go mbaintear spriocanna an ÚSBÉ amach. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghlacadh lenár gcomhpháirtithe seachtracha freisin. Tá buíochas nach beag ag dul do na daoine tiomanta sin go mairimid i dtír atá aitheanta mar cheann de na córais bhia is fearr ar domhan.

Mar cheann de na chéad gníomhaireachtaí bia ar domhan, tá sé ríthábhachtach go leanann an tÚdarás ar aghaidh lena dhul chun cinn trí úsáid a bhaint as cur chuige atá á threorú ag sonraí agus ag eolaíocht cheannródaíoch. Cosnaíonn sé seo tomhaltóirí ón tionchar a bhíonn ag bia mí-shábháilte agus neamhiontaofa a chuirtear ar an margadh. Cuireann na sonraí seo eolas faoi chinntí gnó, rud a laghdaíonn riosca do shláinte phoiblí. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt dár saineolaithe inmheánacha, do Choiste Eolaíoch an Údaráis, chomh maith le heolaithe agus saineolaithe

sábháilteachta bia náisiúnta agus idirnáisiúnta, as a gcuid oibre, a théann i gcion ar chinntí bainistíochta riosca náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá na sonraí, fianaise agus saineolas láidir a sholáthraíonn siad fíorthábhachtach chun sláinte phoiblí a chosaint.

Is príomhluachanna de chuid an Údaráis iad comhoibriú agus obair foirne, agus chun ár misean a chomhlíonadh oibrímid i gcomhar leis na gníomhaireachtaí oifigiúla agus i gcomhar le grúpaí eile, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá an tÚdarás freagrach de réir an dlí as maoirseacht agus comhoiriúniú a dhéanamh ar chóras rialaithe bhia oifigiúil na hÉireann - ón ngeata feirme go dtí an tomhaltóir. Tá sé seo curtha ar bhonn foirmiúil trí chonarthaí seirbhíse le 30 gníomhaireachtaí Stáit in Éirinn.

Trínár rannpháirtíocht lenár gcomhpháirtithe rialtais - An Roinn Sláinte, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus ár gconarthaí seirbhíse lenár gcomhpháirtithe rialála - Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Comhshaoil, an fhoireann sábháilteachta bia agus saotharlainne laistigh den Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, Seirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil, Foras na Mara, an Saotharlann Stáit agus An tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann; tugtar tosaíocht dár n-acmhainní ar aon dul leis na réimsí is mó riosca do shláinte an phobail. Tá tábhacht mór ag baint le comhthiomantas ár gcomhpháirtithe chun leanúint ar aghaidh ag soláthar na n-acmhainní chun a chinntiú go bhfuil córas láidir rialuithe bia i bhfeidhm in Éirinn chun tacú leis an Údarás a mhisean a bhaint amach. Leanfaimid ag obair leo chun feabhsuithe ar an gcóras

rialaithe bia a aithint, rud a chuirfidh Éire in áit láidir go hidirnáisiúnta maidir le bia sábháilte iontaoifa a sholáthar do chách. Rialaíonn agus maíonn an ÚSBÉ tionscal bia dinimiciúil, agus é mar chuspóir soiléir aige sláinte phoiblí agus leasanna na dtomhaltóirí a chosaint. Cuireann sé treoir do thionscal an bhia ar fáil chun an t-eolas is fearr atá ar fáil a thabhairt dóibh chun sláinte an phobail a chosaint agus chun comhlíonadh dlí an bhia a chinntiú. Trí shonraí a sholáthair na gníomhaireachtaí oifigiúla cigireachta dúinn, shainaithin an tÚdarás méadú 3% ar líon na ngnólachtaí bia in Éirinn in 2020. Tríd is tríd, in 2021 bhí 1,727 gnólacht bia breise in Éirinn i gcomparáid le 2020.

Tá an tÚdarás agus na gníomhaireachtaí oifigiúla freagrach freisin as an bhfianaise a sholáthar chun léiriú go bhfuil an tionscal ag comhlíonadh a oibleagáidí dlíthiúla. Is éard atá i gceist leis seo ná monatóireacht a dhéanamh ar éilleáin mhicribhitheolaíochta agus ceimiceacha; measúnuithe riosca a dhéanamh ar ghuaiseacha bia; iniúchadh a dhéanamh ar earnáil na seirbhíse bia, agus teagmhais bhia a bhainistiú i dtaca le deacrachtaí a tharla in Éirinn nó a d'eascair as tíortha eile de chuid an Aontais Eorpaigh. Déann an tÚdarás iniúchadh ar chóras rialála bia na hÉireann chun a chinntiú go bhfuil sé láidir agus comhlíontach i dtaca le reachtaíocht rialála bia na hEorpa. Téann na torthaí seo i gcion ar chinntí agus beartais náisiúnta agus idirnáisiúnta a mbíonn éifeacht acu ar shláinte agus folláine phoiblí.

Is mór an tsócmhainn é córas rialuithe oifigiúla atá bunaithe ar shonraí, neamhspleách, a bhfuil meas air a bheith curtha i bhfeidhm

againn. Tá sé ríthábhachtach chun tacú le sláinte agus leas sochaíoch na hÉireann, agus chun dul isteach i margaí nua agus chun margaí atá ann cheana a chaomhnú. Is obair leanúnach í ár n-obair mbainistíocht na dteagmhas bia. Le linn 2021, d'eisigh an tÚdarás 119 teagmhas bia agus 35 foláireamh bia agus ailléirgine, laghdú beag i gcomparáid le 2020. Dhéileáil sé freisin le 724 teagmhas bia. Bhí líon na ngearán ó thomhaltóirí faoibhia nó áitribh bia, lipéadú, agus ailléirginí níos airde ná 2020. In 2021, dhéileáil Comhairle Chomhairle an Údarais le 4,718 iarratas ó thionscal. Bhain roinnt de na fiosruithe coitianta le tús a chur le gnólacht bia, forlíontaí bia, riachtanais lipéadaithe bia, agus iarratais le haghaidh fhoilseacháin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

Cinntíonn ár ndlúthchaidreamh oibre leo siúd ag obair san earnáil sábháilteachta bia go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta gur féidir linn faisnéis chriticiúil a roinnt, a mhalartú agus a threisiú ar mhodh tráthúil mar a bhfuil riosca ann do thomhaltóirí ó bhia, a tháirgtear in Éirinn nó a iompórtáiltear isteach go hÉirinn. Cuireann comhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí amhail an Ghníomhaireacht Caighdeán Bia i dTuaisceart Éireann, Caighdeán Bia na hAlban, an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, agus ár gcomheagraíochtaí san Eoraip agus ar fud an domhain lenár gcumas rochtain a fháil ar fhaisnéis thráthúil, bheacht agus dhainic a chabhraíonn linn chun córais rialuithe fianaise-bhunaithe, den chéad scoth a chothabháil a sheasann aon mhionscrúdú. In 2020, chomhbhunaigh an tÚdarás Fóram na gCeann Idirnáisiúnta um Ghníomhaireachtaí Bia le comhghleacaithe ó Údarás Bia agus Druga na hAraibe Sádaí, agus

Gníomhaireacht Chaighdeáin Bhia na hAstráile/na Nua-Shéalainne. Lean an grúpa orthu ag teacht le chéile go fíorúil le linn 2021. Lena chois sin, lean an tÚdarás lena ról rúnaíochta maidir le Cinn um Ghníomhaireachtaí Bia na hEorpadon tréimhse 2020-2022. Cuireann sé seo, mar son lenár rannpháirtíocht ar leibhéal AE, lenár gcumas ról lárnach a bheith againn maidir lenár tionchar ar shábháilteacht bia san AE agus níos faide i gcéin.

Lean ár bhfoireann i nGnóthaí Corparáideacha ag tacú leis an Údarás a obair a chur i gcrích i 2021. In ainneoin an fhoireann a bheith ag obair ón mbaile, lean an tÚdarás ar aghaidh le clár oibre chun cultúr ionchuimsitheach, chomhoibríoch agus ardfheidhmíochta an Údaráis a fheabhsú in ainneoin phaindéim COVID-19. Leanamar orainn ag cur deiseanna forbartha pearsanta agus gairmiúla ar fáil d'fhoireann an Údaráis. Ina theannta sin, bunaíodh coiste nua chun ár gcur chuige a leabú maidir le bheith inár n-eagraíocht chothrom, chothromasach agus thrédhearcach a bhfuil meas aici ar éagsúlacht agus a oibríonn lena chinntiú go mbraitheann gach ball den fhoireann go bhfuil siad lárnach san obair thábhachtach a dhéanaimid. Bhí obair chrua agus dúthracht ár ngrúpaí coiste foirne ina gcuid lárnach de seo a choinnigh an eagraíocht nasctha le bliain anuas, trí chlubanna leabhar fíorúla; tráth na gceist; sos caife; ióga agus rásaí sealaíochta fíorúla. Níl margadh ann in aon áit do bhia mí-shábháilte - mura bhfuil sé sábháilte, ní bia é. Ní mór do shábháilteacht a bheith ina tosaíocht do gach duine bainteach le córas bia na hÉireann. Tá cáil ar Éirinn go hidirnáisiúnta mar 'oileán bia' toisc go soláthraíonn sé bia do 180 margadh timpeall an domhain. Braitheann an clú domhanda atá

orainn mar tháirgeoir bia sábháilte agus iontaofa ar comhlíonadh láidir ag gnólachtaí bia leis an dlí, agus cé go bhfuil cultúr sábháilteacht bia maith ag formhór na ngóthaí bia in Éirinn, ní féidir linn ár maidí a ligean le sruth agus sinn ag iarraidh dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le cinntiú go bhfuil bia sábháilte i gcóras bia atá ag trádáil go domhanda, i bpaindéim dhomhanda sláinte, agus i dtírdhreach geo-polaitiúil atá ag athrú Ba mhaith leis an mBord agus an Feidhmeannach aitheantas a thabhairt dá gcomhghleacaithe a ndeachaigh ar scor le linn na bliana, tar éis dóibh blianta fada a chaitheamh le hearnáil na sábháilteachta bia - Ray Ellard, John Matthews agus Dorothy Guinan Dornan. Ar deireadh ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár

gcomhghleacaithe sa Roinn Sláinte go háirithe an tAire agus an fhoireann san Aonad Bia as a dtacaíocht leanúnach gan staonadh i rith 2021 agus tionchar Brexit a bhainistiú. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis an Aire Sláinte, Stephen Donnelly, TD; leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, TD; agus le foirne a Ranna faoi seach. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcomhaltaí Boid freisin, an Coiste Eolaíoch, leis an gComhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia, agus le fóraim an tionscail agus muid ag obair chun ár straitéis nua a chur i bhfeidhm sna 2 bliana atá romhainn.

**Martin Higgins**



Cathaoirleach

**Dr Pamela A Byrne**



An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

## Forléargas ar Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

Bunaíodh an tÚdarás in 1998 faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 mar ghníomhaireacht neamhspleách de chuid an Rialtais a bhfuil an fhreagracht air an dlí faoi bhia a fhorfheidhmiú in Éirinn. Achtaíodh an tAcht sin i mí Iúil 1998 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 1999.

Comhlacht forfheidhmiúcháin rialála náisiúnta reachtúil, neamhspleách agus bunaithe ar eolaíocht is ea an tÚdarás, atá tiomanta don tsláinte phoiblí agus leasanna tomhaltóirí a chosaint i réimsí na sábháilteachta agus an tsláinteachais bia, an ionracais agus na barántúlachta.. Tuairiscíonn sé don Aire Sláinte, a cheapann Bord 10 gcomhalta. Tá Coiste Eolaíoch 14 chomhalta aige chomh maith (arna gceapadh ag an Aire Sláinte) a chuidíonn leis an mBord agus a thugann comhairle dó. Dá bharr sin, déantar cinntí a bhaineann le sábháilteacht bia, sláinteachas agus ionracas trí úsáid a bhaint as an gcomhairle agus as an eolas is déanaí agus is fearr atá ar fáil.

Cinntíonn sé seo go bhfuil rochtain ag pobal na hÉireann, mar aon le tomhaltóirí bhia na hÉireann in 180 tír ar fud an domhain, ar sholáthar sábháilte bia agus

iontaofa. Glacann an ÚSBÉ gach céim réasúnach chun go mbainfidh bia a itear, a tháirgtear, a dháiltear nó a ndéantar margaíocht air in Éirinn na caighdeáin is airde atá ar fáil amach maidir le sábháilteacht bia agus sláinteachas, agus chun a chinntiú go gcomhlíonann bia riachtanais dhlíthiúla nó, nuair is cuí, le cóid shainaitheanta dea-chleachtais.

Tá gníomhaíochtaí an Údaráis lárnach maidir le taca a chur faoi shláinte shocháíoch agus fás geilleagrach na hÉireann.



### Ag cur taca faoi shochaí shláintiúil agus geilleagar feidhmiúil.

Bunús sochaí sláintiúla agus geilleagair fheidhmiúil is ea daoine sláintiúla ag déanamh cinntí feasacha i dtaca leis an mbia a itheann siad. *Sainaitheann Ráiteas Straitéise na Roinne Sláinte 2021-2023* an tábhacht a bhaineann le creata dlíthiúla iomchuí, beartais fhadhbheathnaitheacha agus struchtúir chomhtháite chun na caighdeáin is airde a bhaint amach ó thaobh sábháilteacht bia agus chun cuspóir foriomlán na Roinne Sláinte a bhaint amach maidir le feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine phobal na hÉireann.

D'fhéadfadh bia dainséarach fíor-dhrochéifeachtaí sláinte ainsealacha a bheith aige, agus bíonn Lena chois sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh éifeacht ag



iarmhairtí bia-nimhithe ar an ngeilleagar ar bhonn sochaíoch de bharr nach bhfuil daoine ábalta bheith ag obair, agus de bharr cúram sláinte agus costais leasa shóisialaigh freisin. Maíonn an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) gur bia contúirteach is cúis le 600 milliún cás de ghalair bhia-iompartha agus le 420,000 bás gach bliain. Ceaptar go dtagann tinneas ar dhuine as deichniúr i ndiaidh dóibh bia truailithe a ithe ar fud an domhain. Meastar go gcailltear 33 milliún bliain i gcás beathaí sláintiúla gach bliain ar fud an domhain de dheasca bia contúirteach a ithe. Dá bharr sin, ciallaíonn soláthar bia níos sábháilte feabhsuithe i mbeatha daoine in Éirinn trí rátaí tinnis laghdaithe, costais sláinte agus leasa níos ísle, agus táirgiúlacht gheilleagrach mhéadaithe.

Is é déantúsaíocht an bhia agus na ndeochanna an earnáil dhúchasach is mó in Éirinn, le láimhdeachas meánach bliantúil dar luach €27.5 billiún. Dar leis an RTBM, is ionann fostaíocht san earnáil agraibhia agus 7.7% den fhostaíocht iomlán in Éirinn. Seo 6.7% de Oll-ioncam

Náisiúnta leasaithe agus 9.5% d'easpórtálacha iomlána marsantaithe. Léiríonn sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh go bhfuil earnáil an bhia agus na dí i gceist le 19% den láimhdeachas tionscail ar fad agus 21% de den láimhdeachas tionscail déantúsaíochta ar fad.

Easpórtálann Éire thart ar 90% dá táirgeadh bia agus dí. Bhí luach €13.5 bhilliún ar easpórtálacha bia agus dí na hÉireann in 2021, ar mhéadú 4% é i gcomparáid le 2020. Tháinig méadú €4.9 billiún (61%) ar easpórtáil bia agus deochanna idir 2010 agus 2020. Tá seasamh suntasach ag Éirinn fós i margadh na Ríochta Aontaithe, i margaí de chuid an Aontais Eorpaigh, agus i margaí idirnáisiúnta. Dar le Bord Bia, in 2021, Chuaigh 34% d'easpórtáil bia agus dí na hÉireann chuig margaí idirnáisiúnta lasmuigh den AE agus den RA, agus chuaigh 33% chuig an AE, agus 33% chuig an RA. In 2016, chuaigh 32% d'easpórtáil go margaí idirnáisiúnta, 31% chuig an AE agus 37% chuig an RA.

Cuireann tiomantas Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann i dtaca le forbairt comhlíontachta agus soláthar bia shábháilte taca faoi fheidhmíocht na dtionscal seo atá fíorthábhachtach ó thaobh an gheilleagair de. Imríonn sé ról suntasach freisin maidir le híomhá na hÉireann go náisiúnta agus go domhanda mar tháirgeoir den chéad scoth de bhia sábháilte agus iontaofa.



## Córas sábháilteachta bia na hÉireann



Figiúr 1 Córas sábháilteachta bia na hÉireann

## An obair a bhíonn ar bun ag an Údarás

Is é príomhchúram an Údaráis dlí faoi bhia a chur i bhfeidhm, a ndéantar é a chomhordú trí obair i gcomhar le húdaráis rialaithe bia eile.


Cuireann líonra gníomhaireachtaí oifigiúla reachtaíocht bia i bhfeidhm thar ceann an Údaráis trí chlár conarthaí seirbhísí, a ndéanann an tÚdarás monatóireacht air. Tuairiscíonn an tÚdarás freisin ar ghníomhaíochtaí gníomhaireachtaí agus lorgaíonn sé feabhsú agus cuntasáíocht leanúnach trí chlár iniúchtaí rialta. Léigh tuilleadh faoi [raon agus scóip ár n-oibre anseo](#).

**Figiúr 3** An tslí ina fheidhmíonn an tÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann



## An tslí ina fheidhmíonn an tÚdarás

In 2021, chuir an tÚdarás reachtaíocht faoi bhia i bhfeidhm trí chonarthaí seirbhíse le 30 gníomhaireacht oifigiúla, agus soláthraíonn an tAcht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 an bonn reachtúil lena aghaidh seo. Is é ról an Údaráis comhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na gníomhaireachtaí oifigiúla sin, trí na conarthaí seirbhíse, a thugann cuntas ar leibhéal comhaontaithe agus caighdeán gníomhaíochta sábháilteachta bia a fheidhmeoidh na gníomhaireachtaí oifigiúla. Maireann na conarthaí seirbhíse ar feadh 3 bliana ar a laghad, agus is féidir athbhreithniú a dhéanamh orthu ar iarratas ón Údarás nó ón gníomhaireacht oifigiúil i rith an ama sin. Tionóltar cruinnithe rialta ar leis an lucht bainistíochta sinsearaí i ngach gníomhaireacht agus leis na bainisteoirí líne atá freagrach as seirbhís iniúchóireachta agus anailíse a sheachadadh.



**Figiúr 4** An tslí ina fheidhmíonn an tÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

## Rannpháirtíocht an Lucht Tionscail

Cé go bhfuil tionscal an bhia freagrach as sábháilteacht bia ar mhargadh na hÉireann, is ról maoirseachta agus forfheidhmiúcháin atá ag an Údarás. Téann an tÚdarás i mbun teagmhála go rialta le tionscal an bhia chun gnólachtaí bia a chur ar an eolas faoina bhfreagrachtaí agus chun cur lena gcomhlíontacht maidir le reachtaíocht sábháilteachta bia. Ceann de na bealaí a ndéanann an tÚdarás é seo ná trí chruinnithe fíorúla lena cheithre fhóram thionscail. Cuirtear ardán ar fáil sna cruinnithe seo do thionscal an bhia chun ceisteanna ábhartha a ardú agus chun eolas tábhachtach a fháil ón Údarás. Ligeann siad don Údarás freisin aon cheist leanúnach a tharraingt anuas le tionscal agus feasacht a ardú i dtaobh athruithe rialála agus reachtaíochta.

### Fóram na dTáirgeoirí Ceardbhia

Is grúpa an-ilchineálach agus an-fhuinniúil de tháirgeoirí ceardbhia, ar scála beag nó bia intíre iad baill Fhóram na dTáirgeoirí Ceardbhia. Cuireann an Fóram deis ar fáil trínar féidir leis an earnáil agus leis na rialtóirí dul i mbun teagmhála lena chéile, idirghníomhú agus faisnéis a mhalartú. Cabhraíonn sé seo dá réir le comhlíontacht ar fud na hearnála tábhachtach náisiúnta seo a fheabhsú. Tháinig an Fóram le chéile dhá uair, go fíorúil i 2021, agus leanadh leis an chumarsáid idir na cruinnithe. Tá imní ar bhaill an Fhóram go fóill mar gheall ar láithreach ceimiceán, go háirithe gliofosáit, sa timpeallacht, i mbia agus i ndaoine, agus an tionchar féideartha atá acu ar shláinte an duine. Mothaíonn baill go mbíonn a n-earnálacha rialaithe go neamhsheasmhach agus ró-rialaithe uaireanta. Tá taighde fós á dhéanamh ar na deiseanna a bhaineann le 'oilíúint a chur ar an traenálaí' le hinstitiúidí trí leibhéal.

### An Fóram Miondíola

Tá comhaltaí ó na príomh-ollmhargaí agus ó na príomhghrúpaí siombaile atá ag oibriú in Éirinn ina gcuid den Fhóram Miondíola. Feidhmíonn an Fóram chun cur le tuiscint ar an reachtaíocht faoi bhia, agus chun comhairle faoi shábháilteacht bhia a scaipeadh, agus chun dea-chleachtas a roinnt. Reáchtáladh dhá chruinniú fíorúil den bhFóram Miondíola i 2021: Ba iad na príomhábhair a phléadh ná athfóirmlíú bia, bambú, plúr, táirgí ola cannaibidé-ól agus próibhithigh.

### An Fóram Seirbhíse Bia

Taganncomhaltaí an Fhóram Seirbhíse Bia ó ghnólachtaí lónadóireachta, ó ghnólachtaí seirbhíse bia agus ó eagraíochtaí ionadaíocha. Scaipeann an Fóram comhairle sábháilteachta bia, roinneann sé dea-chleachtas agus cuireann sé feabhas ar thuiscint ar reachtaíocht faoi bhia ábhartha. Reáchtáladh cruinniú fóram fíorúil amháin le linn 2021. Ba iad na príomhábhair a phléadh ná: Treoir an AE maidir le córais bhainistiú sábháilteachta bia, lipéadú, ordú béile, agus seirbhíse seachada agus, an Breatimeacht.

### An Coiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach

Is é an Coiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach an coiste náisiúnta páirtithe leasmhara maidir le Clár Monatóireachta Sliogiasc na hÉireann. Is é aidhm an Chláir cinntiú nach gcuirtear ach sliogéisc shábháilte ar an margadh. Déanann an tÚdarás cathaoirleacht ar an gCoiste agus tá ionadaithe ó roinnt páirtí leasmhar ar an gcoiste. Le linn 2021, tháinig an Coiste le chéile ceithre huair agus phléigh siad réimse leathan ceisteanna, lena n-áirítear comhordú samplach, imeachtaí bitocsaine agus caighdeán uisce sliogéisc. Thug An tÚdarás um Chosaint lascaigh Mhara agus Foras na Mara uasdátaithe oibríochta agus eolaíochta, agus thug páirtithe leasmhara eile aischothú maidir le húsáid na n-oibríochtaí ar mhonatóireacht ar na cláir dár leosan.

## Comhoibriú

**Tá an comhoibriú ar cheann de chroí-luachanna an Údaráis. Is trí oibriú lenár bpáirtithe leasmhara agus ár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta amháin ar féidir cosaint tomhaltóra a bhaint amach. Aithníonn an tÚdarás luach tiomantas a chomhpháirtithe agus a chomhoibríthe náisiúnta maidir le córas cuimsitheach rialuithe a sheachadadh do shábháilteacht agus iontaofacht bia le linn 2021.**



In 2021, d'úsáid an tÚdarás an stíl fíorúil comhoibríodh a tháinig ar an bhfód de dheasca paidéim COVID-19. D'éirigh go maith le bealaí nua chun caidreamh náisiúnta agus idirnáisiúnta an ÚSBÉ a chothabháil agus cuireadh i bhfeidhm iad go rialta, agus baineadh úsáid as bogearraí físchomhdhála d'fhormhór an chomhoibríthe.


Chomh maith le hobair an ÚSBÉ lena chomhpháirtithe rialála, téann an tÚdarás i dteagmháil go rialta le roinnt páirtithe leasmhara ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn sábháilteacht agus barántúlacht bhia na hÉireann a uasmhéadú.

In 2021, bhí ról lárnach ag páirtí leasmhara an Údaráis teachtaireachtaí ÚSBÉ a scaipeadh agus córais bia na hÉireann a chosaint, in ainneoin cúlra dúshlánach an chomhoibríthe fíorúil. Mar shampla, in 2021 lean an tÚdarás air ag neartú a chaidrimh dlúth le Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeán Bhia. Tá an chomhpháirtíocht cumasaithe ag Meabhrán Tuisceana, a ligeann dúinn aghaidh a thabhairt ar cheisteanna coitinne a bhaineann le comhsheasmhacht forfheidhmiúcháin sa dá dlínse,

mar aon le comhoibriú éifeachtach a chinntiú má tharlaíonn aon teagmhas bia trasteorann. Tugann an Meabhrán Tuisceana idir Gníomhaireacht na Lochanna agus an tÚdarás cuntas ar an gcúnamh a sholáthraíonn Gníomhaireacht na Lochanna maidir le Clár Monatóireachta Sliogiasc na hÉireann i Loch Feabhail agus i Loch Cairlín a fheidhmiú. Le bliain anuas, leanadh de chomhoibriú an Údaráis le *safefood* ar shaincheisteanna comhleasa. Comhoibríonn an tÚdarás le Bia Deoch Éireann (BDE) ar fhaire na fáistine tríd an bhFóram um Rioscaí agus Bagairtí atá ag Teacht chun cinn, a bhfuil baill den ÚSBÉ, de BDE agus na mórdhéantúsóirí bia ilnáisiúnta ann. D'oibrigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann le rialtóirí eile in Éirinn freisin, lena n-áirítear an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte, Bord Bia, Spórt Éireann agus an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Cuireann an tÚdarás le Coiste Comhairle Eolaíoch den Lárionad Faire um Chosaint Sláinte de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus i gCoiste na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.

Glacann an tÚdarás páirt go leanúnach, agus go gníomhach i roinnt coistí eile ó eagraíochtaí eile, arb iad a gcuspóirí caighdeáin a ardú agus a chothú in earnáil an bhia. Áirítear ar na heagraíochta sin, ach gan a bheith teoranta dóibh seo amháin: Búistéirí Ceardbhia Comhlachaithe na hÉireann, Bord Bia, Údarás Craolacháin na hÉireann, an Chomhpháirtíocht Náisiúnta Sláinteachais, agus an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.

Bhí ról leanúnach ag an Údarás i bhfeachtas #BrexitReady na hÉireann, ina chruthaigh an ÚSBÉ feachtas faisnéise comhtháite do pháirtithe leasmhara ábhartha. Thacaigh sé freisin le treoir ó Fáilte Ireland a thabhairt ar athoscailt thionscal an fháilteachais linn paidéim COVID-19. I 2021, lean an tÚdarás ag glacadh páirt i gcoistí an FSS a dhéileáil le ráigeanna COVID-19 i monarchana feola agus in earnáil na próiseála bia freisin.



Is é an ÚSBÉ rúnaíocht ar na Cinn um Ghníomhaireachtaí Bia na hEorpa.

Bhí comhoibrí leanúnach againn lenár gcomhpháirtithe agus reachtóirí AE in 2021. Mar chuid den chomhoibriú a bhí againn leis an AE, bhí teagmháil leanúnach againn leis an gCoimisiún Eorpach. Ba é an ÚSBÉ rúnaíocht na gCeann um Ghníomhaireachtaí Bia na hEorpa (HoA) ó mhí Iúil 2020. Reáchtáil an ÚSBÉ cruinnithe HoA leis an bPortaingéil agus an Ghearmáin i 2021.

Tá an tÚdarás ina chathaoirleach freisin ar Chleachtóirí Forfheidhmiúcháin Dí Bia, grúpa iniúchóirí agus pearsanra saotharlainne de chuid an AE atá ag gabháil d'fhorfheidhmiúchán dí bia. I gcaitheamh na bliana 2021, lean an ÚSBÉ ar aghaidh ag plé go fíorúil lena chomhghleacaithe idirnáisiúnta agus AE ag roinnt smaointe agus faisnéise. I 2020, chomhbhunaigh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údarais Fóram na gCeann Idirnáisiúnta um Ghníomhaireachtaí Bia in 2020 lena comheagraíochtaí ó Údarás Bia agus Druga na hAraibe Sádaí, agus Gníomhaireacht Chaighdeáin Bhia na hAstráile/na Nua-Shéalainne. Reáchtáladh cruinnithe fóraim rialta le linn 2021.

Is é an tÚdarás an pointe teagmhála freisin i gcomhair Líonra na nÚdarás Idirnáisiúnta Sábháilteachta Bia, comhthionscnamh idir an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus Foras Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe. Tá 177 Ballstát páirteach i ngnáth-mhalartú faisnéise ar cheisteanna a bhaineann le sábháilteacht bia agus roinnt eispéireas agus saineolais, agus tugann sé rochtain mhear ar fhaisnéis i gcás éigeandálaí sábháilteachta bia. In 2020, bhí luach

thar na bearta ag baint leis na naisc idirnáisiúnta seo le linn phaindéim COVID-19, sa mhéid agus gur éascaigh siad malartú fíor-ama faisnéise fíorthábhachtaí.

Tá an tÚdarás fós mar bhall de Chórais Bianna Inbhuanaithe na hÉireann, tionscnamh faoi stiúir ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) chun saineolas sábháilteachta bia, eolaíoch, teicniúil, beartais agus agraibhia a chur ar fáil chun tacú le forbairt thar lear.

Cuidíonn an tÚdarás le gníomhaireachtaí i dtíortha eile, a mheasann gur eiseamláir é an tÚdarás do ghníomhaireachtaí náisiúnta aonair um rialú bia. In 2021, lean an tÚdarás mar aon le cuibhreannas gníomhaireachtaí de chuid Rialtas na hÉireann agus a gcomhpháirtithe idirnáisiúnta ag tacú leis an Albáin mar iarrthóir ar aontachas leis an AE trína caighdeáin sábháilteachta bia, tréidliachta, agus sláinte phlanda a neartú. Tá tacaíocht maoinithe ón AE ag an ÚSBÉ agus a chomhpháirtithe trí dheontas €5 milliúin.

Ina theannta sin, glacann an ÚSBÉ páirt i gcruinniú domhanda rialtas go rialtas maidir le húsáid scéimeanna deimhniúcháin príobháideacha i gcomhthéacs rialuithe oifigiúla. Is ball gníomhach é an tÚdarás ar an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Shonraíochtaí Micribhitheolaíochta do Bhia (CISMB)

Tá comhaontú rúndachta idir an ÚSBÉ agus an tÚdarás Bia agus Drugaí sna Stáit Aontaithe, rud a chabhraíonn mór leis an gcaidreamh ata againn lenár gcomhpháirtithe i Meiriceá. Ina theannta sin, leanann an tÚdarás ar aghaidh le toscaireachtaí eachtrannacha a óstáil ar mian leo níos mó a fhoghlaim faoi straitéis agus gníomhaíochtaí an Údarás.

Tá na comhoibrithe agus comhpháirtíochtaí seo fíor-riachtanach chun córas bia sábháilte agus iontaofa a chinntiú. Sainithníonn an ÚSBÉ an méid atá bainte amach ag a chomhpháirtithe mar aon le hiarrachtaí thionscal an bhia maidir leis an gcóras seo a sheachadadh d'Éirinn le linn 2021.



## Straitéis Údarás Sábhálteachta Bia na hÉireann 2019-2023


Lainseáil an tÚdarás [straitéis nua](#) in 2019. Leag an straitéis amach an fíis, misean, luachana agus spriocanna straitéiseacha don chéad 5 bliain eile.

Tugann fíis Údarás Sábhálteachta Bia na hÉireann maidir le ‘Bia Sábhálte agus Iontaofa do Chách’ léargas soiléir ar uaimhian an Údaráis, agus tógann cur i bhfeidhm na straitéise ar an obair a rinneadh san am atá thart, ag cothú cur chuige comhpháirtíochta trí chóras rialála sábhálteachta bia a sheachadadh atá pleanáilte go straitéiseach agus atá ábhartha, forásach agus láidir don todhchaí go fóill.

Tá rath an Údaráis ag brath go mór ar dhlí faoi bhia, eolaíocht agus comhoibriú leo siúd sa phobal sábhálteachta bia. Tá a thiomantas maidir le tomhaltóirí a chosaint mar bhunchloch lena mhisean, a deir:

**‘Cosnaímid Tomhaltóirí agus ardaímid comhlíontacht trí chomhpháirtíocht, trí eolaíocht agus trí fhorfheidhmiú an dlí faoi bhia.’**

**Lárnach i cur i bhfeidhm ár straitéise tá ár luachana: ionracas, meas, díograis, trédhearcacht, obair foirne agus comhoibriú. Treoraíonn na luachana sin cinntí agus caidrimh Údarás Sábhálteachta Bia na hÉireann.**



Figiúr 4 Luachanna ÚSBE

## Freagracht shóisialta chorparáideach

**Tá an tÚdarás tiomanta d'fheidhmiú ar bhealach freagrach ó thaobh cúrsaí sóisialta de. Mar ghníomhaireacht rialtais, tuigeann an ÚSBÉ an freagracht shóisialta atá air agus an tionchar gur féidir a bheith aige ar a bpáirtithe leasmhara, an tsochaí i gcoitinne agus ar an rialtas. Is é an luach a leagann an tÚdarás ar meas agus trédhearcacht an treoir a bhíonn againn agus sinn i gcónaí ag obair chun an rud ceart a dhéanamh. I 2021, shainn an tÚdarás coigiltis chomhshaoil, oideachas, folláine, comhionannas, rochtain agus bailiú airgid mar phríomhréimsí fócais le haghaidh forbairt freagrachta sóisialta corparáideach in 2021.**

### Ag íoslaghdú tionchar timpeallachta

Tá an tÚdarás tiomanta dá dhualgais reachtúla a chur i gcrích ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil. Tacaíonn sé le pleananna gníomhaíochta comhshaoil náisiúnta agus an AE, agus tá Foireann Glas gníomhach aige chomh maith le Grúpa Dramhaíola Bia laistigh den Údarás. Téann Grúpa Dramhaíl Bia an ÚSBÉ i dteagmháil go réamhghníomhach leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar shaincheistanna dramhaíola laistigh dá shainordú dlíthiúil, lena n-áirítear prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a chur i bhfeidhm thar réimsí a bhaineann le sábháilteacht bia. Is an aidhm atá ag Foireann Ghlas an ÚSBÉ ná baill foirne a chur ar an eolas maidir le conas a dtionchar timpeallachta laethúla a laghdú.

Roimh paidéim COVID-19, bhí an fhoireann lonnaithe i bhfoirgneamh an Exchange i Lárionad Seirbhísí Airgeadais na hÉireann i mBaile Átha Cliath. Tá deimhniúchán chaighdeán Óir LEED bainte amach ag an bhfoirgneamh mar gheall ar a bhéim ar éifeachtúlacht inbhuanaitheachta agus fuinnimh, agus tá rátáil BER A3 ag gabháil leis. In 2021, bhí an ÚSBÉ in ann a lorg carbóin a íoslaghdú don dara bliain as a chéile, de réir mar a lean a fhoireann ag obair ón mbaile de dheasca na paidéime COVID-19. Lig sé seo don Údarás dul i mbun teagmhála le páirtithe leasmhara ar bhealach a laghdaigh an tionchar ar an timpeallacht agus lorg carbóin na heagraíochta, rud a chuidigh le tiomantas na hÉireann i dtaobh astaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú. Lena chois sin, thug an tÚdarás faoi bhearta sonracha cheana féin chun priontáil a laghdú agus chun coigiltis soilsithe a mhéadú, trí líon na bprintéirí a laghdú chomh maith le húsáid a bhaint as soilsiú LED ar fud an fhoirgnimh. Le linn 2021, agus an fhoireann fós ag obair ón mbaile, lean an méid priontála agus tomhaltas fuinnimh i bhfoirgneamh The Exchange a bheith an-íseal

Mar aon leis na beartais maolaithe léirithe thuas, cuimsítear le plean soláthair Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, nuair is féidir, rátáil éifeachtúlachta fuinnimh táirgí agus costais saolré mar chritéir i dtaobh tairiscint a bhronnadh. Leanfaidh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann leo a bheith ina bhall réamhghníomhach den Fhoireann Comhshaoil The Exchange in 2021, chun ídiú fónais a fheabhsú agus dramhaíl a laghdú, agus lorg carbóin na heagraíochta a laghdú dá réir, go háirithe agus an fhoireann ag bogadh ar ais go dtí an fhoirgneamh i 2022.

## Aistriú Eolais

Gach bliain, cuireann an tÚdarás am ar leataobh chun oideachas a chur ar na glúnta atá ag teacht maidir le heolaithe bia, le cigirí sábháilteachta bia agus leo siúd atá ag staidéar ar ghairm i ngníomhaireachtaí rialála, trí léachtaí agus seimineáir ar fud na hÉireann. Le linn 2021, soláthraíodh oiliúint mac léinn trí shocraíocht mac léinn in Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus trí léachtaí ón bhfoireann. San áireamh san fhor-rochtain bhreise ag an tríú leibhéal bhí 50 n-uaire de léachtaí. Lena chois sin, tá acmhainní líonmhara treorach agus ríomhfhoghlama ag an ÚSBÉ ar a shuíomh gréasáin; cabhraíonn siad freisin le tairbhe a dhéanamh dá hiarrachtaí oideachasúla agus chun iad a threisiú.

## Folláine foirne

Agus formhór na foirne ag obair ón mbaile le linn 2021, leagadh an-bhéim ar fad ar chumarsáid thrédhearcach agus folláine na foirne. San áireamh leis seo bhí cumarsáid shoiléir ar chinntí, cruinnithe, noirm inghlactha, agus ionchais. Bhí tábhacht faoi leith ag baint leis seo toisc go raibh saol baile éagsúil ag gach ball foirne le linn na paindéime COVID-19. Tugadh tús áite do folláine na foirne, agus reáchtáil an Coiste Foirne agus a fhochoistí roinnt tionscnamh a spreag spiorad foirne agus féinchúram. Áiríodh orthu seo seisiúin aireachais, tráth na gceist, seisiúin péinteála, biongó, carúil Nollag, club leabhar, dúshláin siúil, rásaí sealáochta fíorúla, agus gníomhaíochtaí sóisialta eile – a raibh go leor acu faoi stiúir Coiste

Folláine agus Club Sóisialta an ÚSBÉ. Eagraíodh cainteanna agus rinneadh bainistiú cúramach ar scaipeadh faisnéise agus athruithe eagraíochtúla.

## Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

In 2021, bunaíodh coiste Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú de chuid an ÚSBÉ, agus thángthas ar [ráiteas físe](#). Is é an aidhm atá ag an gcoiste seo na cinntiú go feidhmíonn an ÚSBÉ i slí cothrom agus ionchuimsitheach.



Le linn 2021, cuireadh oiliúint agus cainteanna sa réimse seo ar fáil don fhoireann ar raon ábhar, lena n-áirítear míchumas, agus saincheistean LADTA+. Aithníodh agus ainmníodh deiseanna maidir le ceannaireacht, cultúr, polasaí, earcaíocht, oiliúint agus sonraíocht. Rinneadh ceiliúradh ar an gcultúr agus ar an éagsúlacht san fhoireann, agus bhí an tábhacht a bhaineann le timpeallacht chuimsitheach fite fuaite go hiomlán i gcultúr na heagraíochta. Bhí ról suntasach ag pearsanra ceannaireachta agus bainistíochta ag tacú lena bhfoirne le linn na paidéime. Tá acmhainní Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus Ár bhFísráiteas, Tiomantais agus Múnla Aibíochta 2020 na Seirbhíse Poiblí d'Eagraíocht na Seirbhíse Poiblí mar threoir ag an ÚSBÉ treoraithe ina gcuid gníomhaíochtaí. Chuir sé le muinín agus eolas na foirne agus chabhraigh sé cinntí a dhéanamh bunaithe ar ionchuimsitheacht. Lean an tÚdarás agus cur sárdheiseanna uas-scilithe ar fáil, agus baill foirne ag baint leas as foghlaim ar líne, cúrsaí oiliúna agus breis deiseanna forbartha gairmiúla le linn 2021.

### Tiomsú airgid

Dar le foireann an ÚSBÉ, tá tábhacht faoi leith ag baint le rud a tabhairt ar ais. In 2021, eagraíodh roinnt tionscnamh tiomsaithe airgid do charthanachtaí. Ag leanúint lenár dtraidisiún fadbhunaithe, reáchtáladh searmanas fíorúil Carúil Nollag chun airgead a bhailiú do Bhrú Daoine gan Dídean Cedar House Crosscare. Chomhoibrigh ár mbaill foirne freisin le heagraíochtaí eile chun airgead a bhailiú do Phobal Shíomóin.




Ghlac Príomhfheidhmeannach an ÚSBÉ, an Dr Pamela Byrne, páirt i Shine A Light Night, togra de chuid Fhócas Éireann

Ina theannta sin, ghlac Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an ÚSBÉ, an Dr Pamela Byrne, páirt i Shine A Light Night de chuid Fhócas Éireann chun codladh amuigh faoin aer i ndlúthpháirtíocht le daoine gan dídean agus leo sin atá i mbaol bheith gan dídean. Rinne an Dr Byrne gíolcaireacht bheo maidir leis an eispéireas seo óna gairdín ar mhaithe le feasacht a ardú ar dhaoine gan dídean agus chun airgead a bhailiú le haghaidh Fhócas Éireann. Ag feidhmiú ar bhealach atá freagrach go sóisialta mar chuid de DNA an Údaráis, agus leanfaidh an eagraíocht ar aghaidh leis na tionscnaimh sin a fhorbairt in 2021 agus níos faide ar aghaidh.

## Rialachas agus bainistíocht

Tá **Bord neamhfheidhmiúcháin ag an Údarás**. Tá sé ceaptha ag an Aire Sláinte agus tá siad freagrach as ceapachán an **Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus maoirseacht ar rialachas corparáideach de réir threoirlínte an Rialtais**.

Cuireann dhá chomhlacht neamhspleácha comhairle ar an mBord: an Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bia, ar a bhfuil páirtithe leasmhara sa bhiaslabhra (e.g. tionscal an bhia, tomhaltóirí), agus an Coiste Eolaíoch, ar a bhfuil eolaithe. Tá 14 eolaí neamhspleácha ar an gCoiste Eolaíoch arna gceapadh ag an Aire Sláinte i gcomhairle leis an mBord. Ní mór do Chathaoirleach an Choiste Eolaíoch bheith ina bhall den Bhord. Tugann an Coiste Eolaíoch comhairle don Bhord maidir le cúrsaí eolaíocha a chuireann taca faoi shábháilteacht bia agus faoi chothú, agus ní fhéadfaidh an tÚdarás gníomhú ar cheist ar bith a chuirtear ar aghaidh chuig an gCoiste Eolaíoch go dtí go soláthraítear a thuairim don Bhord. Bunaíonn an Coiste Eolaíoch fochoistí eolaithe neamhspleácha chun a chomhairle a chur chun cinn; dá réir sin, tugtar comhairle don Údarás as obair tuairim is 83 eolaí. Feidhmíonn an Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bia mar fhóram le haghaidh díospóireacht ar cheisteanna sábháilteachta bia. Is ardán fiúntach é do thomhaltóirí agus tionscal chun ionchur a sholáthar do straitéis agus clár gníomhaíochtaí an Údaráis. Bhí roinnt athstruchtúru laistigh den eagraíocht i 2021, agus ar thoradh air sin cruthaíodh dhá réimse feidhme nua; Iniúchtaí, Teagmhais agus Imscrúduithe agus Gnóthaí Rialála agus Tógáil Comhlíontachta. Tagann siad in áit réimsí ‘Iniúchtaí agus Imscrúdaithe’ agus ‘Bainistiú Riosca agus Gnóthaí Rialála.’



Figiúr 5 Cairt Eagrúcháin an ÚSBÉ

# Rialachas agus bainistíocht

## Bord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 2021

An tUasal Martin Higgins  
(Cathaoirleach)

An tUasal Mary Cullen

An tUasal Derek Cunningham

Oll. Martin Cormican

An tUasal Ros O'Shea

An tUasal Gerry McCurdy

An Dr Clíodhna Foley-Nolan

An tOllamh Francis Butler

An tUasal Ann Horan

An tUasal Patrick Knight

## An Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bia, 2021

An tUasal Ray Bowe  
(Cathaoirleach)

Musgraves Retail Partners

An tUasal Maree Gallagher

Aturnae Dlí Bia

An tUasal Cormac Healy

Meat Industry Ireland

An tUasal Dermot Jewell

Cumann Tomhaltóirí na hÉireann

An tUasal Jamie Knox

Keurig Dr Pepper

An tUasal Siobhan Murphy

Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte

An tUasal James McCrudden

Country Markets

## An Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bia, 2021

Sorcha Kavanagh

Conscious Cup

Catherine Morrison

Bord Iascaigh Mhara

Janis Morrissey

Irish Heart Foundation

Conor Mulvihill

Tionscal Déiríochta na hÉireann

Alice McGlynn

Bord Bia

Louise Reynolds

Irish Nutrition and Dietetic  
Institute

## Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann An Coiste Eolaíoch, 2021

Oll. Martin Cormican (Cathaoirleach)

Ollscoil na Gaillimhe agus  
Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte

An tOllamh Kevin Cashman

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

An Dr Geraldine Duffy

Teagasc

An tOll. Séamus Fanning

Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

An Dr Mark Fenelon

Teagasc

An Dr Andrew Flanagan

Saotharlann an Anailísí Phoiblí, Baile  
Átha Cliath

An Dr Montserrat Gutierrez

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**An tUasal Tim O'Brien**

Bialannaí

**Marcella Rudden**

Oifig Fiontair Áitiúil, an Cabhán

**Oll. Alan Kelly**

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

**An tUasal Eamonn Quinn**

Kelsius

**Regina Sexton**

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

**An tUasal Ita Kinahan**

An tSaotharlann Stáit

**An tUasal Martin Roper**

Comhairleoir Sábháilteachta Bia

**An tOll. Anne Molloy**

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath  
(ar scor)

**An tUasal Annette Sweeney**

Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha  
Cliath

**Dr Micheál O'Mahony**

An tÚdarás um Chosaint Iascaigh  
Mhara

**Paula Barry Walsh**

An Roinn Talmhaíochta,  
Bia agus Cúrsaí Mara

**An tOll. Dolores O'Riordan**

Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

**Patrick Farrell**

Cumann na bhFeirmeoirí, Éireann

**An tOll. Ann Marie Part**

Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte

**Jonathan Griffith**

Irish Health Trade Association

**An tOll. Dagmar Stengel**

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

**Caroline Keeling**

Keelings

**Oll. Martin Wilkinson**

Ollscoil Luimnigh

## Príomh-bhuaicphointí ghníomhaíochtaí an Údaráis

### An córas oifigiúil um rialú bia: sracfhéachaint ar na huimhreacha


#### Forfheidhmiú

Le linn 2021, sheirbheáil cigirí bia 47 Ordú Dúnta, 2 Ordú Feabhsúcháin agus 10 Ordú Toirmisc, agus cuireadh 10 ionchúiseamh ar aghaidh i gcoinne gnólachtaí bia ar fud na hÉireann (Figiúr 6).

Is iad seo a leanas na cineálacha ceisteanna um shábháilteacht bia athfhillteacha as a dtagann Orduithe Forfheidhmiúcháin agus Fógraí Feabhsúcháin (Tábla 1): drochghlanadh agus drochshláintíocht an áitribh; drochshláinteachas pearsanta; easpa uisce reatha; saoráidí ní lámh easnamhacha; stóráil mhícheart bhia; easpa clár um rialú lotnaidí nó ceann neamhleor, nó ceann neamhéifeachtach; fadhbanna struchtúracha de bharr easpa cothabháil leanúnach; agus easpa córas bainistíochta sábháilteachta bia nó ceann neamhleor. Bhí níos lú iniúchtaí pleanáilte bia ann in 2020 agus 2021 toisc go raibh roinnt áitreabh dúnta nó nach raibh ag obair le linn na tréimhse seo de dheasca na paindéime i rith na tréimhse seo.

**Tábla1 Ordú Forfheidhmiúcháin agus ionchúisimh a seirbheáladh, 2017–2021**

Beartas um Fhorfheidhmiú	2017	2018	2019	2020	2021
Ordú Dúnta	64	95	108	31	47
Fógra Feabhsúcháin	263	230	237	104	106
Ordú Feabhsúcháin	1	5	4	2	2
Ordú Toirmisc	4	10	13	9	10
Ionchúiseamh	11	9	2	5	10
<b>Iomlán</b>	<b>343</b>	<b>348</b>	<b>364</b>	<b>151</b>	<b>175</b>



**Figiúr 6** Orduithe Forfheidhmiúcháin agus ionchúisimh, de réir contae, 2021



## Cigireachtaí gnólachtaí bia

In 2021, bhí 51,771 gnólacht bia faoi mhaoirseacht gníomhaireachtaí oifigiúla a bhfuil conarthaí seirbhíse acu leis an Údarás (Tábla 2). Ar na gnólachtaí bia cláraithe, déanann FSS cigireacht ar beagnach 92% díobh; déanann an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara cigireacht ar 5% díobh; déanann an RTBM cigireacht ar 2% díobh; agus déanann na húdaráis áitiúla cigireacht ar 1% díobh. Déanann na gnólachtaí bia seo raon fairsing gníomhaíochtaí, ó ghníomhaíochtaí iompórtála agus déantúsaíochta go gníomhaíochtaí dailte, miondíola agus lónadóireachta.

**Tábla 2** Líon agus cineál na ngnólachtaí bia faoi mhaoirseacht ag gníomhaireachtaí oifigiúla, 2017–2021

Gníomhaireacht oifigiúil	Cineál áitribh	2017	2018	2019	2020	2021
<b>An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara</b>	Táirgeoirí Príomhúla	331	337	340	355	480
	Déantóirí agus Pacálaithe	430	441	428	494	424
	Dáileoírí agus Iompróirí	133	236	132	108	115
	<b>Iomlán</b>	<b>894</b>	<b>1014</b>	<b>900</b>	<b>957</b>	<b>1019</b>
<b>FSS</b>	An Earnáil Seirbhíse	29 177	28 676	28 832	28 769	29 267
	Níor Sainíodh	46	46	36	160	285
	Iompróir	132	144	130	128	130
	Mórdhíoltóirí/dáileoírí	1158	1183	1194	1193	1222
	Pacálaithe	121	120	112	107	121
	Miondhíoltóirí	13 529	13 336	13 373	13 673	14 537
	Déantóirí	1437	1436	1400	1526	1571
	Iompórtálaithe/easpórtálaithe tríú tír	41	41	42	36	37
	Riarachán gnólachtaí bia	162	208	263	306	344
	<b>Iomlán</b>	<b>45 803</b>	<b>45 190</b>	<b>45 382</b>	<b>45 898</b>	<b>47 514</b>
<b>Údarás Áitiúla</b>	Seamlais	195	182	175	166	175
	Gléasraí Beaga Déantúsaíochta Feola	209	211	217	199	216
	Gléasraí Éanlaithe Clóis	38	40	32	35	38

Gníomhaireacht oifigiúil	Cineál áitribh	2017	2018	2019	2020	2021
	Fuarstórais	43	45	38	42	53
	Siopaí Búistéara	8	9	9	7	7
	Gnólachtaí soghluaiste	33	34	23	32	31
	Trádálaí/Bróicéir	0	0	0	6	7
	<b>Iomlán</b>	<b>526</b>	<b>521</b>	<b>494</b>	<b>487</b>	<b>527</b>
<b>An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara</b>	Árthaí iascaireachta	2079	1912	2077	2080	2081
	Limistéir tháirgthe moileascach	182	185	187	189	189
	Gnólachtaí bia cláraithe ar talamh (lena n-áirítear gléasraí oighir)	10	11	15	15	15
	Bróicéir bia	0	1	1	1	1
	Reoiteoir agus árthaí monarchan	60	65	67	57	62
	Gléasraí próiseála	121	124	116	105	101
	Gléasra táirgí iascaigh úra	60	72	72	68	66
	Iompórtálaithe	58	64	62	56	55
	Fuarstórais	16	15	4	5	5
	Feirmeoirí Sliogiasc	33	35	30	30	33
	Gléasraí Íonúcháin	17	20	28	23	24
	Ionaid Seolta	14	15	14	15	15
	Gnólachtaí soghluaiste	0	7	0	0	0
	Iompróir	0	8	9	8	9
	Mórdhíoltóirí/dáileoirí	0	8	42	48	53
	Hallaí ceantála	0	1	1	1	1
		Eile	0	0	0	1
	<b>Iomlán</b>	<b>2651</b>	<b>2543</b>	<b>2725</b>	<b>2702</b>	<b>27 11</b>
<b>Líon Iomlán na nÁitreabh Bia</b>		<b>49 873</b>	<b>49 268</b>	<b>49 501</b>	<b>50 044</b>	<b>51 771</b>

## Cigireachtaí bia

Oibríonn na gníomhaireachtaí oifigiúla uile cláir bunaithe ar riosca maidir le rialuithe oifigiúla agus déanann gach gníomhaireacht an riosca a aicmiú i gcomhaontú leis an Údarás. Déantar iniúchadh ar dtús ar na gnólachtaí sin a gcruthaíonn an riosca féideartha is mó do shláinte an duine. Tá cigireachtaí gan fógra i ngnólachtaí bia ina bpríomhghné sna rialuithe oifigiúla, mar aon le gníomhaíochtaí eile amhail, sampláil bhia, agus imscrúdú ar theagmhais agus ar ráigeanna. Tháinig laghdú ó 2019 go 2021 ar líon na gcigireachtaí a rinneadh (Tábla 3). Chomh maith le cigireachtaí pleanáilte, déantar líon mór cigireachtaí neamhphleanáilte a thagann chun cinn mar thoradh ar theagmhais bhia; imscrúduithe; fiosrú ar ghearáin ón bpobal; agus cuairteanna comhairleacha ar ghnólachtaí bia. In 2021, rinne Seirbhís Sláinte Comhshaoil de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 5,999 cigireacht eile ar ghnólachtaí bia. Bhí níos lú iniúchtaí pleanáilte bia ann in 2020 agus 2021 toisc go raibh roinnt áitreabh dúnta nó nach raibh ag obair le linn na tréimhse seo de dheasca na paindéime. Cuireadh bac ar chigireachtaí mar gheall ar an ngá le cloí le scaradh sóisialta agus níorbh fhéidir iniúchtaí a dhéanamh i roinnt gnólachtaí seirbhíse bia le tomhaltóirí/cónaitheoirí leochaileacha, cosúil le tithe altranais.

**Tábla 3** Líon na gCigireachtaí a rinne gníomhaireachtaí oifigiúla, 2017–2021

Gníomhaireacht oifigiúil	2017	2018	2019	2020	2021
<b>FSS (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte)</b>	33 193	32 254	31 189	20 269	20 904
<b>An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (Cigireacht)</b>	11 569	10 826	12 214	7 408	10 099
<b>Údarás Áitiúla</b>	4891	4582	4320	3790	3 445
<b>An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara</b>	2245	2122	2121	1911	2 237
<b>An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann</b>	84	62	88	37	40
<b>Líon iomlán na gcigireachtaí gnólachtaí bia</b>	<b>51 982</b>	<b>49 846</b>	<b>49 932</b>	<b>33 415</b>	<b>36 725</b>

## Baill foirne ag obair i rialú oifigiúil

Tuairiscíonn na gníomhaireachtaí oifigiúla gach bliain don Údarás maidir le hacmhainní foirne a thug siad i gcomhair rialuithe oifigiúla, faoi na conarthaí seirbhíse. In 2021, bhí 1,523 coibhéis lánaimseartha bainteach le rialuithe oifigiúla a dhéanamh i ngnólachtaí bia na hÉireann (Tábla 4). Tháinig méadú 103 ar na coibhéisí lánaimseartha in 2021 i gcomórtas le huimhir 2020. Leanann na cigirí bia lena saineolas a fhorbairt trí chúrsaí oiliúna. In 2021, thóg an chigireacht 813 cúrsa, méadú beag ar an mbliain roimhe sin.

**Tábla 4** Coibhéis Lánaimseartha de réir na Gníomhaireachta Oifigiúla, 2017–2021

Gníomhaireacht oifigiúil	2017	2018	2019	2020	2021
<b>An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara</b>					
Seirbhís Cigireachta	338	345	407	495	533
Seirbhís Saotharlainne	82	82	90	88	119
<b>FSS</b>					
Seirbhís na Sláinte Thimpeallachta	339	339	377	425	431
Seirbhís Saotharlainne	130	124	125	132	131
<b>Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann</b>	73	79	79	87	109
<b>Údarás Áitiúla</b>	104	101	106	88	91
<b>Foras na Mara</b>	41	41	41	39	38
<b>An tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann</b>	1	1	1	1	1
<b>An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara</b>	36	40	45	47	52
<b>Saotharlann Stáit</b>				18	18
<b>Líon Iomlán na gCigirí Coibhéise Lánaimseartha</b>	<b>1144</b>	<b>1150</b>	<b>1271</b>	<b>1420</b>	<b>1523</b>

## Sampláil Bhia

Áirítear sna conarthaí seirbhíse cláir arna ndéanamh ag na gníomhaireachtaí oifigiúla le haghaidh bia a shampláil agus a thástáil do chomhlíonadh gach gné sa reachtaíocht faoi bhia. Déanann líonra Saotharlanna Tagartha Oifigiúla agus Náisiúnta arna n-oibriú ag na gníomhaireachtaí oifigiúla anailís ar na samplaí a thógann na cigirí sábháilteachta bia. In 2021, rinneadh agus tástáladh 49,658 sampla, i gcomparáid le 50,261 i 2020 (Tábla 5). Léiríonn líon níos ísle na samplaí a tógadh in 2020 agus 2021 an gá le cloí le riachtanais scartha sóisialta in éineacht le líon na n-áitreabh gnó a dúnadh nó nach raibh ag feidhmiú de bharr na paindéime le linn an ama seo.

**Tábla5** Líon na samplaí a rinne na gníomhaireachtaí oifigiúla, 2017–2021

Gníomhaireacht samplála	2017	% den Iomlán	2018	% den Iomlán	2019	% den Iomlán	2020	% den Iomlán	2021	% den Iomlán
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	32 947	57%	35 983	56%	32 035	56%	28,100	56%	29 785	60%
FSS (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte)	11 699	20%	11 678	18%	11 217	20%	5844	12%	9 343	19%
An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara	8353	14%	8386	13%	8463	15%	9726	19%	6 989	14%
Údaráis Áitiúla	3306	6%	3195	5%	2524	4%	2354	5%	2 583	5%
Gníomhaireachtaí eile	1335	2%	4597	7%	2516	4%	4237	8%	958	2%
<b>Iomlán</b>	<b>57 640</b>		<b>63 839</b>		<b>56 755</b>		<b>50 261</b>		<b>49 658</b>	



## Pamela Byrne An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin freagrach as gnáth-reáchtáil laethúil an Údaráis chomh maith le ceannaireacht a léiriú i measc a comhpháirtithe i ngníomhaireachtaí sábháilteachta bia ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin. Tá sí tacaíthe ag Foireann Ceannaireachta Sinsearaí, a dhéanann maoirseacht ar oibríochtaí thar lear laistigh de chúig réimse fheidhmiúla an Údaráis. Tá Oifig an POF freagrach freisin as idirchaidreamh a dhéanamh le Bord an Údaráis agus an fheidhm chumarsáide a chomhordú, chomh maith le bainistíocht agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara; líne chomhairle an ÚSBÉ; imeachtaí a eagrú; foilseacháin an Údaráis a dheardh agus a fhoilsiú; suíomh gréasáin an ÚSBÉ agus obair an Údaráis a chur chun cinn sna meáin.

Tá Beartas Cothaithe Sláinte Poiblí freagrach as an rúnaíocht a sholáthar d'Fhochoiste Eolaíoch um Chothú na Sláinte Poiblí de chuid an Údaráis agus do ghrúpaí oibre náisiúnta i réimse an chothaithe. Déanann foireann an Bheartais Cothaithe Sláinte Poiblí cathaoirleacht freisin ar Ghrúpa Oibre Leictreonach Codex Alimentarius chun caighdeán idirnáisiúnta um chothú le haghaidh naíonáin níos sine agus páistí óga.

Is í an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ionadaí na hÉireann ar Fhóram Comhairleach Údarás Sábháilteachta Bia na hEorpa agus ar ghrúpa na gCeann um Gníomhaireachtaí Bia na hEorpa. Is comhalta de chuid thoscaireacht na hÉireann ar Choimisiún Codex Alimentarius í; is comhalta de Choiste Comhairleach Taighde na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara í; agus is cathaoirleach de Bhord Comhairleach Institiúid Bia agus Sláinte UCD. Tá an POF ina Cathaoirleach chomh maith ar Bhord Chumann na bPríomhfheidhmeannach i nGníomhaireachtaí Stáit agus ina Cathaoirleach ar an Ionad Feidhmchlár Iarchéime i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.

Thuarascáil Bhliantúil an ÚSBÉ 2021

## Cumarsáid

**Téann sé i mbun teagmhála go gníomhach lena pháirtithe leasmhara trí bhealaí éagsúla ar líne agus as líne. Éascaíonn na bealaí seo an sreabhadh faisnéise, idirphlé déthreo agus rannpháirtíocht ar shaincheistanna tábhachtacha sábháilteachta bia. Le dhá bhliain anuas, bhí bealaí cumarsáide ar líne níos tábhachtaí ná riamh.**

I 2021, lean foireann an Údaráis ag obair ón mbaile, agus chabhraigh agus d'athraigh na modhanna cumarsáide nua le caidrimh lenár bpáirtithe leasmhara a chaomhnú agus a fhás, a bhí mar ghnáthrud le linn 2020.

Is iad Líne Chomhairle an Údaráis, an suíomh Gréasáin, an líne chomhairle, leathanaigh na meán sóisialta, agus na seimineáir ghréasáin na bealaí is coitianta anois chun ár dteachtaireachtaí agus ár gcomhairle faoi shábháilteacht bia a sheachadadh.

Chiallaigh an bealach oibre nua seo go rabhamar in ann níos mó daoine a shroicheadh ná mar a bhí riamh cheana lenár n-imeachtaí ar líne, ach déanann sé cúrsaí níos dúshlánaí maidir le caidrimh dhlútha agus fhónta le páirtithe leasmhara a chothú. Mar thoradh air sin, chruthaigh an tÚdarás go leor tionscnaimh tharraingteacha agus idirghníomhacha chun aird a choinneáil ar gach a mbaineann le sábháilteacht bia.

### Na meáin

In 2021, thug an tÚdarás freagra ar 178 fiosrú ó na meáin. Bhí líon na bhfiosruithe ó na meáin beagáinín níos airde ná in 2020 (174);

bhain an laghdú seo le paindéim COVID-19, a bhí mar an príomhscéal nuachta ó thús 2020 ar aghaidh go 2021. D'eisigh an tÚdarás 27 preasráiteas in 2021, arbh é an toradh díreach a bhí orthu 775 aschur i gcló, ar líne agus sna meáin chraolta.

Tugadh cuireadh rialta d'fhoireann an Údaráis chun labhairt ar stáisiúin raidió náisiúnta agus áitiúla ar feadh na bliana. Lean an fhoireann ar aghaidh lena n-obair ar rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, ar bealach é chun feabhas a chur ar chomhoibriú, tuiscint níos fairsinge a chruthú i dtaobh ról an Údaráis, agus athrú a spreagadh agus a chruthú ar aon dul le forbairtí eolaíochta agus athruithe rialúcháin, agus ag tacú san am

céanna leo siúd atá páirteach go díreach maidir le córas rialála bia láidir oifigiúil a sholáthar.

### Líne Chomhairle an ÚSBÉ

Le linn 2021, lean Líne Chomhairle an Údaráis ar aghaidh le comhairle agus faisnéis i dtaobh sábháilteacht agus sláinteachas bia a sholáthar do

pháirtithe leasmhara. I gcaitheamh na bliana, fuair an Líne Chomhairle 4,718 fiosrú ó dhaoine ag obair in earnáil na seirbhíse bia; déantóirí; miondíoltóirí; taighdeoirí; dáileoirí; comhairleoirí agus tomhaltóirí. Bhí ceistanna faoi conas gnó bia nua a chur ar bun ar



cheann de na ceisteanna ba mhó éileamh arís in 2021 agus i measc na n-ábhar móréilimh eile bhí reachtaíocht lipéadaithe bia; oiliúint sábháilteachta bia; reachtaíocht forlíontaí bia; agus iarratais ar fhoilseacháin ÚSBÉ. Spreagadh tomhaltóirí freisin chun dul i dteagmháil leis an Údarás faoi ghearán ar bith a bhíonn acu i dtaobh sábháilteacht bia. Láimhseáil Líne Chomhairle an Údaráis breis is 3,414 gearán ó thomhaltóirí in 2021, agus bhain 36% de na gearáin le bia neamhoiriúnach agus 24% acu le droch-chaighdeán sláinteachais. Tríd is tríd, bhí méadú 23% in 2021 ar na gearáin a tuairiscíodh in 2020. Léiríonn an méadú an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19, de bharr go raibh go leor gnólachtaí seirbhíse bia dúnta ar bhonn sealadach ar feadh tréimhsí fadaí gcaitheamh 2020.

## Meáin shóisialta

Chruthaigh bealaí meán sóisialta an Údaráis modh tábhachtach cumarsáide fíor-ama le páirtithe leasmhara le linn 2021. Thug sé deis don Údarás treoir a sholáthar do ghnólachtaí bia maidir le COVID-19, maidir le Brexit; seimineáir ar líne atá le teacht; príomhcheisteanna sábháilteachta bia; foláirimh bia, foláirimh ailléirgin bia, agus go leor eile. Sholáthair na bealaí meán sóisialta modh fhíorthábhachtach freisin inar féidir le páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an Údarás le fiosruithe trí ardáin a bhí oiriúnach dóibhsean. Ag deireadh 2021, bhí 60,000 páirtí leasmhar rannpháirteach ag an Údarás ar phobal ar líne idir a



bhealaí Facebook, Twitter, LinkedIn, Instagram, agus YouTube. Le linn 2021, reáchtáil an tÚdarás feachtais mheán sóisialta ar thopaicí éagsúla, amhail acmhainní oiliúna sábháilteachta bia; gnó bia a chlárú; tús a chur le gnólacht bia; lipéadú; acmhainní Brexit; agus a thuilleadh ná é.

## Treoir

Tá an tÚdarás ina shaineolaí mór ar shábháilteacht bia dá pháirtithe leasmhara, ag soláthar treoir thráthúil ar shábháilteacht bia, agus ag déanamh staidéar agus ag foilsiú tuarascálacha eolaíochta ar bhonn rialta. Le linn 2021, foilsíodh 17 foilseachán nua san iomlán, agus rinneadh nuashonrú ar 15 bhfoilseachán eile. Foilsíodh iad seo ar fad ar shuíomh gréasáin an Údaráis, agus cuimsíonn siad freisin nótaí treorach don tionscal, tuarascálacha iniúchóireachta, tuarascálacha an Choiste Eolaíoch, suirbhéanna, agus ábhair eile chun tacú le fíis an Údaráis a bhaint amach maidir le 'Bia Sábháilte agus Iontaofa do Chách'.

## Imeachtaí

Bhog imeachtaí an Údaráis ar líne i 2020 de dheasca na paindéime COVID-19. Ba chuar foghlama fiúntach é seo don Údarás agus leanadh leis i 2021 agus figiúirí tinrimh ag fás i gcónaí. Cruthaíodh gur bealach níos inrochtana iad seimineáir gréasáin chun comhairle agus faisnéis ábhartha maidir le sábháilteacht bia a sholáthar do pháirtithe leasmhara. I





gcaitheamh na bliana, reáchtáil an tÚdarás 8 seimineár gréasáin, a mheall lucht féachana de 1,288 rannpháirtí beo agus a ghin 2,238 amharc i ndiaidh na n-imeachtaí. Tugadh suntas ar leith do Chruinniú Oscailte na Comhairle Comhairliúcháin um Shábháilteacht Bia ar chultúr na sábháilteachta bia - imeacht hibrideach a reáchtáladh i mí na Samhna 2021 le cainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta ar a d'fhéach beagnach 1000 idir ant-imeacht agus an taifeadadh.

### An Suíomh Gréasáin



Is foinse luachmhar faisnéise é suíomh gréasáin an Údaráis maidir le sábháilteacht bia dá pháirtithe leasmhara. Rinneadh athbhreithniú, cothabháil agus nuashonrú air go minic i gcaitheamh 2021. Leanann sé ar aghaidh le bearta a

chur i gcrích chun feabhas a chur ar a inrochtaineacht agus chun a leithéid a chumasú d'úsáideoirí gach gléis. Bhí 1,454,022 amharc ag suíomh gréasáin an ÚSBÉ i 2021. Ba iad na míreanna ní ba choitianta ná gnóthaí Bia (go háirithe conas gnó bia a bhunú), Teagmhais Bia, Forfheidhmiúcháin agus Foilseacháin. D'úsáid nach mór 60% d'úsáideoirí an suíomh ar fón cliste. In 2021, rinne foireann an tsuímh ghréasáin líonrú agus críochnaigh siad an suíomh gréasáin nua, atá le seoladh in 2022.

### Nochtadh Cosanta

Is duine ainmnithe é POF Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Le linn 2021, rinneadh 13 nochtadh chosanta don POF, cuireadh iad sin ar fad ar aghaidh chuig an bhfoireann Iniúcháireachta agus Imscrúduithe chun iniúchadh agus imscrúdú a dhéanamh orthu. Cé go raibh tionchar ag srianta COVID-19 ar na sceidil ina ndearnadh fiosruithe, rinne an tÚdarás nó oifigigh údaraithe ó ghníomhaireacht oifigiúil fiosrú ar na líomhaintí éagóra a bhí ar fáil sna nochtuithe cosanta i ngach cás. I gcás inar braitheadh sáruithe ar an dlí bia, rinne an ÚSBÉ nó an ghníomhaireacht oifigiúil an gníomh forfheidhmithe cuí chun a chinntiú go raibh sláinte tomhaltóirí nó leasanna tomhaltóirí cosanta.

### Beartas Cothaithe Sláinte Poiblí


In 2021, chabhraigh an fhoireann Beartais um Chothú Sláinte Poiblí (CSP) leis an gCoiste Eolaíoch chun an Fochoiste Cothaithe Sláinte Poiblí 2021-2025 agus an Grúpa Oibre ar mholtaí vitimín D do dhaoine idir 5-65 bliain in Éirinn a bhunú. Go luath i 2021, chabhraigh foireann pholasaí an CSP le go leor fiosruithe ó na meáin ar thuarascáil nua an Choiste Eolaíoch “Moltaí Eolaíochta do threoirilínte cothaithe bunaithe ar bhia do dhaoine fásta breacaosta in Éirinn”. Ina theannta sin, tugadh cur i láthair ar phríomhthéama na tuarascála ag comhdháil bhliantúil Rannóg na hÉireann de chuid Chumann Cothaithe na hÉireann agus foilsíodh páipéar athbhreithnithe trí imeachtaí an Chumainn Cothaithe.

Príomh-Saineolaíls ball é Cothú Sláinte Poiblí don Chomhairle CORU ar an Bord Clárúcháin Daitéiteach. Lean foireann pholasaí an CSP de bheith mar chathaoirleach ag an Codex Alimentarius Electronic Working Group (EWG) ar théarmaí tagartha cothaithigh (TTC) a bhunú do dhaoine idir 6-36 mí d'aois. Áiríodh leis sin an páipéar clár oibre a chur i láthair ar an obair a críochnaíodh ag an gcruinniú iomlánach fíorúil i mí na Samhna 2021. Stiúir foireann pholasaí an CSP an obair athmhúnlaith d'Éirinn sa togra maoinithe ag an AE 'Best-ReMaP'. Mar chuid den tionscadal seo bailíodh sonraí ar bhreis is 3000 táirge bia ó cheithre cinn de na miondíoltóirí grósaeireachta is mó in Éirinn agus rinneadh anailís orthu chun treochtaí athfhoirmithe a mheas ag baint úsáide as sonraí a bhailigh an fhoireann roimhe seo.

### Tionscadal na Sábháilteachta Bia, an Albáin

I rith 2021, lean an Tionscadal um Shábháilteacht Bia ar aghaidh ag cur gníomhaíochtaí i bhfeidhm san Albáin chun caighdeán sábháilteachta bia, tréidliachta agus sláinte plandaí a neartú. Baineadh amach príomh-éachtaí maidir le creat dlíthiúil na hAlbáine a neartú, le forbairt acmhainní, le cumarsáid agus le feasacht agus le hullmhú do scagadh déthaobhach an AE. Reáchtáladh ceardlanna chun tacú leis na húdaráis inniúla agus iad ag measúnú tionchar an Rialacháin um Rialuithe Oifigiúla nua don Albáin. Rinneadh dul chun cinn ar rialuithe riosca-bhunaithe a fheabhsú le

modheolaíocht a fhorbairt chun próifiliú riosca a dhéanamh ar bhunaíochtaí bia chun minicíochtaí cigireachta cuí a aithint. Chruthaigh siad samhail measúnú riosca ar táirgí agraibhia iompórtáilte le bheith ar aon dul le cur chuige an AE ar rialuithe iompórtála. Cuireadh roinnt chlár traenála ar fáil d'fhoireann rialála oifigiúil ar ábhair lena n-áirítear measúnú ar chur chun feidhme HACCP i mbunaíochtaí éisc; sampláil micribhitheolaíochta; iniúchtaí roimh bháis agus iarbháis agus úsáid bhunachar sonraí RUDA (sainaithint agus gluaiseacht ainmhithe) Ardaíodh feasacht an phobail i measc tomhaltóirí, feirmeoirí agus oibreoirí gnó bia trí feachtais ar lipéadú bia, fliú éanúil agus sábháilteacht bhia sa samhradh. Le linn 2021, leanadh leis an obair freisin ar ullmhú doiciméad chun tacú leis an Albáin sna caibidlíochtaí aontachais AE atá le teacht do Chaibidil 12 d'*acquis* an AE.





## Kevin Roantree Stiúrthóir, Gnóthaí Corparáideacha

Cinntíonn réimse feidhmiúil na nGnóthaí Corparáideacha, atá faoi stiúir ag an Uasal Kevin Roantree, caighdeán agus ailíniú oibríochtaí corparáideacha an Údaráis chun a chinntiú go bhfuil na struchtúir, próisis agus córais tacaíochta i bhfeidhm chomh héifeachtach agus is féidir chun an tairbhe is fearr a bhaint as straitéis an ÚSBÉ.

Tá Gnóthaí Corparáideacha freagrach as acmhainní daonna, airgeadas, TF, bainistíocht faisnéise agus sonraí, forbairt eagrúcháin, Saoráil Faisnéise, rialachas corparáideach, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, agus bainistíocht saoraidí ginearálta na heagraíochta. Tá an réimse feidhmiúil seo lárnach chun a chinntiú go mbainfidh an tÚdarás a chuspóirí gnó amach go himmheánach agus go seachtrach, agus go mbaineann sé leas as cuir chuige nuálacha chun síorfheabhas a chur ar a sheirbhísí agus chun a chinntiú go mbainfear leas iomlán as acmhainní.

Mar thoradh ar fhoireann na nGnóthaí Corparáideacha freisin comhlíonann an tÚdarás ISO 9001:2015 dá chóras bainistíochta cáilíochta agus oibríonn sé le comhghleacaithe ar fud na heagraíochta chun pleanáil ghnó agus meicníocht tuairiscithe Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a fhorbairt agus a sheachadadh.

”

Thuarascáil Bhliantúil an ÚSBÉ 2021

Le linn 2021, chinntigh Gnóthaí Corparáideacha comhlíonadh a Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016), agus rinne sé tuairisciú air, agus chomhaontaigh sé a Chomhaontú Maoirseachta/a Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta



leis an Roinn Sláinte. Lean sé ar aghaidh le clár fairsing a chur chun cinn chun cultúr an Údaráis a fhorbairt, bhain sé deimhniú caighdeán ISO 9001:2015 amach, sholáthair sé raon leathan cláir oiliúna, agus bhain sé an leibhéal dearbhaithe ab airde amach maidir le héifeachtúlacht chórais rialuithe inmheánacha airgeadais an Údaráis, i ndiaidh athbhreithniú a chur i gcrích.

Tá réimse feidhmiúil na nGnóthaí Corparáideacha freagrach as airgeadas, Acmhainní Daonna, forbairt eagrúcháin, bailiú agus anailís sonraí, faisnéis, TF, agus saoráidí a bhainistiú, chomh maith le comhlíonadh dhualgais an Údaráis a bhainistiú agus a chinntiú maidir le rialachas, soláthar, Saoráil Faisnéise agus cosaint sonraí. Ina theannta sin, déanann sé maoirseacht ar phleanáil ghnó agus meicníocht tuairiscithe an Údaráis.

Le linn 2021, ag teacht le treoirínte an Rialtais, lean foireann an ÚSBÉ ag obair ón mbaile. Lean an réimse feidhme Gnóthaí Corparáideacha ar aghaidh ag soláthar tacaíochta don fhoireann trí thacaíocht teicneolaíochta a chinntiú a oibríonn go cianda, tríd an leibhéal is airde cumarsáide agus tacaíochta don fhoireann a choinneáil agus trí phróisis agus réitigh a oiriúnú chun ligean don

foireann a gcuid cuspóirí gnó a bhaint amach laistigh de chianthimpeallacht. Ina theannta sin, stiúir Gnóthaí Corparáideacha foireann thogra a thosaigh an tionscadal chun an eagraíocht a aistriú chuig samhail oibre chumaisc.

## Comhlíontacht eagrúcháin

Le linn 2021, chinntigh an tÚdarás comhlíonadh a Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016), agus rinne sé tuairisciú air, agus chomhaontaigh sé a Chomhaontú Maoirseachta/a Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta leis an Roinn Sláinte. Lena chois sin, sholáthair sé an fhaisnéis ba dhéanaí uair in aghaidh na ráithe don Roinn Sláinte ar dhul chun cinn i gcoinne an Chomhaontaithe Maoirseachta/an Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta mar chuid den socrú comhaontaithe rialachais, agus rinne sé amhlaidh laistigh de phleanáil ghnó fheabhsaithe agus creat tuairiscithe, a léirigh go soiléir an dul chun cinn chomh maith le haon athrú ó obair phleanáilte agus na bearta atá á ndéanamh chun é a bhainistiú.

## Rúnaí an Bhoird

Is é Kevin Roantree Rúnaí Bhord an ÚSBÉ. Is éard atá i gceist leis an ról seo ná tacú leis an mBord a chuid dualgas a chomhlíonadh. Tacaíonn an Rúnaí leis an mBord, tríd an gCathaoirleach, maidir le cúrsaí rialachais agus cinntíonn sé go bhfuil an fhaisnéis ábhartha ar fad ar fáil don Bhord agus dá choistí. I dteannta leis an gCathaoirleach, tá an Rúnaí freagrach as ionduchtú foirmiúil comhaltaí nua an Bhoird agus oiliúint, forbairt agus meantóireacht a eagrú do chomhaltaí an Bhoird nuair is gá.

## Bainistíocht cháilíochta

Tá an tÚdarás tiomanta do chóras bainistíochta cáilíochta láidre a chur i bhfeidhm, atá bunaithe go bunúsach ar chustaiméirí agus a riachtanais a shainaithint, ag pleanáil conas na riachtanais sin a chomhlíonadh, nósanna imeachta a thairfeadh mar is cuí, ag leagan cuspóirí intomhaiste síos do gach réimse feidhmiúil agus do gach ball foirne, agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an méid a bhaintear amach.

In 2021, bhain an tÚdarás deimhniú caighdeán ISO 9001:2015 amach.

## Forbairt eagrúcháin

Dhírigh foireann Acmhainní Daonna laistigh de réimse feidhmiúil Ghnóthaí Corparáideacha ar na hinniúlachtaí, scileanna agus eolas riachtanach a chinntiú i measc na foirne chun riachtanais eagrúcháin agus forbartha pearsanta a chomhlíonadh. Cuireann an tÚdarás béim láidir ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanúnach, agus spreagann sé an fhoireann chun leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí gairmiúla agus forbartha pearsanta. Le linn 2021, seachadadh raon leathan cláir oiliúna chun tacú leis seo, lena chois sin, tugadh clár forbartha bainistíochta isteach, agus thacaigh an tÚdarás freisin le roinnt baill foirne trí chlár forbartha agus bhreisoideachais.

## Airgeadas

Tá feidhm éifeachtúil airgeadais fós i bhfeidhm laistigh den Údarás, chun bainistíocht agus rialú iomchuí ar na hacmhainní a chinntiú, chomh maith le cinntiú go gcloítear le agus go gcomhlíontar caighdeáin chuntasaíochta ábhartha, agus go bhfuil córais agus rialuithe éifeachtacha bainistíochta airgeadais i bhfeidhm. Le linn 2021, rinne na hiniúcháirí inmheánacha athbhreithniú ar na córais um rialuithe airgeadais inmheánacha, agus bhí an leibhéal dearbhaithe a fuarthas ‘suntasach’, an leibhéal is airde atá ar fáil. Déanann an tÚdarás cinnte freisin go gcuirtear bearta buiséadta na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm maidir le tuarastal, rátaí taistil, soláthar agus coigiltis chaiteachais eile.





## An Dr Bernard Hegarty Stiúrthóir, Beartas um Fhorfheidhmiú

Tá réimse feidhmiúil an Bheartais um Fhorfheidhmiú, faoi stiúir an Dr Bernard Hegarty, freagrach as reachtaíocht bia a chur i bhfeidhm in Éirinn. Príomhghníomhaíocht is ea bainistiú na gconarthaí seirbhíse le gníomhaireachtaí oifigiúla an Údaráis, a chuireann na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin i gcrích.

Rinneadh córas na gconarthaí seirbhíse maidir le forfheidhmiú na reachtaíochta um shábháilteacht bia a shainordú faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998, arna leasú. Tá conarthaí seirbhíse i bhfeidhm le 30 gníomhaireachtaí oifigiúla. Tá formhór gníomhaíochtaí fhoireann an Bheartais um Fhorfheidhmiú dírithe ar thacú leis an gcuspóir straitéiseach maidir le reachtaíocht bia a chur i bhfeidhm le comhpháirtithe rialála Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

Cuireann foireann an Bheartais um Fhorfheidhmiú comhairle freisin ar Ranna Rialtais i dtaca le reachtaíocht mholta agus reáchtálann sé ceann d'fhóiraim chomhairleacha an Údaráis (An Coiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach). Tá ceithre phríomhghníomhaireacht oifigiúla ann, agus tá struchtúr réimse feidhmiúil an Bheartais um Fhorfheidhmiú le feiceáil sa tsamhail oibriúcháin seo. Eagraíonn an fhoireann an t-ullmhú agus an t-iarchúram freisin maidir leis na hiniúchtaí trasghníomhaireachtaí a dhéanann an Coimisiún Eorpach agus comhlachtaí eile.

”

Lean na rialuithe oifigiúla ar bhia de bheith i bhfeidhm le linn 2021 in ainneoin na ndúshlán a bhain leis an bpaindéim COVID-19. Le linn na bliana, d'fhoilsigh an tÚdarás 59 Ordú Forfheidhmiúcháin (lena n-áirítear 47 Ordú Dúnta, 10 Ordú Toirmisc agus 2 Ordú Feabhsúcháin) a seirbheáladh do ghnólachtaí bia le haghaidh sárúithe ar reachtaíocht sábháilteachta bia. Bhí méadú 40% ar na 42 orduithe a seirbheáladh i 2020, a thugann le fios go raibh téarnamh éigin i ngníomhaíocht fhorfheidhmiú. Bí líon na n-orduithe a seirbheáladh i 2020 i bhfad níos lú ná an 125 in 2019, a léiríonn an tionchar ollmhór a bhí ag an bpaindéim COVID-19 ar an tionscal bia.



Fógraíodh cúig ionchúiseamh a tógadh mar gheall ar shárúithe ar reachtaíocht sábháilteachta bia: trí cinn ag FSS agus dhá cheann ag an ÚSBÉ. Foilsíodh téacsanna iomlána na nOrduithe Forfheidhmiúcháin, chun trédhearcacht a thabhairt don phróiseas rialuithe oifigiúla agus chun gnólachtaí bia a chur ar an eolas faoi chleachtais atá le seachaint.

Bhí tionchar freisin ag an bpaindéim COVID-19 agus na srianta ar an gcóras rialála oifigiúil. In theannta áiteanna a bheith dúnta de dheasca na srianta, cuireadh bac ar chigireachtaí mar gheall ar an ngá le cloí le scaradh sóisialta agus níorbh fhéidir iniúchtaí a dhéanamh i roinnt gnólachtaí seirbhíse bia le tomhaltóirí/cónaitheoirí leochaileacha, cosúil le thithe altranais. Ghlac Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an FSS breis oibre air féin, lena n-áirítear obair rianaithe teagmhála chun tacú leis na

rialuithe paindéime agus seiceálacha ar bhia laistigh, chun comhlíonadh srianta COVID-19 a chinntiú. Bhí dualgas ar roinnt saotharlanna micribhitheolaíochta bia foireann agus áiseanna a athreorú le tástáil samplaí don víreas COVID-19, agus laghdaigh sé sin dá dheasca a gcumas chun rialuithe oifigiúla bia a dhéanamh. Ba ghá bearta den sórt sin a theorannú chun go bhféadfaí gnáthrialuithe bia a atosú a luaithe ab fhéidir.

Déantar na rialuithe oifigiúla faoi chonarthaí seirbhíse le 30 gníomhaireacht oifigiúla. Rinneadh ath-idirbheartaíocht ar na conarthaí seirbhíse leis an FSS, RTBM agus an UCNE i 2021. Cuireadh síneadh leis na conarthaí leis na húdaráis áitiúla go dtí an 31 Márta 2022 chun plé idir-rannach a cheadú ar thodhchaí na seirbhíse seo. Sonraítear riachtanais an Reachtaíocht nua AE leasaithe ar rialuithe oifigiúla sna conarthaí nua (Rialachán (EU) 2017/625). Rinne an ÚSBÉ comhaontú cuimsitheach um roinnt sonraí a idirbheartú leis an RTBM freisin. Lean an ÚSBÉ agus na gníomhaireachtaí oifigiúla ar aghaidh ag déanamh bainistíochta agus monatóireachta ar chonarthaí seirbhíse trí chianobair, agus tionóladh na cruinnithe riachtanacha go léir go fíorúil i rith na bliana.

Thug foireann TF an USBÉ go leor cabhair dá gcomhghleacaithe ar an bhfoireann Bheartas um Fhorfheidhmiú bogadh go hobair chianda fíorúil. Cé go raibh dúshlán leis an mbogadh tapa go hobair chianda agus úsáid teicneolaíochtaí cianoibre, thug sé go leor deiseanna dúinn chomh maith. D'athraigh cur i bhfeidhm na dteicneolaíochtaí seo an bealach a ndeachaigh foireann an Bheartais Forfheidhmithe i ngleic leis na gníomhaireachtaí oifigiúla

agus le grúpaí páirtithe leasmhara tábhachtacha eile. D'éascaigh siad rannpháirtíocht níos fairsinge, cumarsáid níos gasta agus cinntí níos gasta go minic agus dul chun cinn níos fearr ar chúrsaí tábhachtacha. Toisc nach raibh orainn caibidlíocht a dhéanamh maidir le hinfhaighteacht áiseanna fisiceacha cuí laistigh nó lasmuigh den USBÉ, bhí sé i bhfad níos fusa imeachtaí maidir le páirtithe leasmhara a eagrú, agus rinne teicneolaíochtaí cianoibre freastal ar imeachtaí agus páirt a ghlacadh iontu – nó codanna d'imeachtaí – ina rogha níos réadúla do líon níos leithne agus níos mó páirtithe leasmhara. Agus sinn ag súil le fillleadh ar ghnáth-mhodhanna oibre go luath sa todhchaí, an dúshlán is mó a bheidh romhainn ná an leibhéal rannpháirtíochta chéanna ó na páirtithe leasmhara, an rud is mó a sheas amach le 2 bhliain anuas, a chaomhnú agus a fhorbairt níos mó.

### An reachtaíocht um rialuithe oifigiúla



Le linn 2021, lean an tÚdarás ar aghaidh lena ghníomhaíocht maidir le reachtaíocht leasaithe AE i leith rialuithe oifigiúla, Rialachán (AE) 2017/625.. Leagann an Rialachán seo rialacha síos maidir le feidhmíocht Bhallstáit an AE i dtaobh rialuithe

san earnáil agrairbhia, tá sé ann in ionad reachtaíocht reatha rialuithe oifigiúla, Rialachán (AE) Uimh. 882/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 854/2004.

Leanadh de chlár oibre chun Rialachán (AE) 2017/625 a chur chun feidhme le linn 2021, lena n-áirítear:

- Comhoibriú leis na gníomhaireachtaí oifigiúla ar choiste straitéiseach tras-ghníomhareachta chun maoirseacht a dhéanamh ar chóras na rialuithe oifigiúla a fhorbairt.
- Ionchur i bhforbairt reachtaíochta treasaí (Achtanna AE a chur i bhfeidhm agus a tharmligean) i dtaca le Rialachán (AE) 2017/625 ag leibhéal AE
- Liosta cuimsithigh maidir le reachtaíocht um rialuithe oifigiúla, lena n-áirítear an reachtaíocht threasach mar acmhainn do na gníomhaireachtaí oifigiúla agus don Údarás
- Treoir agus oiliúint a sholáthar do na gníomhaireachtaí oifigiúla ar riachtanais an Rialacháin ar fhorfheidhmiú na reachtaíochta náisiúnta
- Comhairle a sholáthar don Roinn Sláinte agus don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar an reachtaíocht náisiúnta chun éifeacht a thabhairt do riachtanais an Rialacháin.



### Bainistíocht ar chonarthaí seirbhíse

I rith 2021, bhí an fhoireann Beartais Forfheidhmithe i gceannas ar phlé leis an gCumann Bainistíochta Contae agus Cathrach (CBCC), a dhéanann ionadaíocht thar ceann Phríomhfheidhmeannaigh na n-údarás áitiúil.

Ba é aidhm an idirphlé cuiditheach ná athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú agus maoiniú sheirbhís tréidliachta an údaráis áitiúil agus múnla don todhchaí a mholadh. An toradh a bhí ar an idirphlé ná



moladh ón CBCC, a cheap an USBÉ nach mbeadh mar bhonn oiriúnach don seirbhís amach anseo. Moladh aistriú na seirbhíse chuig an RTBM mar rogha don todhchaí, agus leathnaíodh an conradh seirbhíse agus an maoiniú leis na húdaráis áitiúla go dtí 2022 chun am a cheadú chun an t-aistriú seo a thabhairt chun críche.

In 2021, d'oibrigh an tÚdarás leis na gníomhaireachtaí áitiúla i ndiaidh deireadh an idirthréimhse mar a chuireadh ar fáil don Chomhaontaithe um Tharraingt Siar Brexit. Bhí ar an córas rialaithe oifigiúil a bheith in oiriúint do mhéadú mór ar rialuithe oifigiúla ar bhia iompórtáilte, a léiríonn stádas an RA mar thríú thír (Tuaisceart Éireann) D'oibrigh an USBÉ leis na gníomhaireachtaí oifigiúla chun ullmhú don cheanglas atá beartaithe don RA go mbeidh deimhnithe tréidliachta ag gabháil le coinsíneachtaí de bhíanna de bhunadh ainmhíoch ó Éirinn go dtí an Bhreatain Mhór. Bhí moill ar an gceanglas ar deireadh go dtí 2022, mar a mbeidh sé tagtha isteach i dtrí chéim idir 1 Iúil agus 1 Samhain 2022. Áiríodh leis na hullmhúcháin roinnt gnólachtaí bia a aistriú idir na gníomhaireachtaí oifigiúla chun deimhniú éifeachtach a éascú.

Forordaítear le I.R. Thug uimh. 79/2020, a leasaigh reachtaíocht leasaithe an AE ar rialuithe oifigiúla, Rialachán (AE) 2017/625, freagrachtaí nua don Údarás, ar a n-áirítear maoirseacht ar shaotharlanna oifigiúla atá ainmnithe ag an Roinn Sláinte, agus an riachtanas le go bhfoilseodh an tÚdarás agus an FSS treoirlínte chun tacú le gnéithe éagsúla den Rialachán a fhorfheidhmiú. Chuir

an tÚdarás agus an FSS clár oibre suntasach i gcrích chun an treoir seo a fhorbairt, lena n-áirítear:

- treoir a eisiúint ar sholáthar thuairim an dara saineolaí ar shampláil oifigiúil agus tástáil bia.
- aitheantas a thabhairt do shaineolaithe cáilithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar doiciméid
- úsáid na gcumhachtaí forghníomhaithe atá ar fáil faoi I.R. Uimh. 79/2020.

Leanann an tÚdarás de threoir a sholáthar ar shocruithe maoirseachta le haghaidh gnólachtaí bia le gníomhaíochtaí bia casta ina bhféadfadh níos mó ná gníomhaireacht oifigiúil amháin a bheith ag déanamh rialuithe oifigiúla. Chomhaontaigh cruinniú grúpa tras-ghníomhaireachta athruithe ar an treoir reatha. Dhréachtaigh an grúpa seo treoir freisin chun feabhas a chur ar chomhsheasmhacht idirghníomhaireachta na bpróiseas chun formheas a fháil ó ghníomhaireacht oifigiúil agus í ag próiseáil bianna de bhunadh ainmhíoch – ceanglas reachtach do ghnóthais bia áirithe.

Tá an tÚdarás ina chathaoirleach ar chruinnithe leis an gCoiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach, fóram páirtithe leasmhara do thionscal an tsliogéisc. Leanadh leis na cruinnithe ar líne le linn 2021 agus ba dhíol suntas é go raibh an freastal níos airde ná mar a taifeadadh ag cruinnithe fisiciúla den fhóram roimhe seo, le níos mó ionadaithe ó ghrúpaí páirtithe leasmhara éagsúla rannpháirteach. Fuair rannpháirtithe ón gcruinniú an t-eolas is

déanaí ón Údarás, ón Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara, agus óFhoras na Mara ar ghníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí seo.

Comhordaíonn foireann an Bheartais Forfheidhmithe ullmhúchán agus obair leantach na ngníomhaireachtaí oifigiúla do na hiniúchtaí a dhéanann an Coimisiún Eorpach (DG SANTE) chun comhlíonadh na reachtaíochta rialuithe oifigiúla ag Éirinn a fhíorú. In 2021, áiríodh san obair seo:

- I mí Eanáir, cuireadh freagraí ar iniúchadh 2020 i gcric a dhearna iniúchadh ar rialála ar chalaíoch bhia i ngach gníomhaireacht oifigiúil.
- Iniúchadh a chomhordú chun rialú iarmhair agus ábhar salaithe in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe a mheas
- Iniúchadh a chomhordú chun na córais rialaithe i bhfeidhm sa RTBM agus na húdaráis áitiúla maidir le feoil bhó a tháirgeadh agus a chur ar an margadh, lena n-áirítear inrianaitheacht, a mheas.
- Ullmhúcháin chuimsitheacha a dhéanamh do iniúchadh próifíle tíre de chuid an DG SANTE, lena n-áirítear leanadh suas leis na torthaí agus moltaí a iniúchtaí le cúpla bliain anuas.

### Obair chomhairleach

D'ullmhaigh an tÚdarás comhairle don Roinn Sláinte ar fhorbairtí i reachtaíocht náisiúnta agus reachtaíocht an AE. Tacaigh an chomhairle sin ullmhú na Roinne Sláinte ar dhá ordú nua (I.R. Uimh. 152/2021 agus I.R. Uimh. 543/2021 faoi Alt 5 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 chun nuashonrú a

dhéanamh ar liosta na ndlíthe bia laistigh de shainchúram Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus na conarthaí seirbhíse. Chuir an ÚSBÉ comhairle ar fáil freisin maidir le hathbhreithniú molta ar na dlíthe a cheadaíonn do mhiondíoltóirí bia bianna de bhunadh ainmhíoch a sholáthar do mhiondíoltóirí eile faoi mhaolú an AE ar cheanglais bhreise na reachtaíochta sláinteachais bia.



### Rannpháirtíocht an AE

San áireamh sa rannpháirtíocht Eorpach tá rannpháirtíocht leanúnach le dhá Ballstát eile agus le grúpaí saineolais an Choimisiún Eorpach, chomh le hobair ar an reachtaíocht maidir le rialú ábhair theagmhála bia agus ar fhormaid chaighdeánach chun Pleananna Rialuithe Náisiúnta a tháirgeadh le haghaidh rialuithe oifigiúla trasna an AE, agus chun tuairisciú orthu. Cheap an Roinn Sláinte agus an RTBM an ÚSBÉ mar an pointe teagmhála aonair a cheanglaítear le Rialachán(AE) 2017/625 maidir le Pleananna Rialaithe Náisiúnta a chruthú. Lena chois sin, ghlac baill foirne an Bheartais um Fhorfheidhmiú páirt i ngrúpa oibre AE i dtaca le rialacha AE a chomhlíonadh i dtuairiscíocht agus tuairisciú ar ola olóige.





## **Gail Carroll** **Stiúrthóir, Gnóthaí Rialála agus Tógáil** **Comhlíontachta**

Stiúránn Gail Carroll limistéar feidhme na nGnóthaí Rialála agus Tógáil Comhlíontachta (GRTC). Ceapadh Gail mar Stiúrthóir i Lúnasa 2021 agus tá foireann ildisciplíneach saineolaithe sa rialáil bhia agus tógáil comhlíontachta faoina stiúir.

Is foireann nua í an fhoireann GRTC a bhunaíodh in 2021 a d'eascair ó athstruchtúró eagraíochta ar an sean-foireann Bhainistíocht Riosca agus Cúrsaí Rialála tar éis don Stiúrthóir Ray Ellard dul ar scor i 2021.

Tá ceithre fhoireann san GRTC - Sláinte Comhshaoil, Traenáil agus Comhlíonadh, Sláinte Phoiblí Tréidliachta agus Talmhaíocht, agus iompórtálacha agus easpórtálacha. Oibríonn an fhoireann GRTC go dlúth leis an bhfoireann sna gníomhaireachtaí oifigiúla chun tacú le cur i bhfeidhm dlí bia go seasta agus go heolach trí tacú le feidhmiú trí treoir agus traenáil. Oibríonn an GRTC is gcomhar leis an earnáil bhia chun comhlíonadh i dtaobh caighdeáin agus reachtaíocht bhia a ardú, reáchtálann sé miondíola an Údaráis, fóraim earnáil na bia agus dTáirgeoirí Ceardbhia agus bainistíonn sé Comhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bia an ÚSBÉ. Tugann an fhoireann GRTC sainchomhairle don Roinn Sláinte agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Cúrsaí Mara agus tacaíonn sé leo reachtaíocht bhia ar bhonn Aontais Eorpaigh agus go hidirnáisiúnta a fhorbairt trí Codex Alimentarius.

”

Thuarascáil Bhliantúil an ÚSBÉ 2021



Bainistíonn limistéar feidhme an GRTC córas fógartha forlíonta bia an Údaráis. Tá ceangal de réir an dlí orthu siúd a chuireann forbhia ar an margadh an ÚSBÉ a chur ar an eolas agus cóip den lipéad forbhia a sholáthar don Údarás. Le linn 2021 cuireadh os cionn 4,500 forbhia in iúl don Údarás, méadú 50% ar

2020 agus méadú os cionn 100% ó 2018. Tá méadú tagtha freisin ar a chasta is atá saincheistanna rialála agus forfheidhmithe le bainistiú, de bharr réimse cúinsí lena n-áirítear an méadú ar an éileamh agus ar an raon forbhia, an fás ar a soláthar trí ríomhthráchtáil, Brexit agus saincheistanna sonracha eile, mar shampla an méadú ar fhorlíontaí cannaibidé-ól (CBD) agus fadhbanna a bhaineann le hiarmhair ocsaíd eililéine. Mar fhreagra ar an treocht sin, chuir ÚSBÉ tús le hathbhreithniú ar an gcaoi a ndéantar forlíonta a rialáil, a leanfar ar aghaidh go dtí 2022. Déanann an ÚSBÉ rialú ar fhorbhia i gcomhar leis an obair suntasach a dhearna FSS in 2021 chun dul i ngleic le fadhbanna comhlíontachta agus le hobair ghníomhaireachtaí eile ar nós an ÚRTS.

### **Comhairliúchán agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara**

Príomhchuid de ról an GRTC is ea dul i ngleic go réamhghníomhach leis an tionscal bia chun comhlíonadh na reachtaíochta bia a mhéadú. Bíonn teagmháil an ÚSBÉ le grúpaí ionadaíochta tionscail éagsúla, rud a chuireann lena chumas a

bheith ar an eolas ar na tuairimí atá ag earnála tábhachta den tionscal bia in Éirinn agus ag am céanna ag tabhairt deis phraiticiúil don ÚSBÉ a bheith rannpháirteach ar chúrsaí shábháilteacht bia agus ar rialála bia.

### **An Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bia**

Cheap an tAire Sláinte, Stephen Donnelly TD, Comhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bia (CCSB) nua don tréimhse 2021/2026. Is é an tUasal Ray Bowe Cathaoirleach an Chomhairle agus tá 23 ionadaí air ón earnáil tomhaltóra, bia, ón gcigireacht bhia agus ionadaithe acadúla, agus tá 12 acu seo nuacheaptha in 2021. Is Comhairle reachtúil í an CCSB a bunaíodh faoi Alt 14 den Acht um ÚSBÉ, 1998. Is é an aidhm atá aige ná comhairliúcháin a éascú, chun caighdeáin a fheabhsú nó le haghaidh aon rud eile a bhaineann le feidhmeanna an Údaráis. In 2021, bhí cruinnithe an Chomhairle ar líne go fóill, agus phléigh siad le go leor ábhair lena n-áirítear an tionchar atá an COVID-19, Brexit, ábhair éagsúla maidir le sábháilteacht bhia, rialachas an Chomhairle agus forbairt plean oibre nua. I mí na Samhna thionóil an Chomhairle cruinniú oscailte ar 'Chultúr na sábháilteachta bia – conas a bhaineann Gnólachtaí Bia agus Tomhaltóirí leas as'. Bhí cur i láthair agus plé le príomh-shaineolaithe mar chuid den imeacht agus chualathas raon ionadaithe tionscail ar an gcaoi a bhfuil siad ag tógáil cultúr sábháilteachta bia. Bhí i bhfad níos mó daoine in ann freastal agus an cruinniú ar líne, le 450 sa lucht freastail le linn an imeachta beo, agus d'fhéach cúpla céad air ar líne i ndiaidh an imeachta.

## Fórait Thionscail

Bhí GRTC ina chathaoirleach ar chruinnithe ar líne Fhóram Miondíola an ÚSBÉ, an Fhórait Seirbhíse Bia agus an Fhórait Cheardaithe i rith 2021. Is bealach tábhachtach iad na Fórait Thionscail seo don ÚSBÉ chun dul i gcomhairle leis an tionscal bia ag tabhairt iomaitheoirí ó earnáil den tionscal bia le chéile chun sábháilteacht bia a phlé leis an ÚSBÉ agus chun dea-chleachtas a chur chun cinn ina n-earnáil. Pléadh raon ábhar le linn 2021 lena n-áirítear fócas ar leith ar Brexit leis an bhFóram Miondíola agus plé agus malartú faisnéise ar shaincheisteanna éagsúla sábháilteachta bia tráthúla. Foilsítear miontuairiscí cruinnithe uile CCSB agus fórait thionscal an bhia ar shuíomh Gréasáin an ÚSBÉ chun trédhearcacht san obair seo a éascú.



## Sláinte Chomhshaoil agus Gnóthaí Rialála

Ag tús 2021 chuaigh Príomh-Speisialtóir an ÚSBÉ i Sláinte Chomhshaoil, Dorothy Guina Dornan, ar scor, d'fhan an post folamh le linn 2021 ach tá Príomh-

Speisialtóir nua i Sláinte Chomhshaoil líonta aige anois.

Tá ról riachtanach ag an bhfoireann Shláinte Chomhshaoil agus iad ag cosaint an tomhaltóra tríd an ÚSBÉ; an tSeirbhís Sláinte

Comhshaoil, Seirbhís Saotharlainne Sábháilteachta Bia an FSS agus gníomhaireachtaí oifigiúla eile maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú comhsheasmhach agus éifeachtach na reachtaíochta bia. Oibríonn siad go dlúth leis an tionscal chun comhlíonadh a chothú agus cultúr sábháilteachta bia a chothú laistigh de thionscal bia na hÉireann. In 2021 bhí foireann Sláinte Comhshaoil an GRTC i gceannas ar sholáthar sainchomhairle ar raon saincheisteanna gnóthaí rialála lena n-áirítear athrú mór ar an reachtaíocht um lipéadú bia a mholtar faoi straitéis an AE 'Feirm go Forc'. D'óstáil an ÚSBÉ comhairliúchán poiblí ar thograí an AE thar ceann na Roinne Sláinte, chomh maith le freagraí agus páipéir sheasaimh a ullmhú don Rialtas i ndáil le tograí an AE, rannpháirtíocht le geallsealbhóirí tionscail ar na hathruithe atá beartaithe, freastal ar chruinnithe AE ar topaicí a lipéadú agus cathaoirleacht a dhéanamh ar fhoghrúpa Cheannairí Gníomhaireachtaí an AE maidir leis an gcreat reachtach do chórais bia inbhuanaithe.

Bhí rannpháirtíocht rialta ag an bhfoireann le comhlachtaí trádála ar shaincheisteanna rialála, lena n-áirítear dóibh siúd a bhaineann le deochanna biotáilleacha, ag déileáil le gearáin ón tionscal faoi lipéadú biotáillí agus saincheisteanna comhlíonta éagsúla. Oibríonn an ÚSBÉ ar shaincheisteanna rialála deochanna biotáilleacha i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus na Coimisinéirí Ioncaim agus Custaim.

Le linn 2021, bhí rannpháirtíocht rialta againn le Food Drink Ireland (FDI), Fiontraíocht Éireann agus comhlachtaí trádála eile ar raon de

shaincheisteanna rialála a bhain le Brexit, bianna le haghaidh cúiseanna leighis faoi leith, lipéadú bia, forlíontaí bia agus ábhair eile

Leanadh leis an obair ar rialacháin agus rialuithe oifigiúla ar bhia a dhíoltar trí ríomhthráchtáil. D'oibrigh an ÚSBÉ leis an FSS maidir le freagrachtaí clárúcháin agus ceanglais eile de dhlí an bhia a bhaineann le hoibreoírí ríomhthráchtála a éascaíonn seachadadh bia ullmhaithe ó gnáthbhalanna agus ó bhialanna gasta. D'fhéadfadh go mbeadh gá le cineálacha cur chuige nua a fhorbairt maidir le forghníomhú an dlí bia de bharr leitheadúlacht mhéadaithe na n-oibreoírí seo.

Le linn 2021, ghlac baill na foirne páirt i ngrúpaí oibre an AE ar an dlí ginearálta bia, ríomhthráchtáil, faisnéis agus lipéadú bia, rialuithe oifigiúla, agus rialuithe allmhairithe a chuidíonn le forbairt reachtaíochta ar leibhéal an AE agus ag soláthar sainchomhairle don Roinn Sláinte maidir le reachtaíocht bia.

## Sláinte Phoiblí Tréidliachta agus Talmhaíocht

Cuireann foireann saineolaithe ar Shláinte Phoiblí Tréidliachta de chuid fhoireann GRTC tacaíocht shainiúil ar fáil do gníomhaireachtaí oifigiúla agus don tionscal i gcoitinne trí chomhairle a



  - Oighear agus Uisce – measúnú a dhéanamh ar Rialuithe Rialála (trasghníomhaireachta)
  - Áireamhán ar chaoifhulaingt Chothú (FSS)
  - Teagmhais Bia (foireann an ÚSBÉ)
  - Traenáil ar Lipéadú Déiríochta – Éilimh Sláinte Chothaithe (cigireacht déiríochta an RTBM)
  - Traenáil ar Lipéadú Déiríochta – Faisnéis ar Bhia do Thomhaltóirí (cigireacht déiríochta an RTBM)
  - Bia Nua (FSS).
- Nuashonraíodh sraith ábhar oiliúna agus acmhainní, agus forbraíodh acmhainní nua roimh Mhísean Athbhreithnithe Ginearálta an Sante F 2021. Ina measc siúd, bhí:
  - Seimineár gréasáin: Blastáin bhia sna hearnálacha feola agus déiríochta (RTBM agus Údarás Áitiúil (UA))
  - Dhá mhodúil r-fhoghlaim: Módúil r-fhoghlaim ar bhreiseáin bhia 2021 (uasdátaithe) (trasghníomhaireacht)
  - Cúrsa féin-fhreastal: Traenáil ar bhreiseáin bhia (trasghníomhaireacht)
  - Bhainistigh sé gnéithe de rannpháirteachas na hÉireann i gclár an Choimisiúin Eorpaigh um Oiliúint Níos Fearr i gcomhair Bia Níos Sábháilte.
  - Córas fógartha bia a rith maidir le forlíontaí bia, bianna le haghaidh cúiseanna leighis faoi leith agus bainne foirmle do naíonáin/bainne foirmle leantach. Críochnaíodh roinnt feabhsuithe ar an mbunachar sonraí fógraí in 2021 chun feidhmiúlacht na n-úsáideoirí deiridh agus an ÚSBÉ a fheabhsú.
  - Fiosruithe teicniúla, rialála agus dlíthiúla a bhainistiú ó fhoireann na gníomhaireachta agus an Údaráis.
- Rinne an ÚSBÉ athbhreithniú ar fhorbairtí Brexit agus tugadh comhairle chun tacú leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí áitiúla le ceanglais nua ón 1 Eanáir 2021. Is é a bhí i gceist leis seo oibriú leis an Rialtas agus leis na Gníomhaireachtaí Oifigiúla chun tacú le

rialuithe oifigiúla nua ar bhianna allmhairithe ón Ríocht Aontaithe (gan Tuaisceart Éireann san áireamh) 2021 faoin gComhaontú Trádála agus Comhair agus faoi Phrótocal na hÉireann/Thuaisceart Éireann.

- Lena chois sin tugadh faoi obair leis an Rialtas, le Gníomhaireachtaí Oifigiúla agus leis an tionscal chun ullmhú do rialuithe oifigiúla maidir le deimhniú easpórtála go dtí an Bhreatain de réir na Samhla um Oibríochtaí Teorann sa Ríocht Aontaithe. Is éard a bhí i gceist leis seo ná measúnú FSAI ar áitribh mhaoirseachta LA agus FSS, rialuithe oifigiúla, agus comhordú ar aistriú maoirseachta d'áitribh a dteastaíonn deimhniú onnmhairithe tréidliachta uathu.

### **Cuspóir 1.2**Rioscaí a bhainistiú sa bhiashlabhra agus freagairt go héifeachtach d'aon teagmhas bia nó géarchéim bhia náisiúnta nó idirnáisiúnta

- Fuair an FSAI Dhá Fhógra Mear-Chalaoise is Tríocha maidir le Bia agus Beatha (iRASFF) in 2021. Chruthaigh an ÚSBÉ sé Fógra Calaoise Bia iRASFF in 2021.
- Téama comhsheasmhach do na gníomhaireachtaí oifigiúla le linn 2021 ba ea an tionchar a bheadh ag Brexit ar ghnéithe eile de na rialuithe oifigiúla a dhéanann gníomhaireachtaí oifigiúla agus an tÚdarás. D'oibrigh an ÚSBÉ le gach cuid den Rialtais agus gníomhaireachtaí oifigiúla chun athruithe ar rioscaí a bhainistiú agus chun freagairt dóibh ón 1 Eanáir 2021 mar chuid den fhreagairt náisiúnta ar Brexit. Áiríodh leis sin freagairt ar shaincheistanna agus ar theagmhais nua maidir le bianna a iompórtáladh go hÉirinn ón RA a forbraíodh le linn 2021.
- In 2021, dhéileáil an tÚdarás le 724 teagmhas bia.
- Shainaithin agus thuairiscigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, le tacaíocht óna ghníomhaireachtaí oifigiúla, 28 táirge do Chóras Mear-Rabhaidh Eorpach um Bia don Duine agus d'Ainmhithe de chuid an Aontais Eorpaigh. Oibríonn sé seo ar bhonn 24/7/365.

### **Cuspóir 1.3**Sábháilteacht, ionracas agus barántúlacht an bhiashlabhra a chinntiú trí sháruithe ar an dlí faoi bhia a aimsiú, a dhíspreagadh agus a sheachaint, agus beart a dhéanamh chun tomhaltóirí a chosaint

- Eisíodh 154 fógra poiblí san iomlán faoi bhia a aistarraingt nó a bhaint den mhargadh i bhfoirm foláirimh bhia (119) agus foláirimh ailléirgine bia (35), rud is ionann agus laghdú beag ar na foláireamh ar an iomlán in 2020.
- Chun tacú le hobair fhoireann na dteagmhas bia, rinneadh 159 measúnú riosca, lena n-áirítear 108 i réimse na sábháilteachta ceimicí amháin.
- Rinneadh nócha fiosrúchán i gcomhar le húdaráis rialála Stáit eile agus na gníomhaireachtaí oifigiúla.

- Rinneadh iniúchóireacht ar sheacht nochtadh chosanta.
- In 2021, d'fhoilsigh an tÚdarás 59 Ordú Forfheidhmiúcháin (lena n-áirítear 47 Ordú Dúnta, 10 Ordú Toirmisc agus 2 Ordú Feabhsúcháin) a seirbheáladh do ghnólachtaí bia le haghaidh sárúithe ar reachtaíocht sábháilteachta bia. Léirigh é seo laghdú 40% ar na 42 Ordú Forfheidhmiúcháin a seirbheáladh in 2020, nuair a bhí laghdú mór ar orduithe forfheidhmiúcháin de dheasca an tionchar ollmhór a bhí ag paidéim COVID-19 ar earnáil na seirbhíse bia.

### **Cuspóir 1.4** Ár ndícheall a dhéanamh chun córas rialaithe bia oifigiúil den chéad scoth d'Éirinn a sholáthar a sheachadann na torthaí is fearr le haghaidh tomhaltóirí

- In 2021 tugadh fógra faoi 427 bia do ghrúpaí sonracha agus rinneadh measúnú orthu maidir le comhlíonadh na reachtaíochta infheidhme maidir le comhdhéanamh, le 404 maíomh cothaithe agus sláinte seiceáilte maidir le comhlíonadh na mbianna sin.
- Rinneadh iniúchadh ar ábhair mhargaíochta trí chuideachta bainne foirmle do naíonáin freisin chun cloí le cód cleachtas comhaontaithe ailínithe le comhlíonadh na reachtaíochta infheidhmithe a chuireann srian le héilimh agus cur chun cinn na mbianna seo.
- Le linn 2021, líon na bhforbhianna a cuireadh faoi bhráid an ÚSBÉ faoi I.R. Lean ar 506 as 2007 ag méadú, go 4824 in 2021 i gcomparáid le 3161 in 2020, mar aon le méadú ar a chasta is a bhí na saincheisteanna a dtabharfar aghaidh orthu i ndáil le forlíoantaí dá dtugtar fógra. I ráithe 4 2021, chuir an ÚSBÉ tús le athbhreithniú ar fógraí forbhia, a leanfaidh ar aghaidh in 2022.
- Faoi rialúcháin na mbianna nua, cuireadh réamhráitis ar fáil d'fhógróirí trí bhia thraidisiúnta; tugadh aiseolas ar 11 chomhairliúchán Alt 4 nua ó bhallstáit eile; agus fuair an ÚSBÉ 8 n-iarratas Alt 4 agus tá siad á bpróiseáil. Soláthraíodh faisnéis don Roinn Sláinte maidir le 22 bia nua, a mhol an Coimisiún Eorpach vóta ón mballstáit orthu sula n-ionchorpraítear iad sa liosta ceadaithe.
- Rinne an ÚSBÉ athbhreithniú ar 12 mheasúnú riosca ÚESB agus cuireadh an Roinn Sláinte ar an eolas chun a vóta ar a gcuimsiú ar liosta dearfach an AE a éascú.
- Foilsíodh tuarascáil ar thionchar COVID-19 ar fhorfheidhmiú an dlí bia in Éirinn in 2022 ar shuíomh Gréasáin an ÚSBÉ.
- Rinneadh nuashonrú ar thuarascálacha iniúchóireachta agus pleananna gníomhaíochta.
- Forbraíodh dhá thionscadal iniúchóireachta chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe oifigiúla.
- Le linn 2021, lean an tÚdarás ar aghaidh le hobair ar fhorfheidhmiú na reachtaíochta athbhreithnithe an AE ar rialuithe oifigiúla, Rialachán (AE) 2017/625. Leagann an Rialachán seo rialacha síos maidir le feidhmíocht Bhallstáit an AE i dtaobh rialuithe san earnáil agraibhia agus tá sé ann in ionad reachtaíochta reatha rialuithe oifigiúla (Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 854/2004). Áiríodh san obair seo Coiste Stiúrtha RRO leis an ÚSBÉ, RTBM, FSS, ÚCIM agus UA.
- Chomhordaigh an ÚSBÉ ullmhúchán agus obair leantach na ngníomhaireachtaí oifigiúla do na hiniúchtaí a dhéanann an Coimisiún Eorpach (DG Santé) chun comhlíonadh na reachtaíochta rialuithe oifigiúla ag Éirinn a fhíorú. In 2021, áiríodh san obair seo:
  - Freagraí ar iniúchadh 2020 a chur i gcrích a d'fhéach ar rialála ar chalaíoch bhia i ngach gníomhaireacht oifigiúil

- Iniúchadh a chomhordú chun rialú iarmhair agus ábhar salaithe in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe a mheas
- Iniúchadh a chomhordú chun na córais rialaithe i bhfeidhm sa RTBM agus na húdaráis áitiúla maidir le feoil bhó a tháirgeadh agus a chur ar an margadh, lena n-áirítear inrianaitheacht, a mheas.
- Ullmhúcháin chuimsitheacha a dhéanamh do iniúchadh próifíle tíre de chuid an DG Santé, lena n-áirítear leanadh suas leis na torthaí agus moltaí a n-iniúchtaí le cúpla bliain anuas.
- Chomhordaigh an ÚSBÉ athbhreithniú teicniúil a rinne na gníomhaireachtaí oifigiúla ar chruinneas dréacht-tuarascáil ó FDA na SA ar a measúnú 'Aitheantas Córais Sábháilteachta Bia' ar Éirinn in 2018 (mar chuid den rannpháirtíocht idir FDA na SA, an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit).



## Cuspóir 2 Eolaíocht, saineolas agus fianaise

Chun sábháilteacht agus ionracas bia a chur chun cinn trí eolaíocht neamhspleách, saineolas agus bonn láidir fianaise

### Cuspóir 2.1 Tacú le cinnteoireacht agus beartas bunaithe ar riosca le saineolas neamhspleách ar ardchaighdeán

- Cheap an tAire Sláinte Coiste Eolaíochta nua don ÚSBÉ, leis an Oll. Martin Cormican ó Ollscoil na Gaillimhe mar chathaoirleach.
- Tháinig an coiste le chéile trí uair i rith na bliana agus bhunaigh siad trí bhuan-fhochoiste a bhaineann go sáinniúil le sábháilteacht cheimiceach, sábháilteacht bhitheolaíoch, agus cothú sláinte poiblí.
- D'aontaigh an Coiste Eolaíochta rialacha nós imeachta, mar a cheanglaítear leis an Acht ÚSBÉ, agus d'aontaigh an Bord iad. Comhaontaíodh agus foilsíodh plan oibre ar shuíomh Gréasáin an ÚSBÉ agus dréachtaíodh cúig iarratas ar chomhairle agus glacadh leo; chomh maith le comhaontú leanúint den obair ar shaincheist amháin atá fágtha ón gCoiste Eolaíoch roimhe seo.
- In 2021, foilsíodh dhá thuairim a bhí aontaithe cheana in 2020 ag an gCoiste Eolaíochta. Na tuairim a bhí ann ná fospeiceas *Mycobacterium avium* Paratuberculosis agus a naisc le Galar Crohn; agus Moltaí Eolaíochta do Threoirlínte Aiste Biabhunaithe do Dhaoine Fásta Scothaosta in Éirinn.
- Sholáthair an tÚdarás comhairle do na gníomhaireachtaí oifigiúla ar an reachtaíocht náisiúnta nua chun éifeacht a thabhairt do reachtaíocht leasaithe AE ar rialuithe oifigiúla, Rialachán (AE) Uimh. 2017/625. Áiríodh leis sin comhairle maidir le dara tuairim shaineolach a sholáthar i gcás torthaí díospóidithe ar shamplaí rialaithe oifigiúla agus comhairle do ghníomhaireachtaí oifigiúla maidir le rialuithe iompórtála ar bhianna nach de bhunadh ainmhíoch iad.

- Tacaigh an chomhairle USBÉ le hullmhú na Roinne Sláinte ar dhá ordú nua (I.R. Uimh. 152 de 543 de 2021) faoi Alt 5 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 chun nuashonrú a dhéanamh ar liosta na ndlíthe bia laistigh de shainchúram Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus na conarthaí seirbhíse.
- Tháirg eolaithe ÚSBÉ 227 measúnú riosca chun tacú le teagmhais agus imscrúduithe sábháilteachta bia, agus bhain breis is leath díobh le ceimiceáin i mbia. Críochnaíodh measúnú nochta ar shuilfítí i mbia agus rinneadh saintréith den riosca do thomhaltóirí.
- Cuireadh tuairisc ar fáil don Roinn Sláinte ar laghdú salainn i mbia chun tacú le hathmhúnlú polasaithe.

## Cuspóir 2.2 An bonn fianaise a mhéadú trí thaighde, staidéar comhordaithe agus comhoibriú eolaíochta

- Chuir an ÚSBÉ le treo taighde tábhachtach sábháilteachta bia trí fhreastal ar bhoird stiúrtha 5 mhórchlár taighde náisiúnta arna maoiniú ag an RTBM lena n-áirítear ábhair ar nós sábháilteacht bianna gairneoireachta, rialú Campalabaictéir i sicíní, agus na himpleachtaí sábháilteachta bia de *C. difficile*. Tá ÚSBÉ mar chuid de ghrúpa tionscal comhairleach don ionad taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann VistaMilk, rinne eolaithe an ÚSBÉ measúnú ar 13 thionscadal taighde sábháilteachta bia do 3 chomhlacht maoinithe taighde éagsúla agus d'fhoilsigh siad nuashonrú ar thuarascáil riachtanais taighde an ÚSBÉ ar shuíomh Gréasáin an ÚSBÉ chun cabhrú le taighde a spreagadh a thacóidh le heolaíocht rialála. Rinneadh staidéar ar bhia athfhoirmithe sa timpeallacht mhiondíola chun uirlis mheastóireachta nua a thástáil agus rinneadh athbhreithniú córasach ar an litríocht ag gabháil leis seo.
- Foilsíodh trí thuarascáil staidéir bhia – ceann amháin ar ábhar alcóil i mbianna coipthe, agus dhá cheann ar ábhar cothaitheach iógart agus gránach bricfeasta.
- Nuashonraíodh sonraí ar shalann i mbianna ar shuíomh gréasáin an ÚSBÉ mar chuid den mhonatóireacht leanúnach ar athfhoirmlíú don Roinn Sláinte.
- Foilsíodh sonraí zónóise náisiúnta 2019 ar shuíomh Gréasáin an ÚSBÉ agus, den chéad uair, gineadh é seo trí úsáid a bhaint as clár nua leath-uathoibríoch arna fhorbairt ag ár n-eolaithe a chinnteoidh foilsiú sonraí níos tapúla amach anseo.
- Lean an ÚSBÉ ag glacadh páirte sa tionscnamh Fhondúireacht Eolaíochta Éireann chun taighdeoirí a chur i gcomhlachtaí poiblí. Tháirg taighdeoir amháin córas scagtha litríochta le haghaidh comharthaí rioscaí atá ag teacht chun cinn, chruthaigh sé painéal chun treochtaí fíor-ama i dteagmhais bhia a thaispeáint agus rinne sé anailís ar shonraí forfheidhmithe ón ÚSBÉ agus ó FSS chun scrúdú a dhéanamh ar phatrúin neamhchomhlíonta gnólachtaí bia. Rinne taighdeoir eile athbhreithniú ar bhunachar sonraí fógraí an ÚSBÉ maidir le forbhiana a bhfuil próbiotacha iontu, chríochnaigh sí athbhreithniú litríochta ar chineálacha sonracha micróbacha a úsáidtear i mbianna probiotacha.
- Bunaíodh Fóram na nEolaithe Rialála um Shábháilteacht Cheimiceach agus bhí an ÚSBÉ mar chathaoirleach air chun eolaithe rialaithe i ngníomhaireachtaí stáit a nascadh le chéile lena n-áirítear an GCC, URTS, HAS, FSS agus RTBM.

### Cuspóir 2.3 Cleachtas measúnaithe riosca a chur chun cinn chun iontaoibh agus rannpháirtíocht a chur chun tosaigh

- Leanadh le cruinnithe saineolaithe de chuid ghrúpa an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ar Ailléirginí Bia a bheith ar siúl in 2021, agus críochnaíodh obair ar chuid 3 dá n-ordachán maidir le dearbhuithe deonacha ailléirginí. D'fhreastal duine d'eolaithe sinsearacha an ÚSBÉ orthu arís. Thug an ÚSBÉ aiseolas freisin ar straitéis sábháilteachta bia an EDS mar chuid den phróiseas comhairliúcháin seo. Rinneadh meastóireacht ar scileanna eolaíoch na foirne chun bearnaí sa saineolas a aithint chun neartú na heolaíochta san ÚSBÉ a éascú agus scileanna breise a shainaithint.
- Roinneadh saineolas eolaíoch le Food Standards Scotland agus le *safefood* trí shraith malartuithe pleanáilte i rith na bliana.
- Bunaíodh comhaontú fócasach Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (ÚESB) nua chun a chinntiú go raibh pointe náisiúnta scaipthe faisnéise ag ÚESB in Éirinn.
- Bhainistigh agus leathnaigh Comhaontú Fócais ÚESB sa ÚSBÉ líonra na n-institiúidí taighde in Éirinn a cheadaíodh chun dul san iomaíocht do mhaoiniú taighde ÚESB agus tá sé comhdhéanta de 12 institiúid anois.
- D'eagraigh an comhaontú fócasach ÚESB sa ÚSBÉ ceardlann leis an ÚESB do na comhlachtaí éagsúla freisin, a bhfuil orthu, faoi dlí AE, sonraí a scaipeadh leis an ÚESB d'fhonn éifeachtúlacht agus tapúlacht aistriú sonraí a fheabhsú.
- Ghlac an ÚSBÉ páirt i 5 chruinniú gréasáin de chuid an ÚESB le Ballstáit maidir le hábhair amhail nanaitheicneolaíocht, measúnú riosca micribhitheolaíochta, agus orgánaigh ghéinmhodhnaithe.

### Cuspóir 2.4 Ár n-inniúlacht a fhorbairt chun rioscaí agus bagairtí don bhiashlabhra a shainaithint

- Glacadh páirt in dhá chruinniú an Airmheáin Comhpháirtigh Thaighde de chuid an Choimisiún Eorpaigh i dtaca le calaois bhia agus cáilíocht bhia.
- Ghlac an ÚSBÉ páirt sa dá chruinniú den Líonra Malartaithe Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn an ÚESB agus críochnaíodh an suirbhé ar chomharthaí riosca atá ag teacht chun cinn arna n-eisiúint ag ÚSBÉ. Táirgeadh nóta mionteagaisc amháin don ÚESB, agus dréachtaíodh saincheist ghearr le plé ag an gcruinniú.
- Tháinig Grúpa Scagtha Riosca atá ag Teacht Chun Cinn an ÚSBÉ le chéile 4 uair in 2021 chun breithniú ar 10 nóta mionteagaisc ar chomharthaí féideartha riosca atá ag teacht chun cinn
- Forbraíodh ardán monatóireachta meán agus rinneadh é a thriail chun comharthaí rioscaí atá ag teacht chun cinn a chuardach.
- Bhí an ÚSBÉ i láthair faoi dhó ag Fóram Rioscaí agus Bagairtí atá ag Teacht Chun Cinn, de chuid Bia Deoch Éireann, chun faisnéis a roinnt leis an tionscal bia.
- Ghlac ceathrar saineolaithe ón ÚSBÉ páirt i ngníomhaíocht faire fáistine ÚESB thar 3 lá a phléigh le héagsúlacht fhéideartha san eolaíocht rialála i gcomhthéacs straitéis an AE ón bhFeirm go Forc.

- Chuir an ÚSBÉ anailís ar fáil freisin ar fhadhbanna sábháilteachta ceimiceacha féideartha a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó sprioc straitéise an AE ón bhFeirm go Forc úsáid lotnaidicídí agus leasacháin a laghdú agus táirgeadh bia orgánach a mhéadú i gceardlann pháirtithe leasmhara ÚESB.
- Rinneadh comhoibriú le hIonad Eolais na Nimheanna Náisiúnta in Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath ar chlár píolótach i dtaca le córas forairdill cothaithe d'Éirinn, a críochnaíodh agus a cuireadh in iúl in 2021.

### Cuspóir 2.5 Tionchar a imirt ar fhorbairt caighdeán bia agus cur chuige forfheidhmiúcháin ag leibhéal Eorpach agus idirnáisiúnta

- Freastalaíodh ar go leor cruinnithe saineolaithe ar fhorbairt reachtaíochta a bhí á reáchtáil ag an gCoimisiún Eorpach agus ag an gComhairle Eorpach. Cuireadh an Roinn Sláinte ar an eolas freisin le haghaidh vótaí ar an obair chríochnaithe. Cuireadh aighneachtaí faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh maidir le forbairt agus forfheidhmiú reachtaíochta. Ghlac an ÚSBÉ páirt i gcruinnithe roinnt tascfhórsaí de chuid Choimisiún an AE.
- Ghlac ÚSBÉ páirt i gcruinnithe an Choiste Codex ar bhreiseáin bia agus ar ábhair shalaithe agus ar Choiste Codex ar Lipéadú Bia.
- Leanadh ar aghaidh le páirt a ghlacadh i líonra Ballstát eile de chuid an AE agus sa Choimisiún Eorpach, ag obair ar fhorbairt chaighdeánach chun Pleananna Rialuithe Náisiúnta a tháirgeadh le haghaidh rialuithe oifigiúla trasna an AE agus chun tuairisciú orthu. Faoin gCoiste Codex ar Chothú agus Bianna do Shainúsáidí Cothaithe, lean an tÚdarás ar aghaidh ina ról cathaoirleachta maidir le grúpa oibre leictreonach ar luachanna tagartha cothaitheach a bhunú do naíonáin níos sine agus do pháistí óga. San áireamh san obair seo bhí Comhairliúchán idirnáisiúnta ar Phrionsabail Ghinearálta le haghaidh luachanna tagartha cothaitheach a tionóladh i mBealtaine 2020 agus Páipéar Cláir Ghnó a cuireadh ar aghaidh i Nollaig 2020.
- Tugadh cúnaimh suntasach le forbairt sheasamh náisiúnta na hÉireann maidir leis an athbhreithniú ar an Rialachán um Fhaisnéis Bia don Tomhaltóir (FIC) mar chuid de 'Straitéis ón bhFeirm go Forc' an AE. Áiríodh leis seo:
  - Reáchtáil an ÚSBÉ comhairliúchán poiblí thar ceann na Roinne Sláinte chun eolas a thabhairt ar fhorbairt sheasamh náisiúnta na hÉireann, foilsíodh tuarascáil ar an gcomhairliúchán i mí na Nollag 2021.
  - Forbraíodh seasamh corparáideach agus páipéar comhairle don Roinn Sláinte ar na cúig athbhreithniú EBT atá molta.
  - Foilsíodh freagra an ÚSBÉ ar Mheasúnú Tionchair Tionscnaimh an AE ar na hathbhreithnithe lipéadaithe
  - D'fhreastail sé ar chruinnithe AE ar athbhreithniú FIC agus rinne sé cathaoirleacht ar ghrúpaí oibre Cheannairí Gníomhaireachtaí an AE ar thopaicí lipéadaithe lena n-áirítear marcáil dáta, Dí Bia agus inbhuanaitheacht.
- Cuireadh ionchur ar fáil maidir le forbairt reachtaíochta treasach (Gníomhartha AE a chur chun feidhme agus a tharmligthe) maidir le reachtaíocht leasaithe an AE i dtaobh rialuithe oifigiúla, Rialachán (AE) Uimh. 2017/625 mar chomhaltaí de Ghrúpa Saineolaithe agus Oibre an Choimisiúin Eorpaigh ar an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla. agus Meitheal an Choimisiúin Eorpaigh maidir le bearta sealadacha le haghaidh allmhairiú bia agus beatha nach de bhunadh ainmhíoch iad (Rialachán (AE) Uimh. 2019/1793).



### Cuspóir 3: Rannpháirtíocht agus cumarsáid

Le bheith ina cheannaire ar an tsábháilteacht agus ionracas bia trí chumarsáid, comhpháirtíocht, comhoibriú agus abhcóideacht

**Cuspóir 3.1** Comhairle agus faisnéis shoiléir agus bunaithe ar fhianaise chun sábháilteacht bia a chur chun cinn agus chun comhlíonadh na sábháilteachta bia a fhorbairt

- Rinneadh nuashonrú agus cothabháil rialta ar shuíomh gréasáin an Údaráis, [www.fsai.ie](http://www.fsai.ie), chun inrochtaineacht a chinntiú do gach úsáideoir ar gach gléas. Cruthaíodh suíomh Gréasáin nua bunaithe ar aiseolas úsáideoirí reatha. Tá sé mar aidhm ag an suíomh Gréasáin nua seo freastal ar gheallsealbhóirí ÚSBÉ le comhéadan úsáideora nua optamaithe le haghaidh fóin soghluaiste. Seolfar an suíomh gréasáin in 2022.
- I rith 2021, bhí thart ar 1,454,000 amharc ar an leathanach. In 2021 ba iad na rannóga Gnó Bia, Nuacht agus Foláirimh na cuid ba mhó éileamh ar an suíomh gréasáin.
- Dáileadh ríomhíris rialta ar ghrúpaí síntiúsóirí i gcaitheamh na bliana. Leanann an tÚdarás ar aghaidh le seimineáir ghréasáin agus uirlisí ríomhfhoghlama a úsáid chun tacú le comhlíonadh méadaithe na reachtaíochta faoi bhia.
- Baineadh rannpháirtíocht ghníomhach amach ar an dá thaobh lenár bpáirtithe leasmhara. Thairfeadamar méadú ar líon na leantóirí ar ardáin meán sóisialta, le 20,400 leantóir ar Facebook (2020: 19,400); 10,500 leantóir ar Twitter (2020: 9,900), agus 26,771 leantóir ar LinkedIn (2020: 23,300) agus 1,400 leantóir ar Instagram.
- Éascaíodh rannpháirtíocht leis na gníomhaireachtaí oifigiúla trí SafetyNet, eisíon le haghaidh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus foireann na ngníomhaireachtaí oifigiúla. Roinneadh doiciméid agus faisnéis faoi chruinnithe tríd an tairseach sin, sholáthair Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann rochtain freisin ar theagasc ar líne le haghaidh úsáideoirí inmheánacha agus seachtracha.
- In 2021, fuair líne chomhairle an ÚSBÉ 4,718 fiosrú ó dhaoine ag obair in earnáil na seirbhíse bia; déantóirí; miondíoltóirí; taighdeoirí; dáileoirí; comhairleoirí agus tomhaltóirí. D'fhreagair ár saineolaithe inmheánacha na hiarratais ar fad.
- Foilsíodh treoir don tionscal bia ar chleachtas sábháilte maidir le coipeadh torthaí agus glasraí agus nuashonraíodh treoir maidir le bailíochtú próisis shábháilte.
- Cuireadh go mór le caighdeán sláinteachais bia An Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (UCNE) do phróiseáil bia freisin: IS342. Leasaíodh uirlis lipéadaithe calraí an ÚSBÉ ar bhiachláir MenuCal chun a mheastachán ar chalaraí do bhia fíochta a fheabhsú agus foilsíodh nuashonrú ar na héilimh fhormheasta sláinte a cheadaítear ar bhia ar an suíomh gréasáin.
- Cuireadh oiliúint ar Chosaint Shibhialta i mbainistíocht ailléirginí agus ceanglais reachtaíochta.

- An Roinn Sláinte a chur ar an eolas maidir le reachtaíocht athbhreithnithe ar a fhairsinge agus atá soláthar miondíol le miondíol bianna de bhunús ainmhithe ar cheart iad a cheadú faoi dhíolúine ‘mhion, logánta agus theoranta’ ó dhlíthe sláinteachais áirithe de chuid an AE.
- Lean obair ar aghaidh ar thionscnamh tógála comhlíontachta in 2021. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal réiteach comhlíonta núíosach a chruthú chun cabhrú le táirgeoirí bia agus dí na hÉireann éilimh sláinte agus cothaithe chomhlíontacha a dhéanamh ar a gcuid táirgí.
- Tosaíodh ar athfhorbairt ar chlár oiliúna ‘Food Safety and You’
- Freagraíodh fiosrúcháin Brexit ón tionscal trí líne chomhairle tiomnaithe Brexit, foilsíodh 13 nuachtlitir Brexit tionscail, agus nuashonraíodh faisnéis agus acmhainní Brexit a soláthraíodh trí shuíomh Gréasáin an ÚSBÉ, trí sheimineáir ghréasáin agus trí fóraim páirtithe leasmhara an tionscail.

### Cuspóir 3.2 Obair i gcompháirtíocht leis an Rialtas, le gníomhaireachtaí Stáit eile, leis an saol acadúil agus le heagraíochtaí ón tsochaí shibhialta chun sábháilteacht bia laistigh d’Éirinn a chosaint

- Tionóladh dhá chruinniú fíorúil amháin de Thascfhórsa na Calaoise Bia in 2021; tá an tascfhórsa seo faoi chathaoirleacht Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.
- Freastalaíodh ar chruinnithe de chuid Líonra Faisnéise Thionscal an Bhia (FIIN)
- Rinne an ÚSBÉ comhchathaoirleacht ar chruinniú amháin den Tascfhórsa Trasteorann ar Bhia agus ar Choiriúlacht Tuaithe.
- Glacadh páirt in oibríochtaí ilghníomhaireachtaí, lena n-áirítear barántais chuardaigh a chur i gcrích i dtithe cónaithe ina rabhthas in amhras faoi chleachtais chalaoiseacha agus mhealltacha.
- Chuir réimse feidhme ECB 8 bpáipéar eolaíochta i láthair ag cruinnithe idirnáisiúnta agus cuireadh 3 pháipéar i láthair ag cruinnithe eolaíochta náisiúnta.
- D’fhoilsigh ár n-eolaithe dhá pháipéar piarmheasúnaithe, ceann ar obair an Choiste Eolaíoch, ‘*Independent Science to Support Food Safety and Public Health Protection in Ireland*’, agus ceann eile ar bhreiseáin fosfáit i mbia agus treoirínte do dhaoine a bhfuil galar duáin ainsealach orthu ‘*Revising Dietary Phosphorus Advice in Chronic Kidney Disease*’ agus ‘*European food safety guidelines on dietary phosphate additives: implications for people with chronic kidney disease*’
- Lean an ÚSBÉ ag tacú le hinstiúidí tríú leibhéal agus thug sé breis is 50 uair an chloig de léachtaí do mheascán de mhic léinn fochéime agus iarchéime in ollscoileanna agus in instiúidí teicneolaíochta in Éirinn.
- Bhí an ÚSBÉ páirteach i 2 choiste eagraithe áitiúla idirnáisiúnta le haghaidh comhdhálacha eolaíochta.
- In 2021 leanadh de rannpháirtíocht leantach leis an Líonra Oiliúnóirí um Shábháilteacht Bia.

- Reáchtáil an ÚSBÉ seisiún faisnéise ar líne do pháirtithe leasmhara ar ábhar na tocsaineachta maidir le Nimhiú Sliogéisc Pharúil (NSP), le cúnamh ón Údarás um Chosaint lascaigh Mhara, Bord lascaigh Mhara agus IFA-Uiscshaothrú agus Foras na Mara.
- Le linn 2021, reáchtáil an ÚSBÉ seimineár ar líne ar a dtugtar ‘breakfast bite’ ar oiliúint sábháilteachta bia, lipéadú, seasamh dlíthiúil táirgí bia atá bunaithe ar channabas mar olaí CBD san AE, sábháilteacht bia a bhainistiú i ngnó bia agus gnó bia a thosú.
- Reáchtáladh ceithre chruinniú de Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bia an ÚSBÉ agus aontaíodh ar phlean oibre nua. Reáchtáladh cruinniú oscailte i mí na Samhna 2021 Ba é téama an chruinnithe oscailte ná ‘Cultúr na sábháilteachta bia – conas a bhaineann Gnólachtaí Bia agus Tomhaltóirí leas as’.
- Rinneadh dhá cheapachán aireachta déag ar an gComhairle Chomhairlitheach um Shábháilteacht Bia le linn 2021 ar feadh téarma 5 bliana, rud a thug ballraíocht iomlán na Comhairle suas go 23.

**Cuspóir 3.3** Comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun cultúr sábháilteachta bia agus comhlíonadh thionscal bia na hÉireann a chothú agus a chur chun cinn

- Ghlac an ÚSBÉ páirt in oibriúchán faoi stiúir na nGardaí a dhírigh ar sholáthar mídhleathach capall do mharú.
- Tháinig an Coiste Conartha Seirbhíse um Chomhsheasmhacht Forfheidhmiúcháin idir an tSeirbhís Sláinte Comhshaoil agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann le chéile trí huaire in 2020.
- Cuireadh cuir i láthair ar fáil ag FSAI Food Industry © agus ag an gcomhairle comhairleach mar aon le reachtaíocht ÚSBÉ agus nuashonruithe gníomhaíochta do chruinnithe gnóthaí rialála Food Drink Ireland leis an tionscal déantúsaíochta bia.
- Teagmháil rialta le grúpaí Food Drink Ireland agus comhlachtaí trádála eile maidir le saincheisteanna rialála ar leith.
- Tháinig grúpaí tionscail agus earnáil bia an ÚSBÉ - an Fóram Miondíola, an Fóram Ceardaí, agus an Fóram Seirbhíse Bia le chéile go rialta le linn 2021 agus chuimsigh siad raon ionchuir ó speisialtóirí ÚSBÉ agus ó ghníomhaireachtaí oifigiúla a raibh sé mar aidhm acu tacú le comhlíonadh na reachtaíochta bia.
- Le linn 2021, thionóil an tÚdarás cruinnithe idirghabhála freisin leis an Údarás Rialála Táirgí Sláinte agus le grúpaí ionadaithe tionscail.
- Tháinig an coiste trasghníomhaireachtaí, an Coiste ar Iompórtáil Bia de Bhunús Neamhainmhíoch le chéile faoi dhó in 2021 chun forfheidhmiúchán rialuithe iompórtála a chomhordú agus chun tacú leis sin.
- Bhí an tÚdarás rannpháirteach i gCoiste Stiúrtha Maoirseachta Náisiúnta COVID-19 faoi stiúir an FSS, a rinne maoirseacht ar ráigeanna COVID-19 i monarchana feola agus in ionaid oibre eile.
- Le linn 2021, mhéadaigh an tÚdarás a rannpháirteachas leis an gCoiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach, comhfóram le tionscal sliogéisc na hÉireann; cuireadh an rannpháirteachas seo i gcrích trí chruinnithe físchomhdhála a úsáid.

### Cuspóir 3.4 Ár n-inniúlacht agus ár gcumas a fheabhsú trí obair le daoine eile chun tacú le bia sábháilte agus iontaofa do chách

- Lean an tÚdarás lena ról rúnaíochta maidir le grúpa na gCeann um Ghníomhaireachtaí Bia na hEorpa. Reáchtáil an ÚSBÉ cruinniú den grúpa seo i gcomhar leis an Uachtaránacht na gCeann um Ghníomhaireachtaí Bia na hEorpa. Tá go leor de na baill foirne ina gcomhaltaí ar ghrúpaí oibre na gCeann um Ghníomhaireachtaí Bia na hEorpa.
- Déanann an t-údarás comhchathaoirleacht ar an ngrúpa oibre Cinn Gníomhaireachta maidir le forlíontaí bia agus tá measúnú déanta aige ar liosta luibheolaíoch.
- Thug an ÚSBÉ tacaíocht theicniúil do Bhord Bia maidir le forbairt cód cleachtais do tháirgeoirí uibheacha lachan.
- Ghlac Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann páirt i dtionscnaimh páirtithe leasmhara tionscail amhail Scéim Deimhnithe Cáilíochta Bhord Bia, an Scéim um Printíseacht Bhúistéireachta de chuid Chumann Búistéirí Ceirde na hÉireann agus Cumann Gránach agus Bia Ainmhithe na hÉireann HACCP.



## Cuspóir 4 Barr feabhais eagrúcháin

Chun cumhacht a thabhairt dár bpobal, chun ár gcórais a threisiú, agus chun ár gcultúr a fhorbairt chun barr feabhais eagrúcháin a bhaint amach agus chun lánleas a bhaint as ár dtionchar

### Cuspóir 4.1 Cultúr ardfeidhmíochta agus cumasaithe a chinntiú dár bpobal, atá tógtha ar nuálaíocht, comhluachanna agus obair foirne

- Ag tús phaindéim COVID-19 in Éirinn, bhí treoirínite agus teoracha an Rialtais do dhaoine a bheith ag obair ón mbaile más féidir. Lean sé seo ar aghaidh in 2021 agus chuir an fhoireann an chuid is mó d'obair bheartaithe an Údaráis ar fáil don bhliain trína chur chuige agus a mhodhanna a oiriúnú. Ina theannta sin, chuir siad méid suntasach oibre frithghníomhaí breise ar fáil. Lean an eagraíocht le hathbhreithniú a dhéanamh ar thionchar leanúnach COVID-19 agus ag cinntiú go raibh tacaíochtaí cuí curtha i bhfeidhm chun tacú leis an mbealach nua nó leis an obair nua, chomh maith lena chinntiú go raibh folláine na foirne mar phríomhthosaíocht.
- Tionóladh roinnt seisiúin faisnéise tionscadail i gcaitheamh na bliana. Aithnítear seisiúin faisnéise tionscadail mar phríomhuirlis chumarsáide chun an fhoireann a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí eagrúcháin nach gá go mbeadh aon bhaint dhíreach acu leo.
- Leanann luachanna an Údaráis maidir le ionracas, meas, paisean, trédhearcacht, obair foirne agus comhoibriú de bheith ina dtiománaí tábhachtacha maidir le conas a dhéantar obair agus lena chinntiú go bhforbraíonn cultúr an ÚSBÉ chun tacú le seachadadh clár oibre

agus le cinntiú go mbainimid ár bhfís agus ár straitéis amach. . Leanadh den obair ar na luachanna seo a leabú agus i rith 2021 tugadh isteach Scéim Aitheantais Luachanna Piaráí go Piaráí mar bhealach chun iompraíochtaí a thacaíonn lenár luachanna a aithint.

Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar ár gCreat Luachanna freisin chun timpeallacht chianoibre a léiriú.

- Chuir an tÚdarás clár mionsonraithe chun cinn ag féachaint le timpeallacht oibre dhearfach, chomhoibríoch agus ardfeidhmíochta a fhorbairt tuilleadh. Áirítear leis seo freagairtí ó shuirbhé fhoireann 2018 a chur i bhfeidhm, ceardlanna faoi théama a eagrú leis an bhfoireann ar fad, agus clár d'fhorbairt foirne, bainisteoirí agus cheannaireachta a chur i bhfeidhm. Ag deireadh 2020, rinneamar suirbhé nua foirne agus bainfear leas as torthaí an tsuirbhé chun an eagraíocht a fhorbairt tuilleadh sna blianta atá romhainn. Leanadh ar aghaidh le tionscnaimh foghlama agus forbartha, seachadadh go cianda den chuid is mó iad, agus lean an Clár Ceannaireachta do bhainisteoirí ar aghaidh ag rolladh amach.
- Rinneadh athbhreithniú ar riachtanais earcaíochta an Údaráis, cuireadh earcaíocht chun cinn i gcaitheamh na bliana, i gcomhréir le ceaduithe a fuarthas ón Roinn Sláinte. Rinneadh anailís ar bhearna scileanna, chomh maith le foghlaim agus pleananna forbartha foirne d'fhonn riachtanais eagrúcháin amach anseo a phleanáil.
- Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar bheartais Acmhainní Daonna chun comhlíonadh na reachtaíochta fostaíochta ábhartha agus dea-chleachtas a chinntiú.
- Leanadh leis an gcóras feidhmíochta a neadú i gcóras bainistíochta an Údaráis, ag éascú aiseolas agus athbhreithniú rialta chun feidhmíocht fhoireann agus daoine aonair na heagraíochta a threorú.
- D'óstáil an tÚdarás roinnt mac léinn i gcaitheamh na bliana trasna gach réimse feidhmiúil.
- Bhí sábháilteacht, sláinte agus folláine na foirne fós ina bpríomhthosaíocht ag an Údarás i rith 2021 de réir mar a bhí tionchar ag COVID-19 ar shaolta daoine ar fad. Bhí tograí leanúna ar siúl le linn 2021 faoin gcreat Sláinte agus Folláine Life@FSAI. Áirítear leis na tionscnaimh seo réimse leathan de ghníomhaíochta chun tacú leis an bhfoireann, lena n-áirítear aireachas, ióga, rúiléid caife, Clár Cúnaimh d'Fhostaithe, dúshlán céimeanna, club leabhar agus gníomhartha neartaithe foirne.
- Tionóladh cruinnithe foirne rialta agus seimineáir foirne uair in aghaidh na ráithe i gcaitheamh na bliana. Lena chois sin, tháinig Foireann an Ceannaireachta Sinsearaí le chéile uair in aghaidh na seachtaine ar an meán, chun ceisteanna a phlé agus chun cinntí a dhéanamh ar réimsí fíorthábhachtacha don eagraíocht. Tionóladh cruinnithe réimse feidhmiúil, cruinnithe foirne agus cruinnithe tionscadail freisin leis na foirne uile ar bhonn míosúil. Tionóladh cruinnithe rialta den Choiste Sláinte agus Sábháilteachta agus cuireadh an clár oibre bliantúil i bhfeidhm. Tionóladh cruinnithe Coiste Foirne go rialta le linn 2020, rud a d'éascaigh plé oscailte ar go leor cheisteanna a bhí ábhartha don fhoireann.
- Rinneadh athbhreithniú ar straitéis cumarsáide inmheánach i gcaitheamh na bliana, ag teacht le hathrú eagraíochtúil, agus tá sé fós in úsáid mar uirlis teagmhála na heagraíochta. Bhí ról na cumarsáide inmheánaí le linn COVID-19 agus an tréimhse ama ag obair go cianda ríthábhachtach dár rathúlacht maidir le hathruithe riachtanacha ar shocruithe oibre a chur i bhfeidhm agus oiriúnú a dhéanamh lena chinntiú go n-oibreodh siad go héifeachtach.

- I mí na Nollag 2020, bhunaigh an ÚSBÉ Coiste um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, arna fhorhuiniú ag an bhfoireann cheannaireachta shinsearach. Le linn 2021, i gcomhréir le reachtaíocht Choimisiún Ceart agus Comhionannais na hÉireann um Chearta an Duine agus Ár Seirbhís Phoiblí 2020 Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú Ráiteas Físe agus Samhail Aibíochta, rinne an ÚSBÉ sraith gníomhaíochta faoi cheannaireacht, earcaíocht, oiliúint, sonraí, struchtúr agus cultúr an réimse. Áiríodh na gníomhaíochta seo cainteanna, oiliúint agus athbhreithniú ar phróisis maidir le cothromas agus cuimsiú.

#### **Cuspóir 4.2** Creat faisnéise láidir agus spriocdhírthe a sholáthar chun éifeachtúlachtaí inmheánacha a sheachadadh agus chun riachtanais páirtithe leasmhara agus custaiméirí a chomhlíonadh

- Le linn 2021, rinne Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann nuashonrú ar fheidhmeanna forbartha bogearraí chun tacú le gníomhaíochtaí gnó d'fhonn riachtanais ghnó mhéadaithe agus atá ag athrú a chomhlíonadh.
- Rinneadh nuashonrú ar mheicníochtaí éagsúla a úsáideann an tÚdarás chun tacair sonraí áirithe a ullmhú agus a phróiseáil d'fhonn tuairisciú níos luaithe d'ÚESB a chumasú, i gcomhréir leis na spriocanna molta atá i bhfeidhm maidir le sonraí 2021. Áiríodh leis seo roinnt réitigh shealadacha ar shonraí a fuarthas agus a phróiseáil tar éis cibear-ionsaí an FSS.
- Suiteáladh Teicneolaíocht chlosamhairc nua do Sheomraí Cruinnithe lena n-áirítear fístaispeántas (ceamara seomra); fuaim (micreafón seomra) agus ríomhairí níos tapúla, chun cur i láthair a úsáideann uirlisí comhoibrithe hibrideacha.
- Lean an ÚSBÉ le hobair a bhaineann lena Straitéis Sonraí a chur chun cinn, agus críochnaíodh roinnt oibre córais a chuirfidh tús leis an bpróiseas chun córais atá as dáta agus nach dtacaítear leo a chur as feidhm. Chomh maith le próisis athbhreithnithe éagsúla a phleanáil chun tógáil agus feabhsú ar phróisis agus ar chreataí bailithe sonraí atá ann cheana féin.
- Rinneadh nuashonrú ar go leor de na príomhbhunachair sonraí a éilíonn an tÚdarás chun a fheidhmeanna corparáideacha a chur i gcrích. Áiríodh leis seo an bunachar sonraí Iniúchóireachta Inmheánaí agus Feabhsúcháin Leanúnaigh, an bunachar sonraí le fiosruithe Líne Chomhairle Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a bhainistiú, agus bunachar Sonraí an Chórais Mear-Rabhaidh Eorpach um Bia don Duine agus d'Ainmhithe, a úsáidtear chun foláirimh agus fógraí bia a bhainistiú agus a chur i dtoll a chéile.
- Bhainistigh an tÚdarás an córas fógartha bia athfhorbartha i gcomhréir leis na prionsabail a shainmhínítear laistigh de Straitéis Sonraí an Údaráis. Chuir an córas nua fógartha bia feabhas ar fheidhmiúlacht úsáideora deiridh agus cuimsítear leis cúram níos leithne chun faisnéis fógartha a ghabháil maidir le forbhiana agus bianna le haghaidh sainghrúpaí.
- Le linn 2021, lean an fhoireann ar aghaidh le córas bainistíochta ríomhdhoiciméid agus inlín an Údaráis, 'Ár Spás', a úsáid mar stór lárnach le haghaidh bainistíocht doiciméid agus mar uirlis inmheánach chumarsáide. Cuireadh rannóga ar leith ar bun d'fhoireann phaindéim COVID-19 a bhí ag obair go cianda, ina raibh comhairle, acmhainní agus noda ábhartha, ábhar folláine, faisnéis TF, agus acmhainní foghlama. Cuireadh rannóg ar bun freisin i gcomhair plé neamhfhoirmiúil i measc na foirne. Ba bhuntáiste mór é comhoibriú agus rannpháirteachas doiciméid don eagraíocht, go háirithe nuair a bhí an fhoireann ag obair go cianda.

- Dhírigh seirbhís leabharlainne an Údaráis ar sheachadadh feabhsaithe acmhainní leictreonacha dár bhfoireann atá ag obair go cianda.
- Tháinig laghdú ar líon na ngearán ó thomhaltóirí le linn 2021, láimhseáil an Líne Chomhairle breis agus 3,414 gearán ó thomhaltóirí. I measc na ngearán sin, bhain 36% acu le bia neamhoiriúnach agus bhain 24% acu le droch-chaighdeáin sláinteachais.
- Dhéileáil Líne Chomhairle an Údaráis le 4,718 iarratas ó thionscal. Bhain cuid de na ceisteanna is coitianta le reachtaíocht ar riachtanais lipéadaithe bia; forbhianna, iarratais ar fhoilseachán, mar aon le hoiliúint sábháilteachta bia agus faoi ghnólachtaí nuathionscanta bia.
- Tugadh freagra ar gach fiosrú ar Líne Chomhairle Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, i gcomhréir le Cairt Custaiméirí an Údaráis.

**Cuspóir 4.3** Cinntiú go dtacaíonn ár struchtúir rialála le cinnteoireacht eolach agus fhreagrach a bhfuil ceannaireacht fhreagrach, próisis agus comhlíonadh bainistíochta riosca mar bhonn agus mar thaca aici

- Lean an tÚdarás ar aghaidh lena straitéis 2019 -2023 a chur i bhfeidhm, ag cinntiú gur dáileadh a acmhainní, a raibh tionchar ag paindéim COVID-19 orthu agus atá ag dul i dtáithí ar thimpeallacht oibre chianda ar fhógra gearr, ar mhodh éifeachtach agus iomchuí, d'fhonn lánleas a bhaint as tairbhí agus éifeachtaí na straitéise. Forbraíodh an plean gnó le haghaidh 2022 freisin agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Sláinte é le haghaidh comhairliúcháin agus comhaontú.
- Seachadadh plean gnó 2021 go substaintiúil faoi dheireadh na bliana agus tuairiscíodh agus pléadh aon imeacht ón bplean bunaidh idir Bord an ÚSBÉ agus an Roinn Sláinte le linn a gcruinnithe ráithiúla rialachais.
- Oibríonn an tÚdarás faoin gCód Cleachtais maidir le Rialachas i gComhlachtaí Stáit (2016). Faoi threoir an Bhoird, lean an tÚdarás ar aghaidh leis an gCód a athbhreithniú, agus le comhlíonadh an Chóid a chinntiú, agus le tuairisciú ar a chomhlíonadh iomlán maidir leis an gCód. Comhaontaíodh an Comhaontú Maoirseachta/Comhaontú Seachadta Feidhmíochta leis an Roinn Sláinte.
- Chloígh an tÚdarás lena chreat bainistíochta riosca agus lean sé de bhainistíocht riosca a neadú i ngach gné dá phleanáil, dá sheachadadh agus dá ailíniú gnó chun cinnteoireacht a ghabháil chuige féin.
- Críochnaíodh iniúchadh ar na socruithe maoinithe do sheirbhís tréidliachta na n-údarás áitiúil agus chuir sé sin eolas ar fáil don athbhreithniú ar an tseirbhís.
- Le linn 2021, fuair an tÚdarás 28 n-iarratas i dtaca le Saoráil Faisnéise agus 21 Ceist Pharlaiminte. Rinneadh seacht nochtadh chosanta faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Tugadh freagra ar gach iarratas i dtaca le Saoráil Faisnéise ar mhodh tráthúil agus de réir na reachtaíochta ábhartha.
- D'éirigh leis an ÚSBÉ a chinneadh maidir le cinneadh gan taifid rialaithe oifigiúla a scaoileadh mar chuid d'iarraidh SF a chosaint, rud a chuaigh i bhfeidhm ar an gCoimisinéir Faisnéise.
- Lean an tÚdarás ar aghaidh leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018 a comhlíonadh agus níor phróiseáil sé aon iarratas Rochtana Ábhair in 2021.

Cuspóir 4.4 **Cultúr cáilíochta a neadú trí chinntiú go mbaineann córais, próisis agus nósanna imeachta na caighdeáin is airde amach**

- Oibríonn an tÚdarás córas bainistíochta gnó chun barr feabhais eagraíochta, cáilíocht seirbhíse agus comhlíonadh an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas i gComhlachtaí Stáit (2016) agus reachtaíochta ábhartha a chinntiú. Cinntíonn an córas bainistíochta gnó go sainaithnítear rioscaí agus deiseanna, go gcloítear le fócas ar chustaiméirí, agus go bhfuil cur chuige comhsheasmhach, bunaithe ar phróiseas mar bhonn agus mar thaca ag gníomhaíochtaí. I ndiaidh iniúchóireacht sheachtrach in 2021, cloíodh le deimhniú chuig an gcaighdeán cáilíochta idirnáisiúnta ISO 9001:2015.
- In 2021, thacaigh an ÚSBÉ le fórsa saothair lánghluaiste a chuir ar chumas na mball foirne oibriú ón mbaile go héifeachtach agus go comhoibríoch. Is éard a bhí i gceist leis seo ná an timpeallacht ríomhphoist a aistriú go dtí an néal lena n-áirítear cartlannú ríomhphoist a sholáthar agus réiteach feabhsaithe cultaca scamall-bhunaithe. Ba é an toradh a bhí air seo ná feabhsuithe oibríochtúla gnó le méadú ar acmhainn bhosca poist na foirne, feabhsuithe oibríochta TF le huasghrúduithe bogearraí bainistithe go hiomlán, próisis slándála agus rialachais méadaithe le tabhairt isteach fíordheimhnithe ilfhachtóirí (FIF) agus seachadadh bonneagair ríomhphoist níos athléimní lena n-áirítear. Leibhéil infhaighteachta seirbhíse réamhshainithe níos airde. Mar chuid den tionscadal, cuireadh an comhthathú d'ardán comhoibríthe atá bunaithe ar chomhrá, ina bhfuil roinnt doiciméad, cruinnithe ar líne, agus gnéithe glaonna le haghaidh cumarsáide gnó i bhfeidhm freisin.
- D'fhorbair an fhoireann TF an t-infreastruchtúr TF tuilleadh chun tacú le agus chun cur le gníomhaíochtaí gnó. Cuireadh é seo i gcrích trí úsáid a bhaint as croí-infreastruchtúr freastalaí; san áireamh san obair bhí uasghrádú crua-earraí agus bogearraí chun an dea-chleachtas a chomhlíonadh maidir le caighdeáin tionscail. Cuimsigh sé seo an t-ollstruchtúr cultaca a athdhearadh agus a chuíchóiriú, rud a chuir le tagarmharcanna leanúnachais ghnó.
- Nuashonraíodh an Líonra Achair Stórála, atá mar óstach ar na sonraí áitiúla go léir ar an láthair agus feidhmchláir ghnó riachtanacha lonnaithe san Exchange, do dtí an leagan is fearr de theicneolaíochta SAN le bonneagar ardacmhainneachta agus slán bunaithe ar chonradh tacaíochta láidir a chuireann isteach i bpróiseas pleanála leanúnachais gnó agus athshlánaithe tubaiste an ÚSBÉ.
- Athfhorbraíodh príomhbhunachair sonraí de chuid an Údaráis chun anaithnidiú sonraí agus taifead a chuimsiú d'fhonn Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus riachtanais cosanta sonraí a chuimsiú.
- Cuireadh bearta breise i bhfeidhm chun an tÚdarás a chosaint ó chibirionsaithe, lena n-áirítear feabhsuithe teicneolaíochta agus cláir feasachta i measc na foirne. Tá sé seo ann ó tharla go bhfuil méadú ar líon na gcibirionsaithe ar fud an domhain ó bhog daoine go dtí obair chianda. Tharraing an fhaisnéis i dtaobh cibearfheasachta aird ar an gcaoi gurb iad na húsáideoirí an líne chosanta dheiridh agus ní mór dóibh a bheith airdeallach nuair a úsáideann siad córais chorparáideacha TF.
- Fuair an tÚdarás scór rátála ard ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann mar chuid dá thuairisceáin bhliantúla reachtúla fuinnimh. Tharraing tuarascáil Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann aird ar conas atá an tÚdarás ag obair chun a bheith ina eagraíocht atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de agus chuidigh an bogadh go dtí foirgneamh dé-óide astaithe solais go mór leis an rátáil. Leanann



an tÚdarás ar aghaidh le ról dearfach a bheith aige ar Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Rialtais trí rannpháirteachas foirne agus tionscnaimh a bhfuil éifeacht acu ar an timpeallacht. Cabhraíonn togra ar nós foireann ghlas an ÚSBÉ agus grúpa cur amú bia an ÚSBÉ le feasacht ar ardú ar bhonn eagraíochta agus náisiúnta.

#### **Cuspóir 4.5** Aitheantas a fheabhsú maidir le féiniúlacht, tionchar agus cáil Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann i measc baill foirne, páirtithe leasmhara agus custaiméirí

- Cuireann gníomhaíochtaí leanúnacha preasa lena aitheantas agus le feasacht a tharraingt ar obair an Údaráis.
- Labhraíonn foireann an Údaráis go rialta ag imeachtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. In 2021, reáchtáladh na cainteanna seo ar líne go príomha. Chuir sé seo ar chumas na heagraíochta grúpaí níos mó a shroicheadh ar bhealach a bhfuil rochtain níos fearr air.
- Cinntíonn rannpháirtíocht rialta áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta páirtithe leasmhara don ÚSBÉ meas maith a bheith acu ar a gcuid eolais agus saineolais i réimse na sábháilteachta bia agus meas a bheith acu orthu.
- Aontaíodh ar Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse leis an Roinn Sláinte ar athmhúnlú bia ar luach €2 milliúin thar 4 bliana.
- Le linn 2021 lean an ÚSBÉ de bheith rannpháirteach i dTionscadal Sábháilteachta Bia an AE. Áiríodh air seo rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm san Albáin chun caighdeáin sábháilteachta bia, tréidliachta agus sláinte plandaí a neartú.
- Ligeann láithreach ghníomhach an Údaráis ar na meáin shóisialta dó cumarsáid dhébhealach a éascú lena pháirtithe leasmhara. Cuireann sé seo ar a chumas a bheith ábhartha agus bualadh lena pháirtithe leasmhara ar ardáin na meán sóisialta a gcaitheann siad am orthu.
- Leanann an tÚdarás ag cur le pobal domhanda sábháilteachta bia trí fhoilseacháin eolaíochta den chéad scoth a fhoilsiú.
- Feidhmíonn Líne Comhairle phras agus fhreagrach an Údaráis mar phointe teagmhála úsáideach don tionscal, do chustaiméirí agus do pháirtithe leasmhara eile.

## Aguisín 1 Comhaltaí fóraim thionscail

### Fóram na dTáirgeoirí Ceardbhia, 2021

**An tUasal John Matthews**

Cathaoirleach - Go dtí Meán Fómh 2021

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**An tUasal Tim Camon**

Cathaoirleach - Go dtí Meán Fómh 2021

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**An tUasal Darina Allen**

Slow Food Ireland/Ballymaloe

Cookery School

**An tUasal Sally Barnes**

Woodcock Smokery

**An tUasal Eoin Bird**

The Wooded Pig

**An tUasal John Brennan**

Leitrim Organic Farmers Co-op

**An tUasal Kevin Brennan**

Teagasc

**An tUasal William Cleary**

Beekeeper

**An tUasal Jeffa Gill**

Durrus Cheese

**An tUasal Simone Kelly**

The Rocket Man Café

**An tUasal Seán Kent**

Saineolaí Éineola

**An tUasal Donal Lehane**

Cathaoirleach ar Community Food

Group

**An tUasal David Lang**

Associated Craft Butchers of

Ireland

**An tUasal Jane Murphy**

Cáis

**An tUasal Mary Regan**

Regan's Organic Farm

**An tUasal Dearbhla Reynolds**

The Cultured Club

**An tUasal Declan Ryan**

Arbutus Breads

**An tUasal Elisabeth Ryan**

Micri-ghrúdlanna Neamhspleácha

### An Fóram Seirbhíse Bia, 2021

**An tUasal Clodagh Crehan agus an tUasal Sinead Murphy (Cathaoirligh)**

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**An tUasal Lana McGinn**

Gather and Gather

**An tUasal Louise Collins**

Eddie Rocket's (IRL) Limited

**An tUasal Pat Crotty**

Cónaidhm Fíoncheannaithe na hÉireann

**An tUasal Adrian Cummins**

Cumann Bialanna na hÉireann

**An tUasal Martina Donohoe**

Aramark

**An tUasal Adam Heyes**

Subway Éire

**An tUasal Louise Hickmott**

Bialanna McDonald's na hÉireann

**An tUasal Mary Flynn**

Catering Management Association

of Ireland

**An tUasal Ronan Walsh** Irish

Hotels Federation

**Eoghan McLoughlin**

Seirbhís Phríosúin na hÉireann

**An tUasal Manuela Spinelli**

Euro-Toques Ireland

**An tUasal Helen Stratham agus**

**Lynsey Mitchell**

KFC

## An Fóram Miondíola, 2021

**An tUasal Clodagh Crehan  
agus an tUasal Sinead  
Murphy (Cathaoirligh)**

Údarás Sábháilteachta Bia na  
hÉireann

**An tUasal Lucy O'Connor**

Musgrave Retail Partners  
Ireland

**An tUasal Samira Nicolo**

Retail Ireland/Ibec

**An tUasal Katie Creamer /  
Antoinette Kennedy**

Aldi

**An tUasal Tara Buckley**

Retail Grocery Dairy & Allied  
Trades Association (RGDATA)

**An tUasal Nicola Branigan**

Avoca

**An tUasal Gareth Coburn**

Sysco

**An tUasal Aileen Nolan**

Dunnes Stores

**An tUasal Elaine Clohosey**

BWG Foods

**An tUasal Jonathan Halls**

Boots

**An tUasal Aoife Noonan**

Lidl Ireland

**An tUasal Lynda**

**Kenny**Musgrave  
Wholesale/Daybreak

**An tUasal Rob McEvoy**

Circle K

**An tUasal Claire Briody**

Tesco Ireland

**An tUasal Joanne Barry**

Barry Group

**Mr Ben McGinn**

Gala Retail

**An tUasal Neil Spreadbury**

Iceland Foods

**An tUasal Peter Wight**

Marks & Spencer

## An Coiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach, 2021

**An tUasal David Lyons/An  
tUasal Christine King  
(Cathaoirligh)**

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**An tUasal Dave Clarke/An  
tUasal Conor Duffy /An tUasal  
Sinead Keaveney/An tUasal Joe  
Silke/An tUasal Patrick Costello**

Foras na Mara

**An tUasal Patricia Daly/An  
tUasal Vicky Lyons/Mr Geoff  
Robinson/An tUasal Joanne  
Gaffney**

Bord Iascaigh Mhara

**An Dr Sarah Buckley/Dr Gary  
McCoy/An tUasal Brian  
Nolan/Mr Bernard O'Donovan/Dr  
Micheál O'Mahony/An tUasal  
Aileen O'Sullivan**

An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara

**An tUasal Teresa Morrissey/An  
tUasal John Harrington/An tUasal  
Pat Mulloy/An tUasal Finian  
O'Sullivan/An tUasal Kian Louet-  
Feisser/An tUasal Des Moore/An  
tUasal Nadia Ferguson**

ComhghrúpaSliogéisc na  
hÉireann agus an Tionscal  
Próiseála

**An tUasal Valerie Hannon/An tUasal  
Kate Harrington/An tUasal Maeve  
O'Reilly/An tUasal Claire Cremin/An  
tUasal Marie Feehan**

Uisce Éireann

**An tUas. Paul Hickey**

Feidhmeannas na Seirbhíse  
Sláinte

**Dr Sarah McLean**

Gníomhaireacht na Lochanna

**Mr Liam Ó Súilleabháin**

An Ghníomhaireacht um  
Chaomhnú Comhshaoil

## Aguisín 2 Baill fhochoiste eolaíochta

### Fochoiste na Sábháilteachta Bitheolaíochta, 2021

**An Dr Geraldine Duffy  
(Cathaoirleach)**

Teagasc

**An Dr Declan Bolton**

Teagasc

**Dr Michael Callanan**

Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan

**An Dr Theo de Waal**

Coláiste na hOllscoile, Baile Átha  
Cliath

**An tUasal Anne Dwan**

Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte

**An tOll. Séamus Fanning**

Coláiste na hOllscoile, Baile Átha  
Cliath

**An Dr Cormac Gahan**

Coláiste na hOllscoile, Baile Átha  
Cliath

**An Dr Patricia Garvey**

Lárionad Faire um Chosaint  
Sláinte

**An Dr Montserrat Gutierrez**

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus  
Mara

**An Dr Sinead Keaveney**

Foras na Mara

**Oll. Noel McCarthy**

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha  
Cliath

**Oll. Grace Mulcahy**

Coláiste na hOllscoile, Baile Átha  
Cliath

**An Dr Lois O'Connor**

Lárionad Faire um Chosaint  
Sláinte

**An Dr Micheál O'Mahony**

An tÚdarás um Chosaint Iascaigh  
Mhara

**An Dr Helen O'Shea**

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

**An Dr Fiona Walsh**

Ollscoil Mhaigh Nuad

## Fochoiste na Sábháilteachta Ceimicí, 2021

**An Dr Andrew Flanagan  
(Cathaoirleach)**

Saotharlann an Anailísí Phoiblí,  
Baile Átha Cliath

**Oll. David Brayden**

Coláiste na hOllscoile, Baile Átha  
Cliath

**An tUasal Alan Breen**

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus  
Mara

**Oll. Enda Cummins**

Coláiste na hOllscoile, Baile Átha  
Cliath

**An tUasal Jenny Fortune**

Feidhmeannas na Seirbhíse  
Sláinte

**Oll. Iouri Gounko**

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha  
Cliath

**An tUasal Rosemary Hayden**

Saotharlann an Anailísí Phoiblí,  
Baile Átha Cliath

**An tUasal Ita Kinahan**

An tSaotharlann Stáit

**An Dr Celine Mannion**

An Roinn Talmhaíochta, Bia &  
Mara

**Dr Declan McKernan**

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

**Assoc. Oll. Tara McMorrow**

Coláiste na hOllscoile, Baile Átha  
Cliath

**An Dr Breige McNulty**

Coláiste na hOllscoile, Baile Átha  
Cliath

**An Dr Micheál O'Mahony**

An tÚdarás um Chosaint Iascaigh  
Mhara

**An Dr Finbarr O'Regan**

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus  
Mara

**Oll. Fiona Regan**

Ollscoil Chathair Bhaile Átha  
Cliath

**An Dr Craig Slattery**

Coláiste na hOllscoile, Baile Átha  
Cliath

## Fochoiste Sláinte Phoiblí Maidir le Cothú 2021

### **An tOllamh Kevin Cashman**

**(Cathaoirleach)**

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

### **An Dr Annemarie Bennett**

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

### **An Dr Cathy Breen**

Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte

### **Oll. Lorraine Brennan**

Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

### **Oll. Eileen Gibney**

Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

### **Dr Laura Kehoe**

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

### **An Dr Eamon Laird**

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha  
Cliath

### **An Dr Sinéad McCarthy**

Teagasc

### **Oll. Helene McNulty**

Ollscoil Uladh

### **Dr Emeir McSorley**

Ollscoil Uladh

### **An tOll. Anne Molloy**

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha  
Cliath (ar scor)

### **An Dr Anne Nugent**

Ollscoil na Banríona Bhéal Feirste

### **An Dr Lisa Owens**

Ospidéal San Séamas

### **An Dr Lisa Ryan**

Institiúid Teicneolaíochta na  
Gaillimhe-Maigh Eo

### **An Dr Audrey Tierney**

Ollscoil Luimnigh

### **Dr Janette Walton**

Ollscoil Teicneolaíochta na  
Mumhan

### **Fiona Ward**

Sláinte Leanaí na hÉireann  
(Cromghlinn)

### **Oll. Mary Ward**

Ollscoil Uladh

## Aguisín 3 Ráiteas faoi Leasanna na gComhaltaí Boird, an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Chomhaltaí an Choiste Eolaíoch (1/01/2021 – 31/12/2022)

Comhalta boird	Leas tráchtála		Leas neamhtráchtála	
	Ainm na heagraíochta	Cineál an leasa	Ainm na heagraíochta	Cineál an leasa
<b>An tUas. Martin Higgins</b>	Nialas	–	Nialas	–
<b>An tOllamh Francis Butler</b>	Coiste Comhairleach ar Sábháilteacht Micribhitheolaíochta Bia, an Ghníomhaireacht Caighdeán Bia, an Ríocht Aontaithe  Thug sé clár oiliúna gearr ar líne i measúnú riosca chuig Údarás Bia agus Drugaí na hAraibe, Meán Fómhair 2021	Tuairim is ceithre chruinniú in aghaidh na bliana  Consultant	Nialas	–
<b>Oll. Martin Cormican</b>	Nialas	–	Stiúrthóir Shaotharlann Bhia agus Uisce OOG  Stiúrthóir Shaotharlann Tagartha Salmonella, Shigella agus Listeria OOG	Ról Seirbhíse Poiblí  Ról Seirbhíse Poiblí
<b>An tUasal Mary Cullen</b>	Nialas	–	Nialas	–
<b>An tUasal Derek Cunningham</b>	Nialas	–	Nialas	–
<b>An Dr Clíodhna Foley-Nolan</b>	Nialas	–	Nialas	–
<b>An tUasal Ann Horan</b>	Glanbia Associated British Foods	Gnáthscaireanna  Gnáthscaireanna	Nialas	–
<b>An tUasal Patrick Knight</b>	Nialas	–	Nialas	–
<b>An tUasal Gerard McCurdy</b>	Nialas	–	Nialas	–
<b>An tUasal Ros O'Shea</b>	Nialas	–	Nialas	–
<b>An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin</b>				
<b>Dr Pamela A Byrne</b>	Nialas	–	Nialas	-

Comhalta an Choiste Eolaíoch	Leas tráchtála		Leas neamhtráchtála	
	Ainm na heagraíochta	Cineál an leasa	Ainm na heagraíochta	Cineál an leasa
An tOllamh Kevin Cashman	Nialas	–	Nialas	–
An Dr Geraldine Duffy	Nialas	–	Nialas	–
An tOll. Séamus Fanning	Crème Global	Ag tabhairt treoir eolaíochta	Nialas	–
	Dawn Farm Foods Ltd.	Ag tabhairt treoir eolaíochta		
An Dr Mark Fenelon	Nialas	–	Nialas	–
An Dr Andrew Flanagan	Nialas	–	Nialas	–
An Dr Montserrat Gutierrez	Nialas	–	Nialas	–
Oll. Alan Kelly	Nialas	–	Nialas	–
An tUasal Ita Kinahan	Nialas	–	Nialas	–
An tOll. Anne Molloy	Sainchomhairleoir	Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia	Nialas	–
Dr M'cheál O'Mahony	Nialas	–	Nialas	–
An tOll. Dolores O'Riordan	Nialas	–	Kerry Group	Scaireanna
An tOll. Ann Marie Part	Nialas	–	Nialas	–
An tOll. Dagmar Stengel	Nialas	–	Nialas	–
Oll. Martin Wilkinson	Nialas	–	Nialas	–



## Aguisín 4 Beathaisnéisí na gComhaltaí Boird

1



2



3



4



5



6



7



8



9



10



1. An tUas. Martin Higgins

2. An tUasal Ann Horan

3. An tUasal Mary Cullen

4. An tUasal Derek Cunningham

5. Oll. Martin Cormican

6. An tUasal Patrick Knight

7. An tUasal Ros O'Shea

8. An tUasal Gerry McCurdy

9. An Dr Cliodhna Foley-Nolan

10. An tOllamh Francis Butler

### 1. Martin Higgins (Cathaoirleach)

Bhí Martin Higgins ina Phríomhfheidhmeannach bunaidh de bhia *sábháilte*, an bord uile-oileáin um chur chun cinn na sábháilteachta bia, agus stiúir sé an eagraíocht óna bunú in 1998 go dtí gur éirigh sé as in 2014. Roimhe sin ba é an chéad Stiúrthóir ar na Seirbhísí Corparáideacha in Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, agus bhí sé ina Phríomhoifigeach roimhe sin sa Roinn Sláinte, ag sainfheidhmiú i gcúrsaí airgeadais agus i rialachán gníomhaireachtaí sláinte. Tá cáilíochtaí gairmiúla aige sa chuntasaíocht, rialachán idirnáisiúnta agus rialachas agus is idirghabhálaí cáilithe agus cóitseálaí feidhmiúcháin agus ceannaireachta é. Tá sé ina bhall d'Institiúid na Stiúrthóirí agus ina Chomhalta den Institiúid Bainistíochta Cairte. San am a chuaigh thart bhí sé ina chomhalta boird ar Bhord Leigheasra na hÉireann, Coru, rialtóir na ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialta agus Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann In 2021, ceapadh é ar Bhord UFCS.

### 2. An tUasal Ann Horan

Is í Ann Horan iar-chathaoirleach An Údaráis Rialála Táirgí Sláinte (URTS) I measc a ról feidhmiúcháin tá poist mar Phríomhfheidhmeannach ar Acadamh Ryan OCBÁC; Stiúrthóir Bainistíochta, Airgeadas Bhanc na hÉireann agus Airgeadas Tráchtála Bhanc na hÉireann, agus Ceannaire Riosca agus Comhlíonta an Ghrúpa ag Banc na hÉireann. Bhí sí ar roinnt bord, lena n-áirítear Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Institiúid na mBaincérí, Comhlachas Tráchtála Átha Cliath Theas, agus bhí sí ina cathaoirleach ar chumann, lena n-áirítear an Factors and Discounters Association atá bunaithe sa RA agus Fóram Idirnáisiúnta na mBan. Ina theannta sin, bhí sí ina cathaoirleach ar choistí iniúchta an ÚRTS agus Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Le linn a gairme rathúla, d'fhorbair sí saineolas i réimsí na ceannaireachta, na pleanála straitéisí, an rialaithe airgeadais, agus an rialachais chorparáidigh Tá a cumas léirithe aici oibriú san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon agus tá taithí dhíreach aici i réimsí na rialála, an airgeadais, an oideachais agus na sláinte poiblí. Is Cuntasóir Deimhnithe Cairte í le Máistreacht san Airgeadas ó OCBÁC.

### 3. An tUasal Mary Cullen

Cuntasóir Cairte is ea an tUasal Mary Cullen. D'fhreastail sí ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, mar a ndearna sí staidéar ar Staidéar Gnó, Eacnamaíochta agus na Staidéir Shóisialta (BESS) agus thosaigh sí ag obair le Price Waterhouse, PwC anois, ina dhiaidh sin. Bhí roinnt ról bhainistíochta sinsearaí aici le PwC, lena n-áirítear freagracht as cúrsaí rúnaíochta comhpháirtíochta agus cuideachta agus gnóthaí páirtithe. Tá sí ina comhalta de Chistí Pinsean Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS) agus tá sí ina hiarchomhalta de Bhord Forais an RDS.

Tá sí ina ball de Choiste Iniúcháireachta Oifig an Ard-Aighne. Roimhe sin, bhí sí ina Comhalta Boird ar Ospidéal Ollscolaíoch na Leanaí, Sráid an Teampaill, Baile Átha Cliath. Bhí sí ina Cathaoirleach ar Bhord Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach na Ceapaí, Baile Átha Cliath agus ina Comhalta Boird d'Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath.

#### 4. An tUasal Derek Cunningham

Is comhairleoir cumarsáide é an tUasal Derek Cunningham. Roimhe sin, bhí sé ina Chomhairleoir Speisialta ag an Roinn Sláinte agus ina Cheann Cumarsáide le Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann. Isiar-iriseoir é le teilifís agus raidió RTÉ. Is céimí é de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus tá cáilíochtaí iarchéime aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. D'fhóin sé ar Ghrúpa Comhairleach de chuid Choimisiún na Sochaí Faisnéise agus bhí sé ina Chathaoirleach ar Chomhairle Lucht Féachana/Éisteachta RTÉ.

#### 5. An tOllamh Martin Cormican

Bhain an tOllamh Martin Cormican a chéim amach ó Scoil Leighis Ollscoil na Gaillimhe i 1986. Fuair sé oiliúint in Éirinn, an RA agus SA. I 1999, ceapadh é mar Mhicribhitheolaí Comhairleach in Ospidéal na hOllscoile Gaillimh agus ina Ollamh le Baictéareolaíocht in Ollscoil na Gaillimhe Ó mhí Bhealtaine 2017, tá post aige mar Ceannaire Náisiúnta FSS um Chúram Sláinte a Bhaineann le Ionfhabhtú agus Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha. Chuir sé le dáileadh vacsaíniú agus teiripe COVID-19 freisin. Is iad na hábhair spéise taighde atá aige ná frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh, ionfhabhtú bia-iompartha agus na naisc idir an comhshaol agus sláinte an duine.

#### 6. An tUasal Patrick (Pat) Knight

Ba é Pat Knight Grúpa Stiúrtóir AD/Príomhoifigeach Daoine ó 2004-2019, roimhe sin bhí sé mar bhainisteoir AD ginearálta le Waterford Crystal (1986–2004) agus roimhe sin bhí sé ina Oifigeach Pearsanra le Bord na Móna Tá sé ag obair go roghnach faoi láthair mar Chomhairleoir Acmhainní Daonna agus Bainistíochta Athruithe. Tá os cionn 30 bliain de thaithí bainistíochta feidhmeannach aige, agus tá taithí na mblianta aige mar chomhalta Boird iomlán freisin. Tá dea-theist AD air i gclaochlú gnó, lena n-áirítear athrú straitéiseach, oibriúcháin, cultúrtha agus eagraíochtúil a fhorbairt, a shocrú agus a chur i bhfeidhm; caighdeán arda rialachais chorparáidigh a bhunú agus a chaomhnú – lena n-áirítear iompar eiticíúil ag leibhéal na bainistíochta sinsearaí; tallainne den scoth a aimsiú, agus cumas ceannaireachta a fhorbairt ag gach leibhéal bainistíochta. Tá céim mháistreachta aige (M.Sc. Mgmt) ó Choláiste na Tríonóide agus tá sé ina Leantóir Cairte den Institiúid Chairte Pearsanra agus Forbartha.

#### 7. An tUasal Ros O'Shea

Is stiúrtóir neamh-fheidhmiúcháin, neamhspleách í an tUasal Ros O'Shea a bhfuil a lán taithí aici ar earnálacha airgeadais, poiblí agus carthanachta, ar a n-áirítear seal le Bank of Montreal Ireland plc, cistí Charraig Dhubh na hÉireann agus Teach Pieta. Tá sí ina cathaoirleach ar Líonra Céimithe PwC in Éirinn. Is comhpháirtí í le Board Excellence Teo, comhlacht comhairliúcháin a sholáthraíonn comhairle agus oiliúint cheannaireachta maidir le rialú, cultúr, riosca agus comhlíonadh, agus tá sí ina léachtóir ar na topaicí seo i Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD, agus an Institiúid Baincéireachta. Roimhe seo, bhí gairm an-rathúil aici, thar 20 bliain beagnach, le dhá cheann de na cuideachtaí is mó in Éirinn: CRH plc, mar a raibh

sí ina Ceannaire ar Chomhlíonadh agus Eitic Grúpa, agus Smurfit Kappa Group plc. Tá céimeanna máistreachta céad onóracha sa ghnó aici ón Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, tá diplóma aici sa Rialachas Corparáideach ó Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit de chuid Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus tá sí ina comhlach san Institiúid Cánach agus tá sí ina comhalta in Institiúid na gCuntasóirí Cairte, i ndiaidh di a hoiliúint a fháil le PwC. Chríochnaigh sí Clár Oilíunóra Máistir i bhForas Bainistíochta na hÉireann, tá diplóma aici in Airgeadas Aerárthaí agus i Léasú ó Dhlí-Chumann na hÉireann, is céimí den chlár Value Creation through Effective Boards i Scoil Ghnó Harvard, agus is Stiúrthóir Deimhnithe Baine í mar a shonraítear de réir Institiúid na Baincéireachta. Lena chois sin, is í údar an leabhair *Leading with Integrity: A Practical Guide to Business Ethics* agus scríobhann sí go rialta sna nuachtáin agus sna meáin chlóite ar thopaicí ábhartha.

#### 8. An tUasal Gerry McCurdy

Tá breis agus 40 bliain taithí ag an Uasal Gerry McCurdy ag obair i dtimpeallacht rialála agus beartais agus é ag plé le sábháilteacht bia, sláinte phoiblí agus cosaint tomhaltóirí. Bhain sé a cháilíochtaí mar oifigeach sláinte comhshaoil amach in Ollscoil Uladh in 1978 agus bhain sé Máistreacht Eolaíochta amach in 1991. Bhí roinnt poist shinsearacha aige i rialtas áitiúil agus lárnach agus bhí ról fírlárnach aige maidir leis an nGníomhaireacht Caighdeán Bia i dTuaisceart Éireann. Mar stiúrthóir Thuaisceart Éireann den Gníomhaireacht Caighdeán Bia d'fhorbair sé dlúthchaidreamh le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. I ndiaidh dó dul ar scor in 2013, d'oibrigh an tUasal McCurdy mar chomhairleoir sábháilteachta bia d'Fhoras Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe, agus don Bhanc Domhanda, ar thionscadail sa Bhoisnia agus sa Bhanglaidéis. Tá an-taithí ag an Uasal McCurdy ag leibhéal an Bhoird agus faoi láthair tá sé ina bhall de Bhord an ÚSBÉ agus ina Chathaoirleach ar a Choiste Iniúchta agus Dearbhaithe Riosca. Tá sé ina Leas-Phríomhchoimisinéir freisin ar Choimisiún Carthanachta le haghaidh Thuaisceart Éireann agus ina Chomhalta Boird ar Chomhairle Tomhaltóirí Thuaisceart Éireann agus comhalta dá gcoistí iniúchta agus riosca faoi seach.

#### 9. An Dr Clíodhna Foley-Nolan

Tá an Dr Clíodhna Foley-Nolan MB, BCh, BAO, DCH, DObs, MPH, FFPHM ina Chomhairleoir i Leigheas Sláinte Poiblí. D'oibrigh sí mar Stiúrthóir um Shláinte an Duine agus Cothú in *safefood* (an Bord um Chur chun Cinn na Sábháilteachta Bia) agus mar Speisialtóir i Leigheas Sláinte Poiblí i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tá céim sa leigheas ag an Dr Foley-Nolan ón gColáiste Ollscoile, Corcaigh agus tá Máistreacht i Sláinte Phoiblí aici ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus tá sí ina Comhalta le Roinn an Leighis Sláinte Poiblí i gColáiste Ríoga na Máinlia in Éirinn. Tá an Dr Foley-Nolan ina Léachtóir Sinsearach sa Choláiste Ollscoile, Corcaigh agus is oilíunóir agus scrúdaitheoir í i gColáiste Ríoga na Máinlia in Éirinn. D'fhóin sí ar roinnt grúpaí comhairleachta náisiúnta, lena n-áirítear an Grúpa Comhairleach Náisiúnta ar SEIF, mar aon le grúpaí comhairleacha ar eitinn, sláinte i measc inimirceach, tearcrochtain bhia, agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach. D'fhóin sí ar Bhoird Chomhairle

Tréidliachta na hÉireann, grúpaí beartais i leith murtaill i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann, Dámh an Leighis Sláinte Poiblí i gColáiste Ríoga na Máinlia in Éirinn; agus Ionad an Bhoird Taighde Sláinte um Thaighde Sláinte agus Cothaithe.

#### 10. An tOllamh Francis Butler

Is Príomhthaighdeoir é an tOllamh Francis Butler san Institiúid um Ghnó Bia agus Sláinte, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus san Ionad um Shábháilteacht Bia, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá sé ina Cheann Ábhair in Innealtóireacht Bithchóras i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Baineann a phríomhthaighde le sábháilteacht bia le fócas ar leith ar chórais thraidisiúnta agus ar mheasúnú riosca cainníochtúil i leith guaiseacha micribhitheolaíochta agus ceimiceacha i mbianna. Comhordaíonn an tOllamh Butler an MSc i Sábháilteacht Bia agus Anailís Riosca i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Stiúir sé roinnt measúnuithe ar riosca bia micróbach cainníochtúil, agus chuir sé ábhar nuálach ar fáil maidir le tréithriú dáilte micróbacha i mbia agus le forbairt straitéisí samplála nuálacha d'éilleáin i mbianna. Tá sé ag stiúradh tionscadail faoi láthair trí úsáid a baint as teicnící micribhitheolaíochta móilíneacha chun foinsí agus cúrsaí a shainaithint maidir le tras-seoladh pataiginí tríd an mbiashlabhra. Áirítear i measc a suimeanna taighde eile ionracas an bhiashlabhra agus inrianaitheacht bianna. D'fhoilsigh an tOllamh Butler breis agus 150 foilseachán in irisí measúnaithe, mar aon le 100 páipéar measúnaithe i nósanna imeachta comhdhálacha idirnáisiúnta agus breis agus 150 cur i láthair breise ó chomhdhálacha náisiúnta agus cur i láthair ceardlainne eile. Chomardaigh sé nó bhí sé ina chomhpháirtí ar níos mó ná 30 tionscadal taighde, lena n-áirítear ceithre chreat-tionscadal an Aontais Eorpaigh. Chuir sé oiliúint ar fhoireann shuntasach taighdeoirí agus scoláirí, lena n-áirítear 20 mac léinn a bhain PhD amach agus 13 mac léinn máistreacht taighde, mar aon le 14 taighdeoir lardhochtúireachta. D'fhóin sé ar roinnt cruinnithe saineolaithe de chuid Fhoras Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe agus na hEagraíocht Domhanda Sláinte ar mheasúnú riosca micribhitheolaíochta. Sular thosaigh sé ag obair le Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, d'oibrigh an tOllamh Butler i mbainistíocht táirgeachta i dtionscal déiríochta na hÉireann.

# Ráiteas Airgeadais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2021

## Aguisín ar Ráitis Airgeadais Bhliantúla

<b>Ráiteas maidir le Rialú agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird</b>	<b>94</b>
<b>Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach</b>	<b>99</b>
<b>Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste</b>	<b>103</b>
<b>Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021</b>	<b>107</b>
<b>Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021</b>	<b>108</b>
<b>Ráiteas ar Shreafaí Airgid don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021</b>	<b>109</b>
<b>Nótaí leis na Ráitis Airgeadais</b>	<b>110</b>

# Ráiteas maidir le Rialú agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

### Rialachas

Bunaíodh Bord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 31 den Acht. Tá an Bord freagrach don Aire Sláinte agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar na príomhcheisteanna gnó go léir. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann ceannasaíochta sinsearaí freagrach as gnáthbhainistiú, rialú agus treoir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Ní mór don POF agus don fhoireann ceannasaíochta sinsearaí an treo straitéiseach leathan a leagann an Bord amach a leanúint agus ní mór dó a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag na comhaltaí Boird go léir ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha a thiocfaidh chun cinn is dócha. Feidhmíonn an POF mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta an Údaráis.

### Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí gach duine a bhaineann le gníomhaíocht an Bhoird leagtha amach sa Chód Cleachtais i gcomhair comhaltaí Boird, an Chathaoirigh, an Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus an Rúnaí. Leagann an Cód amach freisin na saincheisteanna atá le cinneadh go sonrach

ag an mBord. San áireamh sna ceisteanna buana a ndéanann an Bord iad a mheas tá:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- ábhair forchoimeáda

Ceanglaítear ar Bhord an Údaráis leis an Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998, Alt 26 (5), ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm agus modh a d'fhaomhadh an tAire Sláinte le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus gach cuntas airgid is cuí agus is gnách a fuair sé agus a chaith sé a choinneáil.

Ceanglaítear ar an Údarás Sábháilteachta Bia na nithe a leanas a dhéanamh agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh sé i mbun oibre; agus
- a shonrú cibé acu ar cloíodh le caighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta nó nár cloíodh, faoi

réir aon neamhchomhlíonadh ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Dearbhaíonn an Bord gur chomhlíon sé na riachtanais thuasluaite maidir leis na ráitis airgeadais a ullmhú. Tá an Bord freagrach as taifid chuntais chúí a choimeád ina nochtar, go réasúnta cruinn tráth ar bith, a staid airgeadais lena cuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonfaidh na ráitis airgeadais Alt 26 den Acht. Tá freagracht ar an mBord as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin an Údarás Sábháilteachta Bia. Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Tá measúnú á dhéanamh go leanúnach ar fheidhmíocht Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann trí thagairt dá phlean gnó bliantúil agus dá bhuiséad bliantúil. Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugtar i ráitis airgeadais an Údaráis léargas fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2021 seachas i gcás neamhchomhlíontacht maidir le riachtanais FRS 102 i dtaca le teidlíochtaí sochair scoir, arna threorú ag an Aire Sláinte. D'fhaomh an Bord síniú an ráitis sin agus na ráiteas airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 ar 21 Meitheamh 2022

Tá Cathaoirleach agus naonúr ngnáthchomhalta ar an mBord, ceapann/ athcheapann an tAire Sláinte iad ar fad. Ceapadh comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse 3 nó 5 bliana agus tagann siad le chéile 6 huairé in aghaidh na bliana.



Sonraíonn an tábla thíos an tréimhse cheapacháin i gcomhair comhaltaí a thug seirbhís i gcaitheamh na bliana.

Comhaltaí Boird	Ról	Dáta ceaptha	Athcheapachán is déanaí	Sonraí breise
An tUas. Martin Higgins	Cathaoirleach	Feabhra 2013 (Gnáthchomhalta)	Ceaptha mar Chathaoirleach i mí Feabhra 2018	–
An tUasal Derek Cunningham	Gnáthchomhalta	Feabhra 2013	Meitheamh 2016	Téarma dár chríoch mí an Mheithimh 2021
An tUasal Ros O’Shea	Gnáthchomhalta	Meitheamh 2016	–	Téarma dár chríoch mí an Mheithimh 2021
An tUasal Mary Cullen	Gnáthchomhalta	Meitheamh 2016	Meitheamh 2021	–
An tOllamh Francis Butler	Gnáthchomhalta	Bealtaine 2019	–	–
An tUasal Gerard McCurdy	Gnáthchomhalta	Bealtaine 2019	Bealtaine 2022	–
An Dr. Cliodhna Foley-Nolan	Gnáthchomhalta	Deireadh Fómhair 2019	Deireadh Fómhair 2022	–
Oll. Martin Cormican	Gnáthchomhalta	Meitheamh 2021	–	–
an tUasal Ann Horan	Gnáthchomhalta	Meitheamh 2021	–	–
An tUasal Patrick Knight	Gnáthchomhalta	Meitheamh 2021	–	–

Le linn 2021 chuir an Bord suirbhé éifeachtúlachta i gcrích a d’fhéach le measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Bhoird, láidreacht a phróiseas agus a struchtúr cumasaithe mar aon lena oibleagáidí faoin aguisín ar chothromaíocht inscne, éagsúlacht agus feidhmíocht. Rinne an Bord athbhreithniú ar an tuarascáil a tháinig i ndiaidh an tsuirbhé in 2022.

### Cothromaíocht inscne i mballraíocht an Bhoird

Amhail an 31 Nollaig, bhí 3 chomhaltaí ina mná (37.5%) agus 5 comhaltaí (62.5%) ina bhfir, agus bhí folúntas ann le haghaidh 2

comhaltaí. Ní chomhlíonann an Bord mar sin sprioc an Rialtais le haghaidh ionadaíocht íosta 40% i gcomhair gach inscne i mballraíocht Bord Stáit.

Tá na bearta thíos a leanas á gcur i bhfeidhm chun tacú le agus chun cloí le cothromaíocht inscne ar an mBord seo:

- Iarradh ar an Aire machnamh a dhéanamh ar riachtanais an aguisín leis an gCód Cleachtas chun a chinntiú go gcloífidh an tÚdarás le cothromaíocht inscne agus chun feabhas a chur ar éagsúlacht agus ionchuimsiú nuair a ainmnítear

ceapaithe maidir le folúntais comhaltaí ar an mBord.

Bhunaigh an Bord dhá fhochoiste, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, an Coiste Feidhmíochta agus Forbartha, agus an Coiste Forbartha Páirtithe Leasmhara.

Tá triúr comhaltaí boird agus comhalta neamhspleách ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an mBord i dtaca lena fhreagrachtaí i dtobh ceisteanna riosca, rialála agus rialachais agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar chórais inmheánacha rialála, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe.

Is iad a leanas comhaltaí an Choiste Iniúchta agus Riosca: An tUasal Gerry McCurdy (Cathaoirleach), Dr. Cliodhna Foley-Nolan, Uasal Ann Horan agus an tUasal Fergal Ó'Briain. Bhí 4 chruinniú ag an ARC le linn 2021.

Tá triúr comhaltaí Boird ar an gCoiste Feidhmíochta agus Forbartha. Is é ról an Coiste Feidhmíochta agus Forbartha meicníocht iomchuí a cheapadh agus a chur chun feidhme le measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, agus tríd an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht Fhoireann Feidhmiúcháin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. De réir mar is gá, socraíonn an

CFF luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh mar a ordóidh an Roinn Sláinte, forbraíonn sé an sainchuntas poist, aithníonn sé na hinniúlachtaí ábhartha agus an phróifíl idéalach iarrthóra don phost, aontaíonn sé an próiseas earcaíochta agus cuardaigh, agus socraíonn sé amchlár sonrach. Tionólaíonn an Coiste Feidhmíochta agus Forbartha mar a éilíonn an Bord agus tuairiscíonn sé don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Feidhmíochta agus Forbartha: an tUasal Martin Higgins (Cathaoirleach), An tUasal Mary Cullen agus an tUasal Patrick Knight. Tionóladh 2 chruinniú den Choiste Feidhmíochta agus Forbartha in 2021.

## **Sceideal tinrimh, táillí agus costais**

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe Boird agus Coiste le haghaidh 2021 leagtha amach i Nóta 4(c) de na Ráitis Airgeadais.

## **Príomhathruithe Pearsanra**

Tháinig deireadh le téarmaí Boird Derek Cunningham agus Ros O'Shea le linn 2021.

## **Nochtadh a Éilítear faoin gCód**

### **Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)**

Tá an Bord freagrach as cinntiú gur chomhlíon an tÚdarás riachtanais an Chóid Cleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Tá na nochtaithe seo riachtanach tríd an Chód:

- miondealú ar shochair gearrthéarmacha fostaí - a leagtar amach i nóta 4 (b) de na ráitis airgeadais,
- costais dlí - a leagtar amach i nóta 4 (h) sna ráitis airgeadais,
- costais agus socruithe dlí - a leagtar amach i nóta 4 (h) sna ráitis airgeadais,
- caiteachas taistil agus cothabhála - a leagtar amach i nóta 4(a) agus 4(c) sna ráitis airgeadais, agus

- caiteachas ar fháilteachas - a leagtar amach i nóta 4 (f) sna ráitis airgeadais.

### **Ráiteas maidir le Comhlíonadh**

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas i gComhlachtaí Stáit (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid an chinntiú. D'oibrigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann de réir Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh go hiomlán i gcomhair 2021.

### **Ráiteas maidir le comhlíonadh**

Ghlac an Bord leis an gCód *Cleachtais maidir le Rialachas i gComhlachtaí Stáit* (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid an chinntiú. D'oibrigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann de réir Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh go hiomlán i gcomhair 2020.

Thar ceann Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann:



**Martin Higgins**

**Dr Pamela A Byrne**

Cathaoirleach

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

27 Meitheamh 2022

24 Meitheamh 2022

# Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

## Raon freagrachta

Admhaímse, thar ceann Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, an fhreagracht atá orainn cinntiú go ndéantar córas éifeachtúil rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú. Cuireann an fhreagracht sin riachtanais an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh.

## Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go dtí leibhéal réasúnta seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcaomhnú, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earraí nó mírialtachtaí á gcosc nó á mbrath i dtréimhse thráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus cloíodh leis suas go dtí an dáta ag tráth fhaomhadh na ráiteas airgeadais. Lena chois sin, tugtar dearbhú breise don Bhord maidir le cáilíocht rialú inmheánach an Údarás de bharr go bhfuil Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann deimhnithe chuig Córas Bainistíochta Cáilíochta ISO 9001:2015. Dearbhaíonn an Caighdeán seo go n-oibríonn an tÚdarás

sraith beartas, próiseas agus nósanna imeachta atá iomchuí le haghaidh phleanáil agus fhorfheidhmiú a phríomhghnó.

## Acmhainn chun riosca a láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ar a bhfuil triúr comhaltaí Boird agus comhalta seachtrach amháin, a bhfuil taithí acu ar chúrsaí airgeadais agus iniúchóireachta. Tháinig an ARC le chéile ceithre huairé le linn 2021.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann mar a shainmhínítear i gCairt an Bhoird um Iniúchóireacht Inmheánach. Rinne an tÚdarás foinsíú allamuigh i leith na Feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí chuig BDO Éireann. Bíonn obair na hiniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís a dhéanamh ar an riosca a bhfuil an comhlacht neamhchosanta air agus bíonn na pleananna bliantúla um iniúchóireacht inmheánach bunaithe ar an anailís sin. Thug an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tacaíocht d'anailís ar na rioscaí agus do na pleananna iniúchóireachta inmheánaí agus d'fhaomh an Bord iad. Cuireann an tIniúcháir Inmheánach tuarascáil faoi bhráid an Bhoird faoin ngníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí.

D'fhorbair an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca beartas bainistíochta riosca a leagann amach nósanna imeachta bainistíochta riosca agus a shonraíonn na ról agus na freagrachtaí a bhaineann leis an bhfoireann i

dtaca le riosca. Eisíodh an beartas do gach ball foirne a bhfuiltear ag súil leis go n-oibreoidh siad laistigh de beartais bhainistíochta riosca an Údaráis, chun an lucht bainistíochta a chur ar an airdeall maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí rialála agus chun freagracht a ghlacadh i dtaca le rioscaí agus rialaithe laistigh dá réimse oibre féin.

## Creat riosca agus rialachais

Chuir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainaithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na príomhghníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí agus, chomh maith agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí a bhaineann leis an Údarás agus sainaithníodh iad, rinneadh measúnú orthu agus rinneadh grádú orthu de réir a dtábhachta. Déanann an Fhoireann Ceannasaíochta Sinsearaí an clár a nuashonrú agus cuirtear i láthair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus an Bhoird é mar mhír bhuan. Baintear leas as toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí ag leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár riosca na rialuithe agus na gníomhaíochtaí atá riachtanach chun rioscaí agus freagrachtaí a mhaolú maidir le hoibriú rialuithe a shainítear do bhaill foirne faoi leith. Dearbhaímid go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm lena mbaineann na gnéithe seo a leanas:

- rinneadh nósanna imeachta chun gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú,

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal bainistíochta agus cuntasachta dá réir i gceist,
- tá córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na faisnéise agus na gcóras teicneolaíochta cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun acmhainní a chosaint, agus
- nósanna imeachta a rialú maidir le húsáid airgid deontas agus leithdháileadh maoinithe ar ghníomhaireachtaí seachtracha chun rialú cuí a chinntiú ar airgead dá shamhail a fhaomhadh ionas go gcinnteofar go gcuirfear isteach ar mhaoiniú deontais chun na críocha dá raibh sé beartaithe.

Déanann an tÚdarás íocaíochtaí le húdaráis áitiúla maidir le soláthar seirbhísí tréidliachta. Comhaontaítear conarthaí seirbhíse bliantúla le húdaráis áitiúla. Tá íocaíochtaí bunaithe ar éilimh ráithiúla ó na húdaráis áitiúla bunaithe ar na leibhéil gníomhaíochta iarmhíre.

## Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Cuirtear nósanna imeachta foirmiúla ar bunaíodh iad chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialála agus laigí a rialú in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhard, nuair is cuí, ar mhodh tráthúil. Dearbhaímid go bhfuil na córais leanúnacha mmonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun

- monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh arna sainaithint a thuairisciú,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal nuair a shainítear freagracht maidir le bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht thráthrialta agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

## Soláthar

Dearbhaímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann chun comhlíonadh a chinntiú maidir leis na rialacha agus treoirlínte reatha soláthair. Tugtar aird ar cheisteanna a tháinig chun cinn maidir le rialuithe i dtaca le soláthar faoi cheisteanna rialaithe inmheánaigh thíos.

## Tionchar phaindéim COVID-19 ar an Timpeallacht Rialuithe

D'athraigh tús phaindéim COVID-19, go luath in 2020, agus an chomhairle sláinte poblí agus bearta sábháilteachta a tháinig dá thoradh cleachtais oibre an Údaráis go tapa. Rinne an tÚdarás monatóireacht bheacht ar na forbairtí agus d'fhéach sé leis na rioscaí a mhaolú a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar ghnó, ar fhoireann agus ar pháirtithe leasmhara an Údaráis.

San áireamh sna gníomhaíochtaí a chuir an tÚdarás i gcrích, le linn 2021, tá:

- An tÚdarás a chaomhnú mar thimpeallacht oibre chianda ar mhaithe le comhleanúnachas a dheimhniú maidir le soláthar seirbhíse.

- Measúnuithe riosca leanúnacha maidir COVID-19 don fhoireann agus do pháirtithe leasmhara.
- Measúnú leanúnach ar rioscaí suntasacha a bhaineann leis an Údarás, an tionchar a bhí ag COVID-19 ar na rioscaí sin agus solúbthacht ar an Údarás feidhmiú go héifeachtach.
- Deighilt láidir a chinntiú maidir le dualgais agus dhéanfaí deimhin de go mbeadh clúdach iomchuí ann mura mbeadh údaráis um fhaomhadh ar fáil.
- Cinntiú go bhfuil gach cosaint sonraí agus polasaí agus nós imeachta bainistíochta taifead i bhfeidhm mar is gnách.
- Rinneadh measúnú ar laigí féideartha rialuithe inmheánacha mar thoradh ar COVID-19 agus cuireadh bearta i bhfeidhm chun monatóireacht agus nuashonrú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha nuair is gá

## Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Dearbhaímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a bhainistíochta riosca agus a nósanna imeachta rialachais. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus ar obair an Choiste Iniúcháireachta agus

Riosca a dhéanann maoirseacht ar a n-obair agus ar an bhfoireann ardbhainistíochta laistigh den Údarás atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Dearbhaímid go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2021 ar an 2022 i mí Márta 2021.


## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

### Soláthar


Le linn 2021 tabhaíodh caiteachas €291,000 i dtaca le hocht gconradh le haghaidh seirbhísí nuair nár chloígh na nósanna imeachta leis na treoirlínte soláthair:

- Baineann tuairim is €31,000 le táillí gníomhaireachta le haghaidh foireann shealadach TF. Ba é costas iomlán na dtrí chonradh €249,900, a chuimsíonn costais tuarastail de €176,700 (CBL san áireamh). Nochtadh é sin roimhe seo in 2020. Tá ÚSBÉ ag súil leis na conarthaí seo a thabhairt chun rialtacha, mar chuid d'fhorbairtí tionscadal caipitil, ach chuir srianta margaidh bac ar dhul chun cinn ina leith seo.
- Baineann tuairim is €127,000 le soláthar seirbhísí dlí. Tá aighneacht curtha faoi bhráid an OSR chun úsáid a bhaint as an gCreat seirbhísí dlí chun an conradh seo a thabhairt chun rialtacha.
- Baineann na suimeanna airgid eile, dar luach iomlán €133,000, le caiteachas a tabhaíodh ar chonarthaí éagtha. Tá an tÚdarás ag déanamh athbhreithniú faoi láthair maidir lena riachtanais seirbhíse i dtaobh na gconarthaí seo. Beidh tionchar ag feidhmiú na hoibre hibrideacha ar riachtanais seirbhíse na seirbhísí seo.

Níor sainaithníodh aon laigí rialaithe inmheánaigh le linn 2021 seachas na cinn a nochtar thuas. Thar ceann Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann:



**Martin Higgins**  
Cathaoirleach



**Dr Pamela A. Byrne**  
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

27 Meitheamh 2022

24 Meitheamh 2022

# Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Tuairim cháilithe ar ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 mar a éillítear faoi fhorálacha alt 26 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais infheidhmithe sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann agus cuimsítear

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus na cúlchistí ioncaim coimeádta
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáíochta.

I mo thuairim, seachas i gcás neamhchomhlíontacht maidir le riachtanais FRS 102 i dtaca le teidlíochtaí sochair scoir dá dtagraítear thíos, tugtar i ráitis airgeadais an Údaráis léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann amhail an Nollaig 31 2021 agus dá ioncam agus caiteachas i gcomhair 2021 de réir FRS 102.

### Bunús le tuairim cháilithe ar ráitis airgeadais


I gcomhréir le horduithe an Aire Sláinte, tugann an tÚdarás cuntas maidir leis na costais a bhaineann le teidlíochtaí aoisliúntais de réir mar a éiríonn siad iníoctha amháin. Ní chloíonn sé seo le FRS 102 ina n-éillítear go sainathníonn na ráitis airgeadais costas iomlán na dteidlíochtaí sochair scoir a thuilltear sa tréimhse agus an dliteanas fabhráithe ag dáta an tuairiscithe. Ní dhearnadh éifeacht na neamhchomhlíontachta ar ráitis airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann le haghaidh 2021 a mheas.

Déantar m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht i gcomhréir leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Cuirtear síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a gabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus chomhlíon mé mo riachtanais eiticíúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin. Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta a fuair mé leordhóthanach agus iomchuí chun go mbeadh bunús le mo thuairim.



## Tuairisc ar fhaisnéis nach faisnéis sna ráitis airgeadais, agus ar chúrsaí eile

Chuir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann faisnéis éigin eile mar aon leis na ráitis airgeadais i láthair. Cuimsítear leis seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas maidir le rialú agus tuarascáil na gcomhaltaí Bhoird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo fhreagrachtaí don Bhord dtaca le faisnéis dá samhail, agus le cúrsaí áirithe eile ar a ndéanaim tuairisc trí eisceacht, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin.



John Crean

## Thar ceann agus ar son an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

29 Meitheamh 2022

## Foscúbhinn a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Mar a shonraítear sa ráiteas maidir le rialú agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as na nithe seo a leanas:

- ráiteas airgeadais a ullmhú san fhoirm a ordaítear faoi alt 26 den Acht um

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998

- cinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- chun rialtacht na n-idirbheart a áirithiú
- chun a mheasúnú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil bonn an ghnóthais leantaigh iomchuí, agus
- a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad riachtanach chun ullmhúchán na ráiteas airgeadais a chumasú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu mar gheall ar chialais nó ar earráid.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 26 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 chun ráitis airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a iniúchadh agus tuairisciú orthu lena chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Tá sé mar chuspóir agam maidir leis an iniúchadh a dhéanamh dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu trí chialais nó trí earráid. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go mbeidh iniúchadh a dhéantar de réir ISAnna in ann míshonrú ábhartha a bhrath i gcónaí nuair is ann dó. Féadann míráitis ábhartha teacht ó chialais nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más amhlaidh go bhféadfaí go réasúnach a bheith ag súil go

rachaidís, ina n-aonar nó go comhiomlán, i gcion ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, bainim úsáid as breithiúnas gairmiúil agus déanaim sceipteachas gairmiúil a choimeád ar feadh an iniúchta. Agus sin á dhéanamh,

- Sainaithním na rioscaí agus déanaim measúnú orthu maidir le míshonrú ábhartha i leith na ráiteas airgeadais, is cuma más mar gheall ar chalaouis nó earráid é sin, déanaim nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur chun feidhme atá freagrúil do na rioscaí sin, agus faighim fianaise don iniúchadh atá imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar do mo thuairim. Is mó an riosca nach ndéanfaí míshonruithe ábhartha a bhrath i gcás calaoise ná i gcás earráide mar d'fhéadfadh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh intinniúla, mífhaisnéisí, nó sárú na rialála inmheánaí bheith i gceist leis an gcalaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta a dhearadh atá iomchuí do na himthosca, ach ní ar mhaithe le tuairim a léiriú maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáochta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasáochta agus nochtuithe gaolmhara.

- Cinnim ar oiriúnacht úsáid cuntasáochta ar bhonn gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, ar cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann nó nach bhfuil maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar inniúlacht Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann leanúint ar aghaidh ar bhonn gnóthais leantaigh. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt ar na nochtuithe gaolmhara i mo thuairisc sna ráitis airgeadais nó, má tá nochtuithe dá samhail easnamhach, mo thuairim a athrú. Tá mo chinneadh bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas le dáta mo thuairiscithe. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo tabhairt ar Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann gan leanúint ar aghaidh ar bhonn gnóthais leantaigh.
- Déanaim measúnú ar an láithreoireacht fhoriomlán, ar struchtúr agus ar inneachar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na rudaí a nochtadh, agus cibé an léirítear leis na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus na teagmhais bhunúsacha ar dhóigh lena dtugtar léargas cothrom.

Déanaim cumarsáid leo sin a bhfuil cúram rialála orthu maidir le, i measc nithe eile, scóip bheartaithe agus tráthúlacht an iniúchta agus torthaí suntasacha a bhaineann leis an iniúchadh, lena n-áirítear aon laigí suntasacha

maidir le rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscim, trí eisceacht, chomh maith, sna cásanna seo a leanas:

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaíonn uaim d'iniúchadh, nó
- ní raibh na taifid chuntasaíochta imleor chun ligean d'iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Faisnéis nach faisnéis atá sna ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe d'aon chineál ina leith.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair agus, trí sin a dhéanamh, cíoradh a dhéanamh ar cibé acu

an bhfuil neamhréir ábhartha ann idir an fhaisnéis eile agus an fhaisnéis snaráitis airgeadais nó le faisnéis a fuarthas le linn an iniúchta nó nach bhfuil, nó seachas sin má tá an chosúlacht air go bhfuil míráiteas ábhartha ann. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm tuairisc a dhéanamh air sin.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúrsaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím más amhlaidh go bhfuil gnéithe ábhartha ann a bhaineann leis an gcaoi a ndearnadh gnó poiblí.


Déanaim iarracht fianaise a aimsiú faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Déanaim tuairisc má aithním cás ábhartha ar bith nár cuireadh airgead i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó sa chás nach gcloíonn na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

# An ráiteas ioncaim agus caiteachais agus na cúlchistí ioncaim coimeádta


Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
<b>Ioncam</b>			
Deontas Oireachtais	2	19,959	17,536
Ioncam Eile	3	1,532	981
Ioncam Oibriúcháin		21,491	18,517
<b>Ioncam Iomlán</b>		<b>21,491</b>	<b>18,517</b>
<b>Earcaíochta</b>			
Riarachán, Oibríochtaí agus Cur Chun Cinn	4	10,655	9,697
Gníomhaíochtaí cumarsáide	5	384	369
Dímheas Sócmhainní Seasta	6 & 14	613	619
Tionscadal Albánach	14	769	499
Tascfórsa Athfhoirmlíú		148	0
Seirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil	7	8,090	6,923
<b>Caiteachas Iomlán</b>		<b>20,659</b>	<b>18,107</b>
<b>Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Leithreasuithe</b>			
Aistriú ó/(chuig) Cuntas Caipitil	8	400	387
Cailteanas ar Dhiúscairt		0	(1)
<b>Barrachas/(Easnamh) don bhliain tar éis leithreasáí</b>		<b>1,232</b>	<b>796</b>
<b>Iarmhéid amhail an 1 Eanáir</b>		<b>(142)</b>	<b>(938)</b>
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig</b>		<b>1,090</b>	<b>(142)</b>

Áirítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta sa bhliain na gnóthachain agus na cailteanais aitheanta ar fad sa bhliain. Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus na nótaí 1 go 18 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo. Thar ceann Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann:



**Martin Higgins**  
Cathaoirleach  
27 Meitheamh 2022



**Dr Pamela A. Byrne**  
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
24 Meitheamh 2022


# Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2021

		2021	2020
	Nótaí	€'000	€'000
<b>Sócmhainní nach Sócmhainní Reatha iad</b>			
Maoín, Gléasraagus Trealamh	6	852	1,211
Doláimhsithe a ghnóthú	6 (a)	33	74
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Earraí Infhaighte	9	661	594
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		3,285	2,606
<b>Glansócmhainní Reatha</b>		<b>3,946</b>	<b>3,200</b>
<b>Dlíteanais Reatha (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)</b>			
Suimeanna Iníoctha	10	2,856	3,342
Glansócmhainní Reatha / Glandlíteanais Reatha		1,090	(142)
<b>Iomlán na Sócmhainní Iúide Dlíteanais roimh Phinsin</b>		<b>1,975</b>	<b>1,143</b>
<b>Léirithe ag</b>			
Cuntas Caipitil	8	885	1,285
Cúlchistí Ioncaim Coimeádta		1,090	(142)
		<b>1,975</b>	<b>1,143</b>


Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus na nótaí 1 go 18 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann:



**Martin Higgins**  
Cathaoirleach

27 Meitheamh 2022



**Dr Pamela A. Byrne**  
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

24 Meitheamh 2022

## Ráiteas ar shreafaí airgid

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

		2021	2020
	Nótaí	€'000	€'000
<b>Glan-Insreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>			
(Easnamh)/Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas		832	410
Dímheas agus Bearnú Sócmhainní Seasta	6 & 15	624	630
(Méadú)/Laghdú ar Earraí Infhaighte	9	(67)	(10)
Méadú/(Laghdú) ar Earraí Infhaighte	10	(486)	677
<b>Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		<b>903</b>	<b>1,707</b>
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>			
Íocaíocht chun Gléasra & Trealamh a ghnóthú	6	(199)	(199)
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Doláimhsithe a ghnóthú	6 (a)	(25)	(45)
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>		<b>(224)</b>	<b>(244)</b>
<b>Glanmhéadú/(Glanlaghdú) in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim</b>		679	1,463
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir		2,606	1,143
<b>Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig</b>		<b>3,285</b>	<b>2,606</b>

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

### 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá bunús na gcuntasaíochta agus beartais shuntasacha chuntasaíochta arna nglacadh ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

#### a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998, agus tá ceannoifig aige san Exchange, Duga Sheoirse, Lárionad Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, Baile Átha Cliath 1, D01 P2V6. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann mar atá leagtha amach i gCuid II den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998:

Gach beart a dhéanamh lena chinntiú:

- (a) go dtáirgtear bia sa Stát (cibé acu an ndéantar nó nach ndéantar iad a dháileadh nó a chur ar an margadh sa Stát), agus
- (b) go mbaineann bia a dháiltear nó a chuirtear ar an margadh sa Stát na caighdeáin is airde amach maidir le sábháilteacht agus sláinteachas bia atá ar fáil le réasún agus, go háirithe, déantar

gach beart réasúnta lena chinntiú go gcloíonn bia dá leithéid

- (i) leis an reachtaíocht faoi bhia i dtaca le caighdeáin sábháilteachta agus sláinteachais bia, nó
- (ii) más cuí, le forálacha caighdeán a bhfuil glacadh leo nó dea-chleachtas a dhíríonn ar na caighdeáin is airde um shláinteachas bia agus um shábháilteacht bhia a chinntiú

Eintiteas Sochair Phoiblí (ESP) is ea é Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

**(b) Ráiteas Comhlíonta**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (CTA), arna fhógairt ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, arna mhionathrú le hordú an Aire Sláinte i dtaca le costais aoisliúntais. I gcomhréir le horduithe an Aire Sláinte, tugann an tÚdarás cuntas maidir leis na costais a bhaineann le teidlíochtaí aoisliúntais de réir mar a éiríonn siad iníochta amháin (féach 1 (i) thíos). Ní chloíonn an bunús le cuntasaíocht le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 ina gcaithfear costais den sórt sin a aithint sa bhliain inar tuilleadh na teidlíochtaí.

**(c) Bunús an Ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin modh fabhráithe cuntasaíochta, seachas mar a luaitear thíos agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Sláinte le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi réir Alt 26(5) den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998. Cuireadh na beartais chuntasaíochta i bhfeidhm go comhsheasmhach agus iad ag déileáil le míreanna a mheastar a bheadh ábhartha maidir le ráitis airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

**d) Maoiniú caipitil**

Maoinítear sócmhainní seasta Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ó mheascán

de dheontais chaipitil agus leithdháiltí ó ioncam reatha. Aistrítear maoiniú a fhaightear ó dheontais chuig cuntas reatha atá amúctha i gcomhréir le dímheas na sócmhainní gaolmhara.

**e) Ioncam****Deontais Oireachtais**

Go ginearálta, aithnítear ioncam ar bhonn fabhráithe; eisceacht amháin leis sin ná i gcás Deontais Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáltais airgid thirim.

**Ioncam Iarchurtha**

Glactar le hioncam réamh-mheasta a fhaightear roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear é bheith dlite laistigh de bhliain. Eisítear an t-ioncam don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta i gcomhréir leis an gcaiteachas a thabhaítear sa tréimhse thuairiscithe.

**Ioncam Eile**

Aithnítear Ioncam Eile ar bhonn fabhráithe.

**f) Gléasra agus trealamh**

Sonraítear gléasra agus trealamh ag an gcostas lúide dímheas carntha, coigeartaithe do sholáthar ar bith i gcomhair bearnú. Soláthraítear dímheas ar gach gléasra agus trealamh ag rátaí a meastar go ndíscríobhfaidh siad an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid chothroim thar a saolréanna ionchais measta, faoi mar a leanas:

- |                           |                          |
|---------------------------|--------------------------|
| (i) Feabhsuithe Léasachta | 15% in aghaidh na bliana |
|---------------------------|--------------------------|



(ii) Trealamh Ríomhaire	33% in aghaidh na bliana
(iii) Troscán Oifige	15% in aghaidh na bliana
(iv) Trealamh Oifige	15% in aghaidh na bliana
(v) 15% in aghaidh na bliana	15% in aghaidh na bliana
(vi) Mótárfheithiclí	33% in aghaidh na bliana

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ar dhiúscairt sócmhainne, i ndiaidh costais mheasta diúscartha a bhaint, dá mbeadh aois ag an tsócmhainn agus bail uirthi a bheifí ag súil leis ag deireadh a saolré fóna.

Má bhíonn fianaise oibiachtúil ar bith ar bhearnú ar luach sócmhainne ann, aithnítear cailteanas bearnúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta sa bhliain.

Taispeántar sócmhainní seasta doláimhsithe ag a nglanluach de réir na leabhar tar éis dímheas 33% a bheith déanta orthu de réir méid chothroim.

#### g) Infháiltais

Aithnítear earraí infhaighte ag luach cóir.

#### h) Léasanna oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar na Cúlchistí Ioncaim Choimeádta thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhíreach i gcaitheamh thréimhse an léasa, seachas sa chás gurb ann do mhéaduithe cíosa atá nasctha le ráta ionchasach an bhoilscithe, agus aithnítear na méaduithe sin nuair a

thabhaítear iad, sa chás sin. Aithnítear dreasachtaí léasa ar bith a fhaightear thar shaolré an léasa.

#### i) Sochair fostaithe

##### Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chaiteachas sa bhliain, agus cuimsítear sochair a thabhaítear ag deireadh na bliana i bhfigiúr na suimeanna iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

##### Sochair Scoir

Cheadaigh an tAire an scéim aoisliúntais de réir Alt 39 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998. Déanann an scéim foráil do scéim pinsin le sochar sainithe ranníocach do gach fostaí. Déanann an tÚdarás na hasbhaintí ó thuarastail a choinneáil, agus glacann sé leo mar ioncam. Is deontas glan ó na hasbhaintí a choinnítear é deontas bliantúil na Roinne Sláinte don Údarás. Tháinig Acht na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012, isteach sa dlí an 28 Iúil 2012, agus tugadh isteach leis an Scéim Aonair úr na Seirbhíse Poiblí (“Scéim Aonair”) a tosaíodh le héifeacht an 1 Eanáir 2013. Tá gach fostaí úr de chuid Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, ar iontrálaithe úra iad san Earnáil Phoiblí, ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin ina mbaill sa Scéim Aonair. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Faoi réir threoir an Aire Sláinte, níl foráil ar bith déanta sna Ráitis Airgeadais maidir le

dliteanais phinsin sa todhchaí. Déantar íocaíochtaí faoin scéim a ghearradh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta de réir mar a íoctar iad.

#### **j) Seirbhís tréidliachta na n-údarás áitiúil**

Soláthraíonn Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann maoiniú d'údarás áitiúla i dtaca le soláthar seirbhísí tréidliachta. Faigheann an tÚdarás maoiniú ón Roinn Sláinte (mar chuid dá chinneadh bliantúil) maidir leis sin.

Aithnítear maoiniú a fuarthas ón Roinn Sláinte agus méideanna a íocadh leis na hÚdaráis Áitiúla ar bhonn airgead tirim a fuarthas agus airgead tirim a íocadh, i gcomhréir le hAlt 34 de FRS 102.

#### **k) Príomh-mheastacháin agus príomhbhreithnithe**

Éilítear mar chuid d'ullmhúchán na ráiteas airgeadais seo go ndéanann an lucht bainistíochta breithnithe, meastacháin agus breithiúnais a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dliteanais ag dáta an tuairiscithe agus na méideanna a thuairiscítear d'ioncam agus caithreachas le linn na bliana. Déantar measúnú ar bhreithnithe agus ar mheastacháin go leanúnach bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar chúinsí eile, lena n-áirítear ionchais i dtaobh imeachtaí amach anseo a mheastar iad bheith réasúnta faoi na cúinsí. I bhfianaise chineál an mheastacháin, d'fhéadfadh na torthaí iarmhíre bheith difriúil ó na meastacháin a dhéantar. Tá na meastacháin agus na breithiúnais a d'fhéadfadh tionchar ábhartha bheith acu ar

na méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais leagtha amach thíos:

- (i) **Saolréanna úsáideacha a bhunú chun críche trealamh agus léasanna a dhímheas** Is cuid an-suntasach de shócmhainní an Údaráis trealamh agus léasanna. Braitheann an táille bhliantúil dímheasa ar na saolréanna úsáideacha measta do gach cineál sócmhainne. I bhfianaise cineál cuibheasach gearrthéarmach na sócmhainní trealaimh, tá meastacháin na saolréanna úsáideacha maidir leis na sócmhainní seo faoi réir athbhreithniú rialta. Tá na sonraí maidir leis na saolréanna eacnamaíochta úsáideacha san áireamh sna beartais chuntasaíochta.
- (ii) **Saoil eacnamaíochta úsáideacha a bhunú ar mhaith le hamúchadh deontas caipitil** Braitheann an táille bhliantúil amúchadh go príomha ar na saolréanna úsáideacha measta do gach cineál sócmhainne. Déantar athbhreithniú rialta ar na saolréanna eacnamaíochta úsáideacha. Tá na sonraí maidir leis na saolréanna eacnamaíochta úsáideacha san áireamh sna beartais chuntasaíochta.

## **2. Deontais Oireachtais**

Sna Deontais Oireachtais a vótáladh chuig Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ó Vóta 38, an Roinn Sláinte faoi mar a thaispeántar sna ráitis airgeadais cuimsítear:

Fo-Cheanteideal		2021	2020'
		€'000	€'000
Deontais maidir le caiteachas reatha	E.1.	19,713	17,172
Deontas maidir le caiteachas caipitil	L.1.	246	364
<b>Iomlán</b>		<b>19,959</b>	<b>17,536</b>

### 3. Ioncam eile

	Nótaí	2021	2020
		€'000	€'000
Asbhaintí Aoisliúntais		234	237
Díol Foilseachán		184	156
Ioncam Ilghnéitheach		198	88
Tascfórsa Athfhoirmlíú		147	0
Ciste CE Albánach	14	769	499
		<b>1,532</b>	<b>981</b>

### 4. Riarachán, oibríochtaí agus cur chun cinn

		€'000	€'000
Luach saothair agus Costais Phá Eile	4(a)	6,832	6,327
Cíos, rátaí, muirir sheirbhíse agus árachais		1,470	1,491
Costais taighde		54	87
Táillí dlí agus comhairliúcháin	4(h)	212	44

TF, teileafón agus idirlíon		1,064	1,220
Caiteachas oibríocháin	4(g)	1,023	526
		<b>10,655</b>	<b>9,697</b>

#### (a) Luach Saothair agus Costais Phá Eile

	Nótaí	2021	2020
		€'000	€'000
Tuarastail na Foirne, buntuarastal		5,346	5,405
Tuarastail na Foirne, ragobair		2	0
Costais sochar scoir		205	98
Costais cnapshuime scoir		364	0
Ranníocaíochtaí fostóirí le leas sóisialach		552	555
Oiliúint agus forbairt na foirne		174	125
Costais taistil agus cothaithe na foirne - taistil náisiúnta		32	24
Costais taistil agus cothaithe na foirne - taistil idirnáisiúnta		2	10
Ball foirne gníomhaireachta		105	43
Luach saothair na gcomhaltaí boird	4(c)	50	67
		<b>6,832</b>	<b>6,327</b>

D'íoc Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann €86,472 (2020: €76,099) leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaca le ranníocaíochtaí fostóirí faoin scéim pinsin aonair.

In 2021 íocadh €204,931 leis an Roinn Sláinte i dtaca leis an Ranníocaíocht Aoisliúntais

Bhreise (ASC) a baineadh ó thuarastail na foirne (2020 €209,927).

(b) Miondealú ar shochair fostaithe

Raon sochair iomlána na bhfostaithe		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go dtí	2021	2020
60,000	69,999	16	7
70,000	79,999	8	9
80,000	89,999	7	4
90,000	99,999	3	7
100,000	109,999	2	2
110,000	119,999	4	4
120,000	129,999	0	0
130,000	139,999	0	0
140,000	149,999	0	0

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

150,000	159,999	0	0
160,000	169,999	1	1

Nóta: le haghaidh an nochtaithe seo, cuimsítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe i dtaca le seirbhísí a thugtar le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach ní chuimsítear ÁSPC fostóra.

## (c) Tinreamh, táillí agus speansais comhaltaí Boird

Comhalta boird		Táille Boird	Costais Taistil	Cruinnithe ar Freastalaíod h Orthu An Bord	Cruinnithe ar Freastalaíod h Orthu Iniúchadh agus Riosca
		€	€		
Martin Higgins	Cathaoirleach	11,970		6 de 6:	
Derek Cunningham	Téarma dár chríoch mí an Mheithimh 2021	3,493		2 de 2:	
Mary Cullen		7,695		6 de 6:	2 de 2:
Ros O'Shea	Téarma dár chríoch mí an Mheithimh 2021	3,493		2 de 2:	2 de 2:
Gerard McCurdy		7,695		6 de 6:	4 de 4:
Clíodhna Foley-Nolan		7,695		4 de 6:	2 de 2:
Francis Butler		0		6 de 6:	
Martin Cormican		0		5 de 5:	
Ann Horan		4,467		4 de 4:	2 de 2:
Patrick Knight		4,467		4 de 4:	
		<b>50,976</b>			

Le linn 2021, reáchtáladh 6 chruinniú Boird (2020: 10 – 8 gcruinnithe rialta agus 2 chruinniú sa bhreis le hábhair éagsúla a phlé, ina measc, an tionchar a bhí ag COVID ar an ÚSBÉ).

Ní bhfuair beirt chomhaltaí Boird táille Bhoird faoin bPrionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin, toisc go bhfuil siad fostaithe ag eagraíochtaí Stáit eile.

Tá ball amháin seachtrach san áireamh ar Coiste Iniúcháireachta agus Riosca. Tá an post ag Fergal Ó Briain. D'fhreastail Fergal Ó Briain ar 3 cinn de 4 chruinniú CIR i rith na bliana agus ní raibh aon táille á fháil aige faoi phrionsabal an DATA.

**(c) Tuarastal an Príomhoifigigh Feidhmiúcháin**

	2021	2020
	€'000	€'000
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Pamela Byrne	163	162
	<b>163</b>	<b>162</b>

Ba é pacáiste luach saothair an POF do 2021 ná buntuarastal bliantúil de €163,300 (2020: €161,900) le socruithe caighdeánacha na hearnála poiblí.

Ní chuimsítear sna luachanna tuarastail thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Is comhaltaí iad príomhphearsanra bainistíochta (seachas comhaltaí Boird) de scéim pinsin ranníocach sochar sainithe Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

**(e) Cúiteamh an phríomhphearsanra bainistíochta**

Cuimsítear i bpríomhphearsanra bainistíochta Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann POF, cúigear Stiúrthóirí agus comhaltaí an Bhoird. Ba é an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear táillí agus speansais na gcomhaltaí Boird agus luach iomlán saothair an POF ná €762,275 (2020: €784,981).

**(f) Caiteachas fáilteachais**

	2021	2020
	€'000	€'000
Fáilteachas foirne	2	2
Fáilteachas an Choiste Chomhairligh	0	0
Fáilteachas cliant	0	2
Fáilteachas Boird	0	0
	<b>2</b>	<b>4</b>

In 2021 soláthraíodh bronntanas beag (costas €275) do bhall den iar-Choiste Eolaíoch, nach bhféadfaí a bhronnadh in 2020. In 2020 tugadh dearbhán €100 do chomhaltaí Choiste Eolaíoch agus Comhairleach Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, agus fochoistí, a oibríonn ar bhonn deonach. Ba é an luach iomlán ar an dearbhán seo €7,500. Tháinig deireadh le téarma an Choiste Eolaíoch in 2020. Chun aitheantas a thabhairt d'ionchur comhaltaí, thar théarma an choiste, tugadh bronntanas beag do 13 chomhalta. Ba é an caiteachas iomlán ar na bronntanais seo ná €3,000. Níor tugadh aon dearbhán i 2021.

## (g) Caiteachas oibriúcháin

	Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
Caiteachas Earcaíochta		45	14
Páipéarachas agus Postas		42	15
Glantachán agus Lónadóireacht		0	2
Deisiúcháin agus Cothabháil		210	190
Táille Iniúcháireachta		15	15
Comhlíonadh Reachtaíochta Bia		115	57
Oiliúint – foireann gníomhaireachta oifigiúla		23	41
Bunachar sonraí forbhia		14	67
Costais Coistí		0	11
Soláthairtí Leabharlainne		60	53
Trochlú		208	0
Caiteachas Ginearálta (lena n-áirítear fáilteachas)	4(f)	291	61
		<b>1,023</b>	<b>526</b>

## h) Costais chomhairliúcháin

Cuimsítear i gcostais sainchomhairleoireachta táillí a íoctar le páirtithe seachtracha a sholáthraíonn seirbhísí comhairleoireachta de chineál ar bith.

	2021 €'000	2020 €'000
Dlí (i)	148	19
Sainchomhairleoireacht	64	25
<b>Costais chomhairleoireachta iomlána</b>	<b>212</b>	<b>44</b>
Costais dlí chaipitlithe	0	0
Costais chomhairleoireachta chaipitlithe	0	0
Costais chomhairleoireachta a ghearrtar ar ioncam agus caiteachas	212	44
	<b>212</b>	<b>44</b>

(i) Tagraíonn sé seo do chomhairle dlí ghinearálta. Níor tabhaíodh aon chaiteachas maidir leis an tréimhse thuairiscithe i dtaca le costais dlí, socruithe agus nósanna imeachta idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe.

## 5. Gníomhaíochtaí cumarsáide

	2021	2020
	€'000	€'000
Caidreamh Poiblí	115	85
Ócáidí Tionscail	61	50
Idirchaidreamh Tionscail	11	18
Foilseachán	197	216
	<b>384</b>	<b>369</b>

## 6. Sócmhainní seasta inláimhsithe

	Mótarfheithiclí	Crua-Earraí Oifige	Trealamh oifige	Troscán Oifige	Feabhsuithe Léasacha	Trealamh Eolaíochta	Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
<b>Costas:</b>							
Amhail an 1 Eanáir 2021	22	1,084	130	329	2,166	311	4,042
Breiseanna	0	184	15	0	0	0	199
Diúscairtí	0	0	0	0	(1)	0	(1)
	0	0	0	0	0	0	0
<b>Amhail an 31 Nollaig 2021</b>	<b>22</b>	<b>1,268</b>	<b>145</b>	<b>329</b>	<b>2,165</b>	<b>311</b>	<b>4,240</b>
<b>Dímheas Carntha</b>							
Amhail an 1 Eanáir 2021	14	926	99	202	1,280	310	2,831
Muirear don bhliain	7	164	14	47	325	1	558
Breiseanna ar na Diúscairtí	0	0	0	0	(1)	0	(1)
							<b>0</b>
<b>Amhail an 31 Nollaig 2021</b>	<b>21</b>	<b>1,090</b>	<b>113</b>	<b>249</b>	<b>1,604</b>	<b>311</b>	<b>3,388</b>
<b>Glanluach Leabhar</b>							
Amhail an 31 Nollaig 2021	1	178	32	80	561	0	852
<b>Amhail an 31 Nollaig 2021</b>	<b>8</b>	<b>158</b>	<b>31</b>	<b>127</b>	<b>886</b>	<b>1</b>	<b>1,211</b>



Cuimsítear sna sócmhainní thuas mótarfheithiclí, trealamh ríomhaireachta, trealamh oifige agus sócmhainní troscáin oifige, a bhaineann leis an tionscadal Albánach, a bhfuil Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ag fáil sochar air. Ba é costas bunaidh na sócmhainní sin €36,655 (2020: €36,655). Aistrefar na sócmhainní seo chuig macasamhail Albánach Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ag deireadh an tionscail. Féach nóta 14 le haghaidh tuilleadh eolais i dtaca leis an tionscadal.

**(a) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe**

	2021	2020
	€'000	€'000
1 Eanáir, Glanluach Oscailte de réir na Leabhar	74	95
Breiseanna ag Costas	25	45
Lúide Muirear Dímheasa don bhliain	(66)	(66)
<b>31 Nollaig, Glanluach Dúnta de réir na Leabhar</b>	<b>33</b>	<b>74</b>

Cuimsíonn sócmhainní seasta doláimhsithe ceadúnais bogearraí a dhíscríobhtar thar a saolré úsáideach.

## 7. Seirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil

	2021	2020
	€'000	€'000
Íocaíochtaí Sheirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil	8,090	6,923

Déantar íocaíocht le 25 Údarás Áitiúla do sholáthar seirbhísí tréidliachta, ar bhonn ráithiúil agus i riaráistí. Cuirtear maoiniú ar fáil tríd an Roinn Sláinte agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus cuimsítear é mar chuid den chinneadh bliantúil. Ní thagann an dualgas chun maoiniú a aistriú chuig Seirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil i bhfeidhm ach nuair a chuireann an Roinn Sláinte an maoiniú comhfhreagrach ar fáil.

## 8. An cuntas caipitil

	2021	2021	2020	2020
	€'000	€'000	€'000	€'000
Amhail an 1 Eanáir	0	1,285	0	1,672
Aistriú ó/(chuig) Ioncam agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe	0	0	0	0

Cistí leithrinnte chun Sócmhainní Seasta a ghnóthú	199	0	199	0
Cistithe trí oibríochtaí	0	0	0	0
Cistí leithdháilte chun Sócmhainní Doláimhsithe a fháil	25	0	45	0
An Méid a Eisíodh ar Dhiúscairt	0	0	(1)	0
An tsuim a amúchadh i gcomhréir le dímheas sócmhainní	(624)	(400)	(630)	(387)
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig</b>	<b>0</b>	<b>885</b>	<b>0</b>	<b>1,285</b>

## 9. Earraí Infhaighte

	2021	2020
	€'000	€'000
Réamhíocaíochtaí	661	594
Féichiúnaithe	0	0
	<b>661</b>	<b>594</b>

## 10. Suimeanna Iníochta

Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin.

	2021	2020
	€'000	€'000
Creidiúnaithe Trádála	363	126
Fabhruithe	279	187
Fabhrú Cíosá Iarchurtha *	974	1,035
Fabhruithe Párolla	223	189
Ioncam Albánach iarchurtha	773	1,542
Ioncam tionscadail iarchurtha	16	52
Creidiúnaí Cánach – CBL	10	9
Creidiúnaí Cánach – ÍMAT/ÁSPC	171	169
Creidiúnaí Cánach – CSG	46	33
	<b>2,855</b>	<b>3,342</b>

\* Faoi théarmaí an chomhaontaithe léasa bhí foráil ann maidir le tréimhse aon bhliain saor ó chíos, rud a tharla in 2018. Éilítear in FRS 102 go n-aithnítear an tréimhse saor ó chíos seo thar shaolré an léasa. Cuimsítear leis an bhFabhrú Cíosá Iarchurtha iarmhéid na tréimhse saor ó chíos, a aithneofar sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeáda sna blianta atá romhainn.

## 11. Léasanna Oibriúcháin

Chuir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann tús le léas 20 bliana don chéad urlár d'Fhoirgneamh an Exchange, Duga Sheoirse, Lárionad Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, Baile Átha Cliath 1 i nDeireadh Fómhair 2017. Tá an léas faoi réir athbhreithnithe cíosa gach 5 bliana agus cuimsítear leis bliain saor ó chíos ó 1 Eanáir 2018. Faoi réir FRS 102 eisítear dreasachtaí léasa thar shaolré an léasa. Is ionann costais bhliantúla na léasanna sin gan muirir sheirbhíse san áireamh agus €1,147,000.

Faoi 31 Nollaig 2020 bhí na híos-íocaíochtaí léasa amach anseo a leanas ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe:

	An Malartán
Dlíteanaís léasa dlíte	€'000
ag dul in éag laistigh de 1 bhliain	1,147
idir blianta 2 go 5	4,587
i ndiaidh 5 bliana	12,326

## 12. Trochlú

I 2017, bhog oifig an ÚSBÉ ó Chúirt na Mainistreach do dtí The Exchange. Ó bhog an ÚSBÉ go hoifig nua, bhí teagmháil acu leis an iarthiarna talún, chomh maith leis an OOP, maidir le táille trochlaigh a d'eascair as an iar-chomhaontú léasa a thabhairt chun críche. Tar éis dul i gcomhairle leis an OOO, luachálaí maoinne neamhspleách agus le cúnamh ó Oifig an Phríomh-Aturnae Stáitíocadh thart ar €358,000 leis an iar-thiarna talún. Aithníodh foráil do €150,000 roimhe seo sna ráitis airgeadais maidir leis an ábhar.

## 13. Leasanna na gComhaltaí Boird

Ghlac an Bord nósanna imeachta de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaca le nochtadh leasanna ag Comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin sa bhliain. Ní raibh aon idirbhearta ann i rith na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh leas tairbhiúil ar bith i gceist le Comhalta Boird.

## 14. Tionscadail Sheachtracha - Tionscadal na Sábháilteachta Bia, an Albáin

D'éirigh le cuibhreannas gníomhaireachtaí de chuid Rialtas na hÉireann agus a gcomhpháirtithe idirnáisiúnta tairiscint a chur isteach ar son dheontas €5 milliúin AE chun tacú leis an Albáin mar

iarrthóir ar aontachas leis an AE trína caighdeáin sábháilteachta bia, tréidliachta, agus sláinte phlanda a neartú.

Cumhdaítear sa tionscadal an tréimhse 14 Eanáir 2019 go 13 Eanáir 2022.

Tá an cuibhreannas faoi stiúir an ÚSBÉ agus cuimsítear leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Córais Bia Inbhuanaithe na hÉireann, Údarás Bia na Fionlainne, agus comhpháirtí Albánach, Réitigh Ghnó Chruthaithigh.

Fuair an ÚSBÉ maoiniú de €2.606 sna blianta roimhe seo chun an tionscnamh seo a chur i bhfeidhm. Ní bhfuarthas aon chaiteachas breise i 2021. Ba é an caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021 ná €1.833 milliún agus bhí iarmhéid de €773,000 idir lámha ag deireadh na bliana (nóta 10). Tá an caiteachas a tabhaíodh leagtha amach sa tábla thíos.

	2021	2020
	€'000	€'000
Luach saothair agus Costais Phá Eile	248	214
Taisteal tionscadail - náisiúnta	3	7
Taisteal tionscadail - idirnáisiúnta	5	11
Saintacaíocht Seachtrach Idirnáisiúnta	303	167
Cíos, rátaí, muirir sheirbhíse agus árachais	13	30
Ócáidí tionscail	44	0
Foilseachán	72	42
Dímheas sócmhainní tionscadail	11	11
Eile	70	17
<b>Tionscadal Albánach</b>	<b>769</b>	<b>499</b>

\* Is léiriú é Tacaíocht do Shaineolaithe Idirnáisiúnta ar ionchur pearsanra a bhfuil taithí acu ar dhisciplíní ábhartha a ghlac páirt i seachadadh rathúil an tionscadail Albánaigh. Cuimsítear leis seo réimsí amhail fíteashláintíocht, reachtaíocht shinsearach, saineolaithe tréidliachta agus forbartha eagrúcháin atá sainaitheanta ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann nó ag na comhpháirtithe cuibhreannais.

## 15. Tascfórsa Athfhoirmiú Bia.

I mí Dheireadh Fómhair 2021, shínigh an ÚSBÉ comhaontú leibhéal seirbhíse leis an Roinn Sláinte chun Tascfórsa um Athchóiriú Bia (TAB) a bhunú agus a oibriú, chun plean gníomhaíochta um athfhoirmiú bia a d'fhorbair an Grúpa Maoirseachta ar Chur i bhFeidhm Beartas Murtalla a bhfuil sé de chúram orthu seachadadh ar an mBeartas um Otracht a sheachadadh. Beartas agus Plean

Gníomhaíochta an Rialtais um Murtall 2016-2025. Beidh an TAB i bhfeidhm go dtí 31ú Nollaig 2025 agus táthar ag súil go mbeidh costas €2.06 milliúin air i gcaitheamh an tionscnaimh.

Tá an caiteachas a tabhaíodh le linn 2021 maidir leis an tionscadal, arna mhaoiniú ag an Roinn Sláinte, leagtha amach thíos:

	2021	2020
	€'000	€'000
Ceadúnú/tacar shonraí faisnéis bheathaithe	148	0

## 16 Imeachtaí i ndiaidh an dáta tuairiscithe.

Níl imeacht ar bith idir an dáta tuairiscithe agus dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais sin le heisiúint a éilíonn coigeartú ar na ráitis airgeadais.

Aithníonn an Bord gur imeacht suntasach é paidéim COVID-19 a tharla in 2020 agus a lean ar aghaidh linn 2021. Tá an Bord dáríre faoin gcás seo agus tá sé ag déanamh monatóireacht ar an gcás, i gcomhar leis an lucht bainistíochta, ar bhonn leanúnach. Tá an ghnólacht i mbun gnó fós agus bearta i bhfeidhm chun an fhoireann a chosaint. Tá an fhoireann ag obair ó chian agus tá seirbhísí á gcur ar fáil fós. Go dtí seo, táthar in ann oibríochtaí agus formhór ghníomhaíochtaí an eintitis a chothabháil ach modh difriúil i bhfeidhm chun an ghnólacht a sheachadadh. In 2022 cuirfidh an gnó samhail oibre hibrídeach i bhfeidhm chun na buntáistí a bhaineann le cianobair a uasmhéadú agus a chuspóirí gnó á mbaint amach aige.

De bharr go bhfuil Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann á mhaoiniú le hairgead ón Stáitchiste, tríd an Roinn Sláinte, measann an Bord gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

## 17. Staid airgeadais

Léiríonn feidhmíocht airgeadais an ÚSBÉ in 2021 barrachas de €1,232,000 tar éis leithreasáí, rud a léiríonn glan-insreabhadh airgid de €903,000 ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin. Tháinig an méadú seo ar mhaoiniú coinnithe chun cinn in 2021 mar gheall ar laghdú ar an gcaiteachas a rabhthas ag súil leis, go déanach i Ráithe 4, a tharla tar éis tharraingt anuas deiridh leithdháileadh bliantúil an ÚSBÉ. Tá plé ar siúl idir an ÚSBÉ agus an Roinn Sláinte ar conas an úsáid is fearr a bhaint as an maoiniú seo atá ar fáil chun an toradh don Stáitchiste a uasmhéadú le linn 2022.

## 18. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar 21 Meitheamh 2022.



**Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann**

The Exchange, Duga Sheoirse, IFSC  
Baile Átha Cliath 1, D01 P2V6

. +353 1 817 1300  
. [info@fsai.ie](mailto:info@fsai.ie)



Bí linn ar LinkedIn



Lean sinn ar Twitter @FSAInfo



Abair haigh ar Facebook



Tabhair cuairt orainn ar Instagram



Cláraigh dár gcainéal YouTube

[www.fsai.ie](http://www.fsai.ie)